Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

An Séú Tuarascáil Bhliantúil 2009/2010

Arna cur faoi bhráid

an Aire Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Samhain 2010

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas as ucht a gcuid tacaíochta maidir le forbairt agus le cur i bhfeidhm leanúnach an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl:

- An fhoireann ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil as maoiniú ón gCiste Comhshaoil a sholáthar agus as ucht a cuid tacaíochta agus comhairle leanúnaí;
- Baill uile an Choiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a roinn go fial orainn a gcuid ama agus a gcuid eolais i gcoitinne maidir leis an gclár;
- Bord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) as spreagadh agus tacaíocht leanúnach a sholáthar;
- Na daoine atá ina mbaill den Chroífhoireann Coiscthe nó a bhí ina mbaill de le déanaí: Andy Fanning, Jonathan Derham, Caitríona Collins, Fiona McCoole, Martin Doyle, Odile Le Bolloch, Isabelle Kurz, Keiron Phillips, Jane Kenneally, John Breen, Michael McDonagh, Celine Horner, Brian Quirke, Tara Higgins, Helen Searson, Eimear O'Reilly, Anne Bridget Kenna, Peter Travers agus Marian Lambert as a ngairmiúlacht thiomanta mar chabhair chun na tionscadail fhadréimseacha um chosc agus na tionscadail ghaolmhara chomhlíonta ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil seo a cheapadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Na comhairleoirí ar thug an GCC fostaíocht agus meantóireacht dóibh chun cuid mhór de na tionscadail a chur chun cinn;
- Gach páirtí leasmhar eile, gach eagraíocht agus gach duine a chabhraigh ar bhealach amháin nó ar bhealach eile leis an tionscnamh náisiúnta tábhachtach seo.

Gabhaim buíochas ó chroí leis na daoine thuasluaite ar fad.

Gerry Byrne, BA (Mod), PhD, MBA.

(Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl)

ISBN: 978-1-84095-377-0 11/10/260

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2010

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar freagracht ar bith as caillteanas nó as damáiste ar bith a tharla, nó a mhaítear a tharla, mar thoradh, i bpáirt, nó go hiomlán, ar ghníomh a rinne duine ar bith, nó a d'fhág duine ar bith gan déanamh de dheasca ábhar an fhoilseacháin seo. Is féidir an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, ar an gcoinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Clár an Ábhair

Uimh. Leathanaigh

Buíochas …….. ii

1. Réamhrá ……...… 1

2. Forbhreathnú ar Chosc Dramhaíola ……. 5

3. An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl: Tionscadail um Chosc ……..…….. 10

4. Dramhaíl Ghuaiseach a Chosc agus a Bhainistiú …….…… 34

5. Forfheidhmiú Táirgí Rialaithe agus Comhlíonadh Gníomhaíochtaí Sceidealaithe... 37

6. Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir a Fhorfheidhmiú ….……. 46

7. Conclúidí ……..……... 52

Aguisín A – Ionadaithe an Choiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl ……..…… 54

Aguisín B – Téarmaí Tagartha an Choiste …….……...…….. 55

Aguisín C – Creat-Treoir Dramhaíola Iarscríbhinn IV:
Samplaí de Bhearta Coiscthe Dramhaíola …… 56

Aguisín D – Acmhainní Idirlín um Chosc agus Threoir …….…… 60

1. Réamhrá

Meastar anois i gcoitinne gurb é an t-athrú aeráide is mó a chuirfidh leas eacnamaíoch, sábháilteacht fhisiceach agus slándáil fhadtéarmach na sochaí daonna i mbaol. Baineann mórchuid den díospóireacht maidir le bearta seachanta agus maolaithe le hastú carbóin a thagann ó gach gné de shaol an lae inniu, fuinneamh, iompar, tomhaltas agus táirgeadh san áireamh. Moltar an Éifeachtúlacht Acmhainne sa Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl mar rud a chuireann go mór le cur chun cinn na hinbhuanaitheachta, sa chás ina shainmhínítear í mar cur amú fuinnimh, uisce nó acmhainní ábhartha a sheachaint (go háirithe mura mbíonn na hacmhainní sin in-athnuaite). Tá naisc thábhachtacha ann freisin idir na cláir oibre um Athrú Aeráide agus Éifeachtúlacht Acmhainne agus mórán de na beartais chomhshaoil eile ag an AE, mar shampla, Tomhaltas agus Táirgiúlacht Inbhuanaithe agus Beartas Comhtháite Táirgí. Taobh istigh de bheartais AE agus náisiúnta i dtaobh na dramhaíola, tá Cosc Dramhaíola ar barr an liosta agus san ionad is fearr in ordlathas na bhfreagraí sóisialta agus nasctar go díreach é le hÉifeachtúlacht Acmhainne. Is é an dúshlán ná féachaint chuige gur bearta dúshlánacha iad na bearta a dhéantar faoi gach ceann de na cláir oibre dhifriúla go léir agus go soláthraíonn siad sineirgí, ní conspóidí, chun todhchaí níos inbhuanaithe a bhaint amach do chách. Is rud dúshlánach é seo go háirithe in aimsir géarchéime geilleagraí.

Ghlac an AE leis an gCreat-Treoir Dramhaíola nua sa bhliain 2008 agus caithfidh na Ballstáit í a thrasuí sa dlí náisiúnta faoi dheireadh na bliana 2010. Deirtear sa Treoir go gcaithfear na cláir náisiúnta um chosc ar dhramhaíl a ullmhú i slí a bhrisfidh an nasc idir an fás geilleagrach agus giniúint na dramhaíola. Tá an cuspóir sin ag teacht le Straitéisí Téamúla an AE, Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní agus Cosc agus Athchúrsáil Dramhaíola san áireamh. Seo iad dá straitéis théamacha as na seacht gcinn a forbraíodh faoin 6ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil ag an AE. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na straitéisí sin faoi láthair agus baineann sé le dealramh go gcuirfear béim níos mó ar an mbainistíocht inbhuanaithe ábhar (BIA). Is é an sainmhíniú a thugtar ar an téarma seo ag an ECFE ná cur chuige chun an úsáid inbhuanaithe ábhar a chur chun cinn, a dhéanann gníomhaíochtaí a chomhtháthú a bhfuil mar chuspóir acu tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a laghdú agus caipiteal nádúrtha a chaomhnú i rith shaolré na n-ábhar, agus é sin a dhéanamh agus an éifeachtúlacht gheilleagrach agus cothromas sóisialta á gcur san áireamh. Tá Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar an mBeartas Dramhaíola in Éirinn ar tí a bheith críochnaithe. Foilsíodh 'Dréacht-Ráiteas ar an mBeartas Dramhaíola – Lena Chomhairliú' maidir leis seo le déanaí.

Tugadh tiomantas den chéad uair maidir le Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (CNCD) i ndoiciméad beartais an Rialtais "Dramhaíl a Chosc agus a Athchúrsáil - Athrú a Sheachadadh", a foilsíodh sa bhliain 2002. Sa bhliain 2004, ainmníodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) chun an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl nua a cheapadh, a fhorbairt agus a stiúradh. Tá Croífhoireann Coiscthe, a ceapadh as lucht foirne le taithí a bhí ag obair i réimse na bainistíochta dramhaíola san GCC cheana féin, ag obair ó shin i leith ar réimse leathan tionscadal a bhaineann le cosc dramhaíola agus le freagracht táirgeoirí, rud ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil seo. Tá an Chroífhoireann Coiscthe freagrach, chomh maith, as obair chomhlántach a dhéanamh ar na Tuarascálacha Náisiúnta bliantúla ar an Dramhaíl agus as monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm, ar athbhreithniú agus ar Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil an Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach. Go nuige seo, táthar tar éis beagnach €16 mhilliún a chaitheamh ar na

tionscadail ar fad ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil seo nó a chur in áirithe dóibh. Tiomnaítear sa dréacht-ráiteas beartais dramhaíola nua d'acmhainní a chur ar fáil go leanúnach don CNCD.

Tá maoirseacht á déanamh fós ag Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, a cheap an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ar fhorbairt straitéiseach agus ar chur i bhfeidhm an chláir. Tá sé faoi chathaoirleacht an GCC agus tá réimse leathan páirtithe leasmhara ina mbaill de, a bhaineann le tionsclaíocht, le talmhaíocht, le húdaráis áitiúla, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le Ranna Rialtais (féach Aguisín A). Leagadh síos Téarmaí Tagartha i gcomhair an choiste (féach Aguisín B). Soláthraíonn baill an choiste ionchur tábhachtach straitéiseach do phríomhchruinnithe an Choiste. Ina theannta sin, is mór an chabhair iad baill an choiste maidir leis na Grúpaí um Roghnú Tairiscintí agus na Grúpaí Comhairleacha Tionscadail do chuid mhaith de na tionscadail CNCD. Tá Clár Oibre agus Miontuairiscí na 15 chruinniú Coiste a tionóladh go nuige seo le fáil ar leathanaigh gréasáin an CNCD (féach www.nwpp.ie).

Ag cur le hobair an CNCD, ba chóir a thabhairt faoi deara go gcuirtear na Teicnící Infhaighte is Fearr (TIF) i bhfeidhm agus an GCC i mbun a cuid oibre i dtaca le Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (CRCT) agus le ceadúnú agus le forfheidhmiú áiseanna dramhaíola. Cuireann sé seo go mór le maolú ar astaíochtaí agus le laghdú ar dhramhaíl sna céadta d'áiseanna mórscála atá faoi rialú na gcóras ceadúnaithe agus forfheidhmithe sin. Ina theannta sin, déantar clár taighde an GCC, STRIVE (ERTDI roimhe seo), a chuirtear ar siúl fós, agus a chuimsíonn na cláir Táirgeadh Níos Glaine, Níos Glaise agus Teicneolaíochtaí Comhshaoil, a chomhmhaoiniú anois ag an CNCD chun cleachtais inbhuanaithe ghnó a chur chun cinn de bhreis. Ar an gcuma chéanna, tá cláir dreasachta ag eagraíochtaí eile, Fiontraíocht Éireann agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann san áireamh, chun cabhrú le daoine aonair, le heagraíochtaí agus le gnólachtaí araon feabhas a chur ar inbhuanaitheacht a gcuid gníomhaíochtaí.

Bíonn CNCD ag iarraidh cur le rath na dtionscnamh reatha nó na dtionscnamh a bhí ann roimhe seo agus í mar aidhm acu an éifeachtúlacht acmhainne agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha ar fad a chur chun cinn. Is é is cuspóir don obair sin, mar a leagtar síos sa bheartas ná clár uaillmhianach bunaithe ar dhóthain acmhainní a bhunú chun torthaí fiúntacha a bhaint amach maidir le dramhaíl a chosc agus a laghdú chomh mór agus is féidir in eachtraí as a n-eascraíonn dramhaíl ghuaiseach agus neamhghuaiseach. Sna dálaí geilleagracha an-dúshlánacha atá ann i láthair na huaire, ba chóir don chosc ar dhramhaíl costais a laghdú, an t-iomaíochas a fheabhsú agus an nuálaíocht agus glacadh próiseas agus táirgí níos glaine a spreagadh. I bhfocail eile, cuireann an cosc ar dhramhaíl go mór le geilleagar cliste níos glaine agus níos glaise a fhorbairt in Éirinn.

Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn a rinneadh sna blianta 2009/2010 ar rogha leathan de thionscadail chomhtháite, tionscadail inar díríodh ar chosc dramhaíola sa séú bliain den chlár. Tá teagmhálacha á ndéanamh go leanúnach ar bhonn forleathan leis na heagraíochtaí leasmhara ar fad a bhaineann le hábhar (ar ionadaithe iad de gach earnáil den sochaí), d'fhonn foghlaim agus taithí a roinnt i bpáirt agus chun go mbeidís rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm tionscadal praiticiúil maidir le cosc dramhaíola/éifeachtúlacht acmhainní, mar is iomchuí (Léaráid 1).

Léaráid 1 – Príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú:

- Rinneadh Líonra um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla (LCÚÁ) a bhunú go daingean, atá ina líonra náisiúnta, chun go bhféadfaí tionscadail um chosc a chur i bhfeidhm go háitiúil trasna na tíre. Tionóladh Comhdháil náisiúnta rathúil LCÚA chun béim a chur ar na nithe a baineadh amach faoin gclár;
- Tá fás mór tagtha ar thionscadail an Chláir um Fháilteachas Glas agus faigheann siad tacaíocht anois ó gach páirtí leasmhar. Díríodh ar an dramhbhia trí mhórchuid mórghnólachtaí lónadóireachta a earcú agus trí threoirleabhar nua a scaipeadh go forleathan maidir le dramhbhia thráchtáil a chosc;
- Rinneadh dul chun cinn breise maidir le cur i bhfeidhm an Tionscnaimh um Ghnó Glas chun spreagadh a thabhairt do dhaoine úsáid a bhaint go forleathan as na huirlisí Idirlín don Éifeachtúlacht Acmhainne/Iniúchadh Dramhaíola agus Uisce, agus as na measúnuithe ar an láthair atá saor in aisce;
- Leantar ar aghaidh leis an tionscadal coiscthe um Chúram Sláinte Glas agus thaispeáin suas le 20 ospidéal a bhí á mbainistiú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó go Príobháideach go mbeidís ábalta coigiltí suntasacha costais a bhaint amach agus an dramhaíl chliniciúil agus an dramhbhia a chosc/íoslaghdú;
- Lean an fhoireann agus Repak ar aghaidh ag obair as lámha a chéile chun Clár um Chosc ar Dhramhaíl Pacáistíochta a chur i bhfeidhm;
- Leanadh ar aghaidh leis an Oiliúint Chreidiúnaithe um Chosc Dramhaíola do ghnólachtaí agus d'údaráis áitiúla a chur chun cinn;
- Cuirtear tús le tionscadal coiscthe um earnáil Mhiondíola Ghlas i gcomhair leis an nGrúpa Musgraves a dhéanann bainistíocht ar na sraitheanna ollmhargaí Centra agus Supervalu;
- Tá céimeanna breise den chlár um Theaghlaigh Glasa á gcúr i gcrích go leanúnach ag An Taisce. Tá tionscnamh um Chomhphobal Glas á fhorbairt faoi láthair freisin;

- Scaiptear go forleathan na torthaí ón tionscadal Cosc ar Dhramhbhia/Múiríniú sa Bhaile (cuirstopleisandramhbhia) d'fhonn tacú le húdaráis áitiúla atá ag iarraidh an méid dramhaíola in-bhithmhillte teaghlaigh a bhailítear a laghdú;
- Cuirtear an Athúsáid agus Ullmhú i gcomhair na hAthúsáide chun cinn trí thacaíocht a thabhairt do Líonra Athúsáide Pobail náisiúnta atá bunaithe i Lárionad Athaimsithe Bhaile Munna;
- Leantar ar aghaidh le réimse tionscadal chun cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a chur chun cinn, lena n-áirítear cosc ar dhramhaíl, bailiú agus cóireáil dírithe ar earnálacha áirithe. Tá tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm á hullmhú faoi láthair;
- Tá ullmhúcháin á ndéanamh do rannpháirtíocht na hÉireann sa 2ú Sheachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola ón 20-28 Samhain, 2010;
- Tá obair mhór déanta maidir le substaintí díobhálacha a bhainistiú trí reachtaíocht a chur i bhfeidhm maidir le Défheinilí Pholaclóirínithe (PCBanna), le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (POPanna), le gáis Cheaptha Teasa Fhluairínithe (F-gháis) agus le Substaintí Ídithe Ózóin (ODSanna);
- Tá obair mhór faireachais déanta ar shubstaintí guaiseacha i dtáirgí trí Rialacháin éagsúla maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha a chur i bhfeidhm (RoHS do threalamh leictreach/leictreonach, do Cheallraí, do Phacáistíocht agus do Phéinteanna maisiúla). Cuimsítear ceanglais reachtúla éicidheartha sna rialacháin sin go léir. Tugadh tacaíocht do na húdaráis áitiúla chun na Rialacháin maidir le Tuaslagóirí a chur i bhfeidhm, chomh maith le forálacha Athbhailchríochnaithe Feithiclí na Rialachán maidir le Péinteanna maisiúla;
- Rinneadh dul chun cinn leanúnach maidir le líon áirithe Tionscnamh um Fhreagracht Táirgeora (Athchúrsáil), lena n-áirítear forfheidhmiú na Rialachán um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) agus na gCeallraí;
- Foilsíodh Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl 2008 agus cuireadh taighde forleathan i gcrích maidir le staitisticí dramhaíola don tuarascáil 2009;
- Soláthraíodh tacaíocht fhorleathan chun Treoirlínte an GCC maidir le Réamhchóireáil Líontaí Talún a chur i bhfeidhm. Cabhróidh sé sin leis an iarracht náisiúnta chun na hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Líonadh Talún i ndáil le dramhaíl in-bhithmhillte cathartha a chomhlíonadh.

Tugtar aird leanúnach mar chuid de gach tionscadal um chosc ní amháin ar acmhainní ábhartha a chaomhnú, ach freisin ar chaomhnú uisce agus fuinnimh. Ar an dóigh sin, cabhraíonn an clár go mór le cláir oibre an Chreata Uisce agus an Athraithe Aeráide. Tugtar aird ar leith mar chuid de thionscadail ábhartha ar a riachtanaí agus a phrannaí is atá sé dramhaíl in-bhithmhillte a chosc nó a atreorú ón líonadh talún (de réir mar a dhéantar foráil ina leith sa *Straitéis Náisiúnta um Dhramhaíl In-bhithmhillte 2006*) agus ar shaincheisteanna a bhaineann le dramhaíl ghuaiseach.

Foilsíodh *Plean Coiscthe 2009-2012* i dtús na bliana 2009 tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Rinneadh machnamh ar cheanglais na Creat-Treorach Uisce nua agus an plean seo á fhorbairt (féach Aguisín C). Táthar ag súil leis go dtiocfaidh torthaí tábhachtacha as na tionscadail sin um chosc dramhaíola sna blianta atá romhainn, in éineacht le tionscnaimh chomhtháite náisiúnta agus réigiúnacha eile maidir le bainistíocht dramhaíola a eascraíonn ón Athbhreithniú Idirnáisiúnta. Ní mór acmhainní cuí a bheith curtha ar fáil agus go dtabharfadh páirtithe leasmhara ábhartha sa tsochaí freagra dearfach ar na dúshláin um chosc atá rompu. Leanfaidh an Chroífhoireann Coiscthe dá cuid oibre a dhéanamh i gcomhar leis na himreoirí ábhartha ar fad, d'fhonn forbairt leanúnach a dhéanamh ar chumas daoine maidir le cosc dramhaíola agus le héifeachtúlacht acmhainne i sochaí na hÉireann. Bainfidh tionchar dearfach geilleagrach leis seo agus dian-iarracht á déanamh ag Éirinn sochaí níos inbhuanaithe a bhunú agus deireadh ag teacht leis an gcor chun donais reatha.

2. Forbhreathnú ar Chosc Dramhaíola

An Chreat-Treoir Dramhaíola nua

Foilsíodh Treoir nua de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le Dramhaíl sa bhliain 2008 (2008/98/CE). Caithfear an Treoir a thrasuí i reachtaíocht na hÉireann faoi mhí na Nollag 2010 agus tiocfaidh na ceanglais maidir le cláir um chosc i bhfeidhm sa bhliain 2013. Deirtear sa doiciméad sin go gcaithfidh na Ballstáit cláir náisiúnta um chosc ar dhramhaíl a bhunú ina leagtar síos cuspóirí agus bearta iomchuí. Díreofar iontu sin ar an nasc a bhriseadh idir an fás geilleagrach agus na tionchair a mbíonn ag an dramhaíl a ghintear ar an gcomhshaol. Socrófar sa chlár sin tagarmharcanna, spriocanna agus táscairí sonraithe iomchuí maidir le cáilíocht agus méid, mar bhearta um chosc dramhaíola. Tá spriocanna agus táscairí sonraithe fós le comhaontú ar leibhéal an AE, áfach, agus an doiciméad seo á scríobh. Tá na cúrsaí sin á meas ag Coiste Oiriúnaithe Theicniúil an AE faoi láthair. Ta an Chroífhoireann Coiscthe ag soláthar ionchur i dtaobh na ceiste sin agus fuair sí cuireadh ón gCoimisiún Eorpach chun a taithí maidir le CNCD a chur i láthair dó i mí Dheireadh Fómhair 2009. Úsáidtear an t-ionchur sin chun cabhrú le treoirlínte AE a leagadh amach do na Ballstáit ar fad maidir le cláir náisiúnta um chosc ar dhramhaíl a fhorbairt, mar a éilítear faoin Treoir nua.

Tá na sainmhínithe seo a leanas sa Treoir nua (a chuireann an t-údar seo béim orthu go háirithe):

> Ciallaíonn “cosc” na bearta a ghlactar *sula* ndéantar dramhaíl de shubstaint, d'ábhar nó de tháirge, a laghdaíonn:
>
> a. méid na dramhaíola, trí athúsáid a bhaint as táirgí nó trí chur lena saolré san áireamh;
>
> b. drochthionchair na dramhaíola ginte ar an gcomhshaol agus ar shláinte daoine; nó
>
> c. a mbíonn de shubstaintí díobhálacha in ábhair agus i dtáirgí.
>
> Ciallaíonn “athúsáid” oibríocht ar bith faoina mbaintear athúsáid as táirgí nó as comhpháirteanna *nach dramhaíl iad* chun na críche *céanna* dár ceapadh iad.
>
> Ciallaíonn "ag ullmhú i gcomhair athúsáide” na hoibríochtaí aisghabhála, scrúdaithe, glantacháin nó deisiúcháin a úsáidtear chun táirgí nó comhpháirteanna *a ndearnadh dramhaíl díobh* a ullmhú ionas go n-athúsáidfear iad gan réamhphróiseáil eile ar bith”.

Tugtar sainmhíniú freisin ar Fho-tháirgí, rud a chuireann leis an gcinnteacht sa réimse seo agus, de réir coinníollacha áirithe, a ligeann do na hábhair thánaisteacha a eascraíonn ó phróiseas táirgthe gan a bheith sonraithe mar dhramhaíl. Ina theannta sin, aithnítear critéir agus nósanna imeachta um Chríoch dramhaíola trína scoirfidh ábhair dramhaíola a rinneadh oibríochtaí aisghabhála/athchúrsála orthu de bheith ina ndramhaíl.

Soláthraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir samplaí de cad is bearta um chosc dramhaíola ann. Cuimsíonn siad sin bearta pleanála, taighde um próisis/tháirgí níos glaine agus táscairí um brú comhshaoil bainteach le dramhaíl a ghineadh. Moltar éicidhearadh, eolas

a sholáthar maidir le cosc ar dhramhaíl/leis na teicnící infhaighte tionsclaíochta is fearr agus ceanglais um chosc ar dhramhaíl a chur isteach i gceadúnais CRCT. Ní mór machnamh a dhéanamh ar mheasúnaithe dramhaíola agus ar phleananna coiscthe i gcomhair ionad neamh-CRCT, ar bhearta feasachta/tacaíochta maidir le gnó, ar chomhaontuithe earnála agus ar chórais um bainistiú comhshaoil. Liostaítear, chomh maith, ionstraimí geilleagracha, éicilipéid agus feasacht phoiblí, cláir ghlasa um sholáthar agus deisiú/athúsáid nithe a chur chun cinn. Liostaítear na samplaí ó Iarscríbhinn IV in éineacht le roinnt beart CNCD agus náisiúnta eile a glacadh go nuige seo in Iarscríbhinn C.

Táthar ag súil leis go dtiocfaidh mórchuid sineirgí úsáideacha idirnáisiúnta as an gcomhoibriú sa todhchaí idir na Ballstáit, Ballstáit ag a bhfuil a gcláir náisiúnta um chosc ar dhramhaíl faoi seach acu. Meastar go dtarlóidh sé sin, go háirithe, maidir le dramhaíl pacáistíochta agus le dramhaíl táirgí, atá ina nithe trasnáisiúnta de réir a nádúir toisc go bhfuil ag méadú ar domhandú gheilleagar an domhain.

Athbhreithnithe Idirnáisiúnta ar Bheartas Dramhaíola

Sa Chlár don Rialtas 2007 agus sa Chlár Athnuaite 2009, tugadh gealltanas go ndéanfaí Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar phleananna, ar chleachtais agus ar nósanna imeachta um bainistiú dramhaíola, cosc ar dhramhaíl san áireamh. Déantar é sin chun spriocanna uaillmhianacha nua maidir le bainistiú dramhaíola a leagadh síos chun leibhéil uasta a bhaint amach maidir le cosc, le hathúsáid, le hathchúrsáil agus le cóireáil dramhaíola nua-aimseartha. Cinnteoidh sé sin go mbainfimid an leibhéal céanna feidhmíochta is fearr amach is a bhaintear amach san AE ó thaobh na hathchúrsála de agus é mar chuspóir againn nach gcuirfear ach 10% nó níos lú fós de dhramhaíl isteach i líonadh talún. Ina theannta sin, tugtar gealltanas maidir leis an *Straitéis Náisiúnta um Dhramhaíl In-Bhithmhillte* a chur i bhfeidhm, ina moltar dramhaíl in-bhithmhillte a chur ar atreo ó líontaí talún ar na bealaí seo a leanas: cosc, scagadh ag an bhfoinse agus athchúrsáil ábhar trí chóireáil bhitheolaíoch. Tugadh gealltanas, chomh maith, maidir le córas bailithe dramhaíola guaisí teaghlaigh a thabhairt isteach sna hionaid athchúrsála ar fad dá n-oireann. Féachtar sa Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, a chuimsíonn an *Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach*, le cabhrú le cuid mhór de na cuspóirí sin a bhaint amach.



I mí Iúil 2010, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil *Dréacht-Ráiteas ar an mBeartas Dramhaíola – Lena Chomhairliú.* Roimhe sin, foilsíodh tuarascáil na gcomhairleoirí don Athbhreithniú Idirnáisiúnta i mí na Samhna 2009. Deirtear sa ráiteas comhairliúcháin: *"Tá Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl cuimsitheach i bhfeidhm ó 2005 i leith agus aithníodh é mar shamhail do chláir den sórt seo - cuimsíodh an Tionscnamh um Ghó Glas aige i mBileoga Eolais Dea-Chleachtais de chuid Choimisiún an AE maidir le cosc ar dhramhaíl. Leanfaidh an clár seo ag cur go mór le cleachtais um chosc agus íoslaghdú dramhaíola a fhorbairt, agus bearta comhlántacha mar thaca leo, úsáid ionstraimí geilleagracha cuí san áireamh. Go háirithe, tugtar tosaíocht don dhramhbhia a laghdú chun cur le laghdú suntasach a bhaint amach maidir leis an méid ábhar den sórt sin a chuirtear i líonadh talún".* Tugtar faoi deara sa ráiteas beartais gur gá béim níos mó a chur ar athúsáid, go háirithe maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach agus le dramhaíl Tógála agus Scartála.

Caithfear cinntí beartais a dhéanamh go tapa d'fhonn cinnteacht a sholáthar don mhargadh dramhaíola. Beifear ábalta infheistíochtaí, áiseanna agus socruithe cuí um bainistiú dramhaíola a chur ar fáil go tráthúil de thoradh ar seo.

D'fhoilsigh an ECFE Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Comhshaoil na hÉireann sa bhliain 2010 agus tugadh ráiteas an-dearfach ann ar obair an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar fud an AE ag ADEME, a threoraigh an tionscadal AE/Life 'Seachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola', ar an dea-chleachtas sa chosc ar dhramhaíl. Rannchuideoidh Éire go mór leis an staidéar seo bunaithe ar a taithí maidir leis an gcosc go nuige seo.

Comhpháirtithe um chosc ag plé lena chéile ag imeacht le déanaí de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní, Tomhaltas agus Dramhaíl

Mar chuid den chlár cumarsáide aici, chuir an Chroífhoireann Coiscthe caibidil le chéile as Tuarascáil 2008 an GCC faoi Staid an Chomhshaoil, caibidil dar teideal "Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní, Tomhaltas agus Dramhaíl". Tá forbhreathnú straitéiseach geilleagrach sa chaibidil sin maidir le héifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní in Éirinn. Cuireadh an tráchtas sin i láthair ag Comhdháil an GCC i mí na Samhna 2008. Tá an léiriú le feiceáil mar fhíseán ar www.nwpp.ie.

Aithnítear san fhoilseachán seo go bhfuil slabhra shaolré an táirge nó na seirbhíse sin, idir éastóscadh, tháirgeadh, thomhaltas agus dhramhaíl ar fad ag cur le hastaíochtaí chuig agus le tionchar ar an gcomhshaol aiceanta (Léaráid 2). Bunaithe ar anailís saolré, ar na hearnálacha a bhfuil an tionchar is mó acu ar an gcomhshaol tá soláthar fuinnimh agus uisce, iompar, mianadóireacht agus tógáil, chomh maith leis an talmhaíocht. Meastar tábhacht ar leith a bheith bainteach le tomhaltas teaghlaigh, toisc go mbíonn na milliúin custaiméir in aghaidh an lae ag glacadh cinntí maidir le cineál agus le méid na dtáirgí agus na seirbhísí difriúla a úsáidfidh siad. Caitheamh bia agus dí, tithíocht, táirgí a úsáideann fuinneamh, taisteal pearsanta agus soghluaiseacht phearsanta, chomh maith leis an turasóireacht, bíonn tionchar acu, atá ag dul i méid i gcónaí, ar an gcomhshaol. I gcoitinne, tá gineadh dramhaíola agus úsáid acmhainní ag leibhéil arda neamh-inbhuanaithe in Éirinn, ó tháinig fás orthu leis an bhfás ar an ngeilleagar agus ar an daonra. Go deimhin, tá anailís lorg coise éiceolaíochta GCC/STRIVE tar éis a chruthú gur trí dhomhan a bheadh ag teastáil anois, dá gcaithfeadh gach duine sa domhan oireadh acmhainní is a chaitheann duine amháin a chónaíonn in Éirinn, chun tacú leis an tomhaltas reatha domhanda acmhainní! Táthar ag súil leis go dtiocfaidh laghdú ar an tomhaltas agus ar mhéid na dramhaíola de dheasca an choir chun donais eacnamaíoch thromchúisigh le déanaí, ach in ainneoin é sin, ní mór an nasc idir an fás, an gineadh dramhaíola agus an tionchar ar an gcomhshaol a bhriseadh.

Is fearr dramhaíl a chosc, seachas a bhainistiú, agus tá an cosc ar barr ordlathas dramhaíola an AE. Trí úsáid acmhainní a laghdú, tiocfaidh laghdú ar ghineadh dramhaíola, ar úsáid fuinnimh/uisce, ar thionchair iompair agus ar na tionchair réamhtheachtacha agus iartheachtacha go léir ar an gcomhshaol. Is gnách go n-éiríonn le cosc trí éileamh i gcoitinne ar earraí agus ar sheirbhísí a laghdú; nó, trí níos lú acmhainní agus ábhar a úsáid, nó ar a

laghad, acmhainní nó ábhair nach bhfuil chomh díobhálach sin a úsáid chun freastal ar riachtanais réasúnta daoine. Gné eile den chosc is ea féachaint le gearradh siar ar astaíochtaí, ar shubstaintí díobhálacha i sruthanna ábhair agus ina scaipeadh, agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht acmhainne ar feadh shaolré táirge nó seirbhíse (Léaráid 2). Dá bhrí sin, ba chóir don chosc díriú ar íoslaghdú agus ar chóireáil dramhaíola guaisí.



Léaráid 2 – *An Geilleagar mar fhochuideachta ar lánúinéireacht ag an gComhshaol Aiceanta*: Idirghníomhú idir réimse an Gheilleagair agus réimse an Chomhshaoil. Slabhra saolré ó Eastóscadh trí Tháirgeadh go Tomhaltas agus Dramhaíl (Foinse: An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, 2007). N.B. Acmhainn fhíorluachmhar eile a sholáthraíonn an dúlra is ea uisce glan, rud nach mór meas mór a bheith air agus é a chosaint trí Éifeachtúlacht Acmhainne a fheabhsú ar fud na sochaí.

Ní féidir nach nginfear níos mó dramhaíola amach anseo, toisc níos mó acmhainní a bheith in úsáid sa gheilleagar anois. Cuireann cuid de na hacmhainní a chaitear sa gheilleagar leis an soláthar bunábhar (tithe, bóithre, bonneagar srl). Ach is dramhaíl atá i ndán do gach ábhar a úsáidtear, beagnach, is cuma an dtarlaíonn sé seo laistigh de roinnt laethanta (m.sh. pacáistíocht bia), blianta (m.sh. trealamh leictreach) nó deichbhlianta (m.sh. athchóiriú foirgneamh, athfhorbairt láithreán athfhorbraíochta) de thomhaltas.

Breathnaítear ar an gcosc a chleachtadh mar rud atá ina dhúshlán ar leith mar, ach oireadh le hAthrú Aeráide, is athruithe suntasacha ar iompar daoine agus ar iompar na sochaí atá ag teastáil, gan mórán de shochair shuntasacha phearsanta agus láithreacha ag baint leo, ach amháin roinnt coigiltí costais, b'fhéidir. Is dúshlán leanúnach é do pháirtithe leasmhara uile na sochaí, cláir maidir le cosc ar dhramhaíl a chur i bhfeidhm, mar aon le freagracht táirgeora, beartas comhtháite táirgí agus tomhaltas agus táirgiúlacht inbhuanaithe i ngeilleagar oscailte saoriomaíochta, ina bhfuil méadú ag teacht ar an iomaíocht agus ar an domhandú. Tá sé seo fíor go háirithe le linn an choir chun donais reatha thromchúisigh.

Plean Coiscthe 2009-2012

Bunaithe ar an taithí a baineadh amach agus an CNCD á chur i bhfeidhm ó 2004 i leith, foilsíodh *Plean Coiscthe 2009 –2012* nua tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Féachtar sa phlean imlíne seo leis na ceanglais faoin gCreat-Treoir Dramhaíola nua a chur san áireamh, mar atá luaite thuas. Tá sliocht as an bplean sin istigh leis seo, ina bhfuil liosta de cheanglais na Treorach chomh maith le nóta maidir leis an ngné sin den phlean nua coiscthe a fhreagraíonn dóibh (féach Aguisín C). Is é atá sa phlean ná creat solúbtha nó léiriú intinne don chlár coiscthe, ach amháin dóthain acmhainní a bheith ar fáil chuige sin agus páirtithe leasmhara a bheith sásta páirt dhearfach a ghlacadh sna tionscadail a bhaineann le cosc.

Agus an clár á fhorbairt, rinneadh machnamh ar cad is cosc dramhaíola ann, mar shainmhíniú, agus glacadh leis an sainmhíniú seo a leanas:

Is mar seo a dhéantar Cosc Dramhaíola a shainmhíniú:

Díothú nó laghdú *ag foinse* na nithe seo a leanas:

- **Tomhaltas Ábhar, Uisce agus Fuinnimh**
- **Eascairtí dramhaíola (sholadacha, leachtacha, gásacha agus teasa)**
- **Substaintí Guaiseacha nó Díobhálacha**

Is é an dúshlán a bhaineann leis an gclár coiscthe anois ná tionscadail a chur i bhfeidhm chun éifeacht phraiticiúil a thabhairt do na cuspóirí sin i measc na bpáirtithe leasmhara agus na n-earnálacha éagsúla ar fad. Is é an cur chuige atá á ghlacadh anois ná eolas praiticiúil, treoir, samplaí de chás-staidéir agus uirlisí a oireann do gach páirtí leasmhar a sholáthar, ionas gur féidir leo féin cosc a chleachtadh. Rinneadh acmhainní substaintiúla Idirlín a fhorbairt do gach tionscadal, chun rochtain leanúnach a chur ar fáil do dhuine ar bith a bheadh ag iarraidh an t-eolas coiscthe atá ar fáil a úsáid (féach Aguisín D). Cuirtear coigiltí costais chun cinn i mórchuid cásanna mar phríomhspreagadh do dhaoine a bheith rannpháirteach sna tionscadail, ach luaitear sochair eile chomh maith, nuálaíocht ghnó, éifeachtúlacht, custaiméirí/baill foirne a choimeád agus an inbhuanaitheacht fhadtéarmach san áireamh.

Féachtar leis an *bPlean Coiscthe 2009-2012* cur lena baineadh amach faoi réimse leathan na dtionscadal CNCD ar cuireadh tús leo ó 2004 i leith, agus solúbthacht a bheith ann fós chun réimsí nua nó réimsí atá ag teacht chun cinn a fhiosrú. In éineacht le hathruithe ar bheartas dramhaíola mar a bhí á dtuar san Athbhreithniú Idirnáisiúnta agus sa Chreat-Treoir Dramhaíola AE nua, is féidir le sochair shuntasacha a bheith ag baint leis an bplean coiscthe ach imreoirí earnála a bheith sásta páirt a ghlacadh ann. Baineann luach ar leith le sochair an chláir maidir le dul i ngleic le dálaí dúshlánacha geilleagracha agus cabhróidh sé le geilleagar níos glaise agus níos cliste a fhorbairt.

3. Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl: Tionscadail um Chosc

Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl

Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoin méid dramhaíola agus faoi na cineálacha dramhaíola difriúla a mbíonn ann, d'fhonn comhthéacs a sholáthar don chlár coiscthe. Soláthraítear an t-eolas sin sna Tuarascálacha Náisiúnta bliantúla ar an Dramhaíl, lena n-áirítear treochtaí in eascairtí dramhaíola a thagann ó réimse leathan earnálacha i bPoblacht na hÉireann. Tá sé fíorthábhachtach eolas cruinn agus tráthúil den sórt sin a sholáthar maidir le heascairtí dramhaíola chun an dramhaíl a bhainistiú agus a chosc go héifeachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Mar gheall ar seo, is féidir na hiarrachtaí sin a dhíriú go héifeachtach ar phríomhshrutha dramhaíola a chosc, a athchúrsáil agus a bhainistiú. Ina theannta sin, cuirtear béim sna tuarascálacha ar tháscairí ábhartha dramhaíola do rialtóirí, chomh maith le lucht déanta cinntí beartais agus tráchtála. Go tábhachtach, na tuarascálacha a d'éiligh an Coimisiún Eorpach maidir le réimse Treoracha, Tionscnaimh na dramhaíola agus na Freagrachta Táirgeora san áireamh, tá siad bunaithe ar na sonraí a foilsíodh sna Tuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl. Tugtar tuairisc do na Náisiún Aontaithe mar chuid de Choinbhinsiún Basel agus déantar na sonraí do Rialachán Staitisticí Dramhaíola an AE a fhorbairt ar bhonn an eolais sin, chomh maith.



Chun na tuarascálacha bliantúla a fhorbairt, bailíonn an Chroífhoireann Coiscthe sonraí mionsonraithe dramhaíola gach bliain ó imreoirí iomadúla san earnáil um bainistiú dramhaíola, lena n-áirítear oibreoirí líontaí talún, eagraíochtaí dramhaíola agus athchúrsála, áiseanna cóireála dramhaíola guaisí, údaráis tionsclaíochta agus údaráis áitiúla. Beidh cleachtaí forleathana leantacha mar chuid thábhachtach den phróiseas maidir le fíorú agus le bailíochtú na sonraí dramhaíola a sholáthraítear, lena n-áirítear measúnuithe deisce agus iniúchtaí ar an láthair. Foilsíodh Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl i gcomhair eascairtí don bhliain 2008 i mí na Samhna 2009 (féach www.wastereport.ie). Spreag sé sin tuairisciú úsáideach sna meáin náisiúnta, mar aon le plé poiblí faoi chúrsaí dramhaíola agus an dóigh inar cheart í a bhainistiú.

Seo thíos príomhthorthaí na bliana 2008, i gcomparáid leis an mbliain 2007:

- Tháinig laghdú 5.1% go dtí breis agus 3.2 mhilliún tona ar an méid dramhaíola cathraí a gineadh;
- Athchúrsáladh 37.5% den dhramhaíl chathrach bhainistithe ar an iomlán (suas ó 36.5%), ag sárú na sprice náisiúnta de 35% faoin mbliain 2013;
- Tháinig laghdú 4.2% go dtí beagnach 1.56 mhilliún tona ar an méid dramhaíola teaghlaigh a ndearnadh bainistiú uirthi;

- Níor aisghabhadh ach 26% den dhramhaíl teaghlaigh a bailíodh (níos mó ná leath-slí i dtreo na sprice náisiúnta aisghabhála 50% faoin mbliain 2013) agus cuireadh an dramhaíl eile i líonadh talún;
- Measadh go raibh 120,459 tona de dhramhaíl teaghlaigh ann nár bailíodh in aon chor (laghdú de 11%), agus is ábhar imní é seo i gcónaí, go háirithe mar d'fhéadfadh mórchuid den dhramhaíl seo a bheith á dó;
- Mar a thugtar faoi deara thuas, gineadh beagnach 2.1 mhilliún tona de dhramhaíl chathrach in-bhithmhillte (DCI) agus cuireadh 57.1% de seo nó 1.196 mhilliún tona i líonadh talún (laghdú de beagnach 19%).
- Ón mbliain 2010 ar aghaidh, ní bheidh cead ag Éirinn ach 0.916 mhilliún tona DCI a chur i líonadh talún chun a spriocanna faoin Treoir maidir le Líonadh Talún a chomhlíonadh, sin difríocht 280,000 tona idir an méid atá bainte amach agus an sprioc;
- Tháinig méadú go dtí 64.7% (ó 63.6%) ar an méid dramhaíl pacáistíochta a athchúrsáladh, ag sárú na sprice chun 60% a aisghabháil faoin spriocdháta náisiúnta 2008 agus faoin spriocdháta AE 2011;
- Bailíodh beagnach 52 míle tona de dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL);
- Cóireáladh in Éirinn beagnach 46% den DTLL a bailíodh agus easpórtáladh an chuid is mó d'ábhair athchúrsáilte chun iad a úsáid sa mhonarú. Ar an drochuair, tá cuid mhór den chumas cóireála DTLL in Éirinn druidte anois. Bainfidh impleachtaí leis seo do tháirgeoirí maidir leis na méideanna DTLL a bhailíonn siad a bhailíochtú agus lena thaispeáint go bhfuil a spriocanna reachtúla aisghabhála á gcomhlíonadh acu;
- Tháinig laghdú 31% go dtí 6.4 mhilliún tona ar iomlán na dramhaíola tionsclaíochta réamh-mheasta, i gcomparáid leis an mbliain 2006. An mhianadóireacht agus an cairéalú a bhí mar chúis le cuid mhór den laghdú seo;
- Réamh-mheasadh go raibh an dramhaíl monaraíochta ag 4 mhilliún tona, lena n-áirítear beagnach 248 míle tona de dhramhaíl ghuaiseach (laghdú beag i gcomparáid leis an mbliain 2006);
- Tháinig laghdú 24% go dtí 13.5 mhilliún tona ar an dramhaíl tógála agus scartála (T&S) a tuairiscíodh, ag léiriú deireadh an bholgáin tógála;
- Ar an drochuair, coimeádtar drochthaifid fós den dramhaíl á coimeád ag gníomhaithe na hearnála tógála. Níor taifeadadh ach 10.45 mhilliún tonna de dhramhaíl bhainistithe, sin bearna de 3 mhilliún tona nach bhfuil curtha san áireamh in aon chor acu;
- Tuairiscíodh gur aisghabhadh 75.7% den dhramhaíl T&S ar an iomlán (i gcomparáid le 71.8 % sa bhliain 2007 agus 79.5% sa bhliain 2006);
- Aisghabhadh 80% den ithir agus de na clocha T&S a bailíodh (i gcomparáid le 81% sa bhliain 2007 agus 89% sa bhliain 2006). Ar an taobh dearfach de, tháinig méadú ó 44% sa bhliain 2007 go dtí 62% sa bhliain 2008 ar aisghabháil na dramhaíola T&S (ithir agus clocha as an áireamh).

Cuireadh taighde suntasach i gcrích maidir leis na sonraí a bhaineann le Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl 2009 a bhfuil súil lena fhoilsiú níos déanaí sa bhliain 2010.

Na Cláir Taispeántais (TCÚÁ) agus Líonra (LCÚÁ) um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla

Ceithre údarás áitiúla déag a bhí rannpháirteach i gClár Thaispeántas um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla (TCÚÁ) ó mhí Iúil 2006 go dtí mí Mheán Fómhair 2009. D'éirigh le TCÚÁ a thaispeáint gurbh fhéidir le húdaráis áitiúla cláir agus tionscadail chomhtháite éifeachtacha áitiúla um chosc a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Soláthraíodh tacaíocht i bhfoirm saineolas teicniúil a chur ar fáil go díreach (ó Ionad na Teicneolaíochta Glaine in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí) agus deontais airgid. I gcásanna go leor, tugadh lucht foirne as

údaráis áitiúla ar iasacht go sainiúil chun obair a dhéanamh ar thionscadail um chosc. Rinne sé sin cumas a fhorbairt laistigh de na húdaráis áitiúla, i slí is gurbh fhéidir lena lucht foirne cabhrú, dá chionn sin, le heagraíochtaí áitiúla (a gcuid féin san áireamh) chun dramhaíl a chosc. Cuireadh tionscadail um chosc ar siúl faoi chóras céimnithe atriallach iniúchta/athbhreithnithe-pleanála-gníomhaithe-athbhreithnithe (féach: www.lapd.ie nó www.ctc-cork.ie/lapd).

I measc na dtionscadal bhí an cosc in eagraíochtaí pobail, tráchtála agus gnó, mar shampla, lárionaid siopadóireachta, aerfort réigiúnach, ospidéil, foirgníocht, feirmeacha, ollscoileanna, riaracháin phoiblí, tithe tábhairne agus scoileanna. I measc na dtionscadal eile bhí tionscnaimh coiscthe i lár baile, ag trí áis linn snámha poiblí, ag foirgnimh phoiblí, ar oileán mara agus ag mórionad miondíola. Eascraíonn cás-staidéir maidir le dea-chleachtas agus sonraí/tuiscint um chosc as gach tionscadal, atá le scaipeadh agus le cur i bhfeidhm ar fud na tíre. I gcásanna go leor, is mar threoir fhoilsithe é maidir le conas is féidir le heagraíochtaí difriúla cosc a chur i bhfeidhm iad féin. Tionóladh Cruinnithe Réigiúnacha Iomlánacha agus Comhdháil Náisiúnta LCÚÁ sa bhliain 2008 ina raibh na húdaráis áitiúla uile páirteach chun a gcuid foghlama agus taithí maidir le tionscadail um chosc a chur i bhfeidhm, a roinnt.

Samplaí de na torthaí as roinnt TCÚÁ agus na nithe a cuireadh i gcrích leo:

- 2,300 tona dramhaíola coiscthe nó curtha ar atreo in aghaidh na bliana;
- Laghdú 37,500 m^3 ar thomhaltas uisce in aghaidh na bliana;
- Coigiltí fuinnimh 1,530,000 kWh in aghaidh na bliana;
- Coigiltí díreacha costais €873,000 in aghaidh na bliana;
- D'fhoghlaim breis is 2,500 rannpháirtí faoin gcosc;
- Rinneadh 295 iniúchadh coiscthe ar 163 áitreabh difriúil;
- Bhí 27 ball ó údaráis áitiúla dhifriúla rannpháirteach sna tionscadail ar feadh tamaill agus tá ochtar fostaí lánaimseartha agus cúigear fostaí páirtaimseartha ag obair ar an gcosc faoi láthair;
- Chríochnaigh 26 duine Cúrsa Creidiúnaithe um Chosc Dramhaíola le HETAC agus tugtar oiliúint do dhaoine eile ar bhonn leanúnach;
- Foilsíodh an treoir um chosc *Feirmeoireacht Comhshaoil* agus scaipeadh go forleathan í;
- Seoladh *r-Threoracha um chosc dramhaíola* ar www.managewaste.ie;
- Foilsíodh *Stad a Chur leis an Dramhaíl - treoir um chosc do lucht tithe tábhairne* agus scaipeadh go forleathan í;
- Chomh maith leis sin, foilsíodh Treoir do Shealbhóirí Tí maidir le Dramhaíl Ghuaiseach a Chosc;
- Sampla is ea an Fleadh Glas i gCabhán de na naisc idir TCÚÁ agus tionscadail eile CNCD agus conas a chuireann siad i gcrích ag ócáid phobail náisiúnta na sochair a bhaineann leis an gcosc (féach www.fleadh2010.ie);
- Forbraíodh treoracha maidir le dea-chleachtas um chosc dramhaíola i gcomhair ionad siopadóireachta, aerfort réigiúnach agus ionad snámha/fóillíochta, srl. lena scaipeadh níos forleithne.



Is féidir tuarascáil achomair de na nithe a cuireadh i gcrích leis an TCÚA sa tréimhse 2006 – 2009 a íoslódáil ar www.lapn.ie.

Chun na nithe a baineadh amach faoin gclár taispeántais rathúil sin a dhaingniú, fuair na húdaráis áitiúla ar fad cuireadh sa bhliain 2008 chun iarratas a chur isteach ar mhaoiniú faoi chlár leantach dar teideal Líonra um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla (LCÚÁ). Glacadh le hocht gcinn de na hiarratais, ar son 12 údarás difriúla áitiúla. Chuimsigh sé sin an chuid is mó de na húdaráis áitiúla a bhí páirteach ann ó thús agus roinnt iontrálaithe nua chun na scéime. Tá teacht ag gach údarás áitiúil sa tír ar na torthaí agus ar na cruinnithe comhlántacha ar fad, chun gur féidir leo iad a úsáid le gnéithe coiscthe na bPleananna Réigiúnacha um Bainistiú Dramhaíola acu a chur i bhfeidhm (féach www.lapn.ie nó www.localprevention.ie). Tionóladh Comhdháil Náisiúnta LCÚÁ i mí an Mheithimh 2010 chun béim a chur ar na cás-staidéir um chosc a bhí ag teacht chun cinn agus ar na nithe a cuireadh i gcrích faoin gclár.

Seans a bhí ann ag an gComhdháil Náisiúnta LCÚÁ i mí an Mheithimh an obair iontach atá á déanamh ag údaráis áitiúla rannpháirteacha a chur ar taispeáint. Cuireadh béim freisin ar cé chomh tábhachtach is atá an Líonra i gcomhthéacs bheartas bainistíochta dramhaíola na hÉireann agus an bheartais bainistíochta dramhaíola idirnáisiúnta.

Deirtear sa *Dréacht-Ráiteas ar an mBeartas Dramhaíola – Lena Chomhairliú* le déanaí *"Agus róbhéim ar an mbainistíocht dramhaíola iarmharaí ag teacht chun deiridh, moltar freisin i gcomhréir leis seo go socrófaí spriocanna a chuirfeadh ceangal ar na húdaráis áitiúla laghduithe a bhaint amach maidir leis an méid dramhaíola iarmharaí a ghintear ag teaghlaigh ina limistéir. Mura ndéanfaí a leithéid de spriocanna a bhaint amach, ghearrfaí muirear ar an tonnáiste breise a nginfí".* Déantar é seo i gcomhthéacs na rogha beartais atá á moladh chun a chur de cheangal ar údaráis áitiúla, trí chóras tairiscintí iomaíocha, a bheith freagrach as dramhaíl teaghlaigh a bhailiú. Bheadh mórchuid de na tionscadail CNCD agus LCÚÁ ábalta cuidiú leis na húdaráis áitiúla obair a dhéanamh chun na spriocanna uaillmhianacha atá molta a bhaint amach. Is í réim na spriocanna atá molta ná 250 kg/in aghaidh an duine faoin mbliain 2011 go dtí 150 kg/in aghaidh an duine faoin mbliain 2020 (i gcomparáid le 261 kg/in aghaidh an duine de dhramhaíl iarmharach teaghlaigh a rinneadh a dhiúscairt go náisiúnta sa bhliain 2008). Tá se beartaithe sa dréacht-ráiteas beartais go ndéanfaí spriocanna a chomhlíonadh trí chosc ar dhramhaíl, trí bhailiúcháin a scaradh ag an bhfoinse agus trí réamh-chóireáil a dhéanamh ar an sruth iarmharach. Dá dtabharfaí an beart seo isteach, thabharfaí spreagadh mór do na húdaráis áitiúla páirt a ghlacadh i LCÚÁ agus i CNCD. D'fhéadfadh údaráis áitiúla machnamh a dhéanamh freisin ar pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh athúsáide, le grúpaí pobail nó mar chuid de na scéimeanna comhlíonta, chun an dramhaíl teaghlaigh iarmharach a laghdú de bhreis.

Tionscnamh um Ghnó Glas

Tionscadal is ea Gnó Glas atá dírithe go díreach ar a ligint do ghnólacht ar bith (nó eagraíocht *ar bith*, go deimhin) éifeachtúlacht na húsáide a bhaineann siad féin as acmhainní a mheasúnú, go háirithe maidir le dramhaíl agus le huisce (féach www.greenbusiness.ie). Táthar tar éis uirlisí iniúchta/measúnaithe Idirlín a fhorbairt agus a thriail go sásúil chun gur féidir leo an obair sin a dhéanamh faoi rún dóibh féin amach anseo. Ina theannta sin, cuirtear ar fáil ar leathanaigh Idirlín an ghnó ghlais leideanna agus cás-staidéir maidir le conas airgead a choigilt trí úsáid acmhainní a laghdú. Tá cabhair ar líne agus trí ghuthán ar fail chuige sin, do dhuine ar bith óna dteastódh tacaíocht chun na huirlisí a úsáid. Soláthraítear naisc dhíreacha idir an láithreán agus na huirlisí comhlántacha measúnaithe maidir le héifeachtúlacht in úsáid

acmhainní fuinnimh, uirlisí atá ar fáil ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (Féach an Clár Gníomhaíochta um Bainistíocht Fuinnimh (Energy MAP) ar www.seai.ie).

Is féidir le gnólacht nó eagraíocht ar bith in Éirinn na huirlisí um ghnó glas a rochtain go héasca agus ar bhonn leanúnach anois, má tá siad ag iarraidh coigiltí costais a dhéanamh trína n-éifeachtúlacht úsáide acmhainní féin a fheabhsú. Chomh maith leis sin, tá measúnuithe ar éifeachtúlacht acmhainne (MÉAanna) ar an láthair ar fáil saor in aisce agus faoi rún i gcomhair áiseanna oiriúnacha in Éirinn. Déantar tuarascáil i scríbhinn a sholáthar ina dtugtar mionchuntas ar dheiseanna um choigilt costais agus plean chun dramhaíl/úsáid acmhainní a laghdú. Tá clár gníomhach margaíochta agus for-rochtana á chur i bhfeidhm chun oiread gnólachtaí agus is féidir a earcú chun a chur ar a gcumas dramhaíl a chosc agus airgead a choigilt. Mar is iomchuí, tá cás-staidéir as Clár Táirgthe Níos Glaine, Níos Glaise an GCC agus as foinsí eile á gcur chun cinn go gníomhach i measc gnólachtaí agus eagraíochtaí ábhartha (féach www.cleanerproduction.ie) Oibríonn an tseirbhís agus Fiontraíocht Éireann (féach www.envirocentre.ie), GFT Éireann agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann as lámha a chéile ina gcuid clár comhshaoil for-rochtana don ghnó le go mbainfí sineirgí amach. Tá sé seo i gcomhréir leis na moltaí i *dTuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil ar an nGeilleagar Glas* le déanaí. Ina theannta sin, dhréachtaigh GCC an treoir “Cé atá Glas?” do ghnólachtaí maidir leis na tacaíochtaí glasa atá ar fáil. Tá an treoir seo le tabhairt chun críche agus le seoladh ag na gníomhaireachtaí ar fad níos déanaí sa bhliain 2010.

Baill foirne den Tionscnamh um Ghnó Glas ag imeacht CNCD le déanaí

Nithe a baineadh amach i rith na bliana seo caite mar chuid den tionscadal:

- Déantar aon nuacht agus leideanna coigilte costais a chur suas go laethúil anois ar an láithreán gréasáin Green Business.ie;
- Tá breis is 330 cuideachta cláraithe leis an láithreán gréasáin agus tá na huirlisí iniúchta dramhaíola agus uisce á n-úsáid acu go rialta;
- Tá breis is daichead Measúnú ar Éifeachtúlacht Acmhainne ar an láthair tugtha chun críche agus tá suas le deich gcinn eile beartaithe don chéad tréimhse eile;
- Le dhá mhí dhéag anuas, tugadh 7,279 cuairt ar an láithreán gréasáin www.greenbusiness.ie, 5,400 cuairteoir uathúil ina measc, nó 22,050 amharc leathanaigh ar an iomlán;
- Tugann cuardaigh Idirlín Google ardrangú i gcónaí do greenbusiness.ie ar iontráil na dtéarmaí “dramhaíl a laghdú”, “uisce a chaomhnú” nó “fuinneamh a chaomhnú” (tháinig 47% de na cuairteanna ar an láithreán gréasáin trí innill chuardaigh);

- Maoinítear feidhmeannach laistigh de Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann chun an Gnó Glas a chur chun cinn i measc na mballeagraíochtaí;
- Ar an gcuma chéanna, tugtar spreagadh do na heagraíochtaí ionadaíocha gnó eile, Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann, srl. an clár a chur chun cinn i measc na mball ar fad atá acu;
- Tá nasc ann anois ag mórchuid gnólachtaí ar a láithreáin ghréasáin chuig greenbusiness.ie, rud a thugann spreagadh do dhaoine breise cuairt a thabhairt ar an láithreán (27% de chuairteanna);
- Tá réimse tionscadal um chosc i FBManna, i CINanna agus i gcuideachta mhór dhúchasach á gcomhmhaoiniú in éineacht leis an gClár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise GCC STRIVE. I measc na dtionscadal sin tá tionscadail chun éicidhearadh a chur i bhfeidhm maidir le táirgí, le próisis agus le seirbhísí, chomh maith le tionscadail chun laghdú a bhaint amach maidir le húsáid acmhainní;
- Earcaítear níos mó micreaghnólachtaí tríd an tionscnamh "€concertive" chun páirt a ghlacadh i bhfeabhsúcháin éifeachtúlachta acmhainne, lena n-áirítear Ceoldráma Féile Loch Garman Níos Glaise (www.wexfordopera.com/green);
- Cuireadh tús le treoirthionscadal um earnáil Mhiondíola Ghlas maidir leis an gcosc i gcomhair leis an nGrúpa Musgraves a dhéanann bainistíocht ar na sraitheanna ollmhargaí Centra agus Supervalu;
- Rinneadh réimse leathan léirithe a sheachadadh do lucht éisteachta ar fud na tíre chun an Tionscnamh um Ghnó Glas a chur chun cinn.

Sa chéad tréimhse eile, leasófar a thuilleadh na leathanaigh Idirlín agus na huirlisí a bhaineann le Gnó Glas, bunaithe ar aiseolas ó úsáideoirí. Tugtar faoi fheachtas leanúnach gníomhach chun teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí nua agus chun iad a earcú. Úsáidfidh rannpháirtithe LCÚÁ na huirlisí ar an Idirlíon a bhaineann le Gnó Glas ina gcuid oibre in éineacht lena ngnólachtaí áitiúla. Baintear feidhm as na huirlisí mar chuid den obair coiscthe a chuirtear tús léi in éineacht leis an earnáil Cúram Sláinte (féach níos déanaí sa tuarascáil). Tá Céim 5 den Chlár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise (CTGG) GCC STRIVE á comhmhaoiniú ag CNCD. Oibreoidh iarratasóirí go dlúth leis na huirlisí um Ghnó Glas.

'Ceoldráma Féile Loch Garman Níos Glaise' á sheoladh i mí Dheireadh Fómhair 2010.

Táthar ag súil leis go dtabharfar spreagadh le himeacht ama do líon mór gnólachtaí glacadh leis an éicidhearadh, chomh maith leis an éifeachtúlacht acmhainne, agus na tionchair ar an gcomhshaol a bhaineann lena dtáirge nó lena seirbhís a úsáid a laghdú. Dearadh táirge ó thaobh indeisiú, athúsáid agus an chumais chun táirgí a nuashonrú/uasghrádú, is gnéithe

tábhachtacha iad maidir leis seo. Forbraíodh mórchuid cás-staidéar mar chuid den chlár CTGG i rith na mblianta, cás-staidéir a bheidh fíor-luachmhar maidir leis seo. Dá gceannódh eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí earraí agus seirbhísí a mbíonn tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol de rogha ar earraí agus ar sheirbhísí eile, chabhródh sé seo le costais na nithe sin a laghdú agus iad a dhéanamh níos inacmhainne i gcoitinne. Thabharfadh sé seo spreagadh chomh maith d'fhiontraithe agus do ghnólachtaí táirgí den sórt seo a fhorbairt agus a chur ar an margadh, rud a thacódh le geilleagar glas a fhorbairt.

Moltar i ndoiciméad beartais dramhaíola na bliana 2002, Athrú a Sheachadadh, go dtabharfaí sraith iniúchtaí dramhaíola éigeantacha isteach i gcomhair eagraíochtaí, pleananna um laghdú dramhaíola san áireamh. Is é an smaoineamh atá laistiar de na huirlisí féin-iniúchta um Ghnó Glas ná an cuspóir beartais sin a chur i ngníomh go deonach ar an gcéad dul síos agus seirbhísí láidre tacaíochta ann mar chabhair chuige sin. Táthar ag súil leis, áfach, go gcomhoibreoidh go leor earnálacha difriúla go deonach leis na tionscnaimh coiscthe, ionas nach gá ceanglais éigeantacha reachtúla a thabhairt isteach. Déanfaidh Croífhoireann Coiscthe an GCC monatóireacht ghéar ar an gcuspóir beartais sin agus cuirfidh sí moltaí ar fáil mar is iomchuí. Déantar iniúchadh ar éifeachtúlacht acmhainne mar chuid de na tionscadail CNCD ar fad chun measúnú a dhéanamh ar staid reatha an tomhaltais in eagraíochtaí cliaint. Tá iniúchadh foirmiúil mar chuid thábhachtach den phróiseas i gcomhair na nDámhachtainí um Fháilteachas Glas (féach thíos). Tá oibleagáid reachtúil ann cheana féin ar oibreoirí, arna gclúdach ag na Rialacháin maidir le Tuaslagóirí agus Péinteanna Maisiúla, iniúchadh neamhspleách ag Conraitheoirí Creidiúnaithe Iniúchta (CCIanna) a dhéanamh orthu faoi threoircheanglais an GCC (mar a thugtar cur síos air i gCaibidil 5 den tuarascáil seo). Moltar scéim den chineál céanna don earnáil garáistí a d'eascair as moltaí sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach.

Gnólachtaí a ghlac páirt san éifeachtúlacht acmhainne a fheabhsú ag fáil a ndeimhnithe ag imeacht le déanaí de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

An Clár um Fháilteachas Glas

Forbraíodh an Clár um Fháilteachas Glas (CFG) chun gníomhú mar bhratbhranda do thionscnaimh um chosc a bhaineann leis an bhfáilteachas, lena n-áirítear an Dámhachtain um Fháilteachas Glas (DFG), Lónadóirí Glasa, Bialanna Glasa, Féilte Glasa, srl. Tá scéim na Dámhachtana um Fháilteachas Glas bunaithe go maith anois buíochas leis an obair a rinne GCC/ERTDI roimhe seo ar an tionscadal "Óstáin Éireannacha Níos Glaise" mar chuid den Chlár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise agus ar na “Dámhachtainí um Fháilte Ghlas" le Comhairlí Contae Luimnigh/an Chláir/Chiarraí. Cuirtear iniúchtaí foirmiúla um éifechtúlacht acmhainne, tagarmharcanna tomhaltais acmhainní, ceardlanna agus oiliúint ar fáil do gach

óstán agus do gach lónadóir rannpháirteach, mar aon le critéir agus le treoir um bronnadh dámhachtainí, chun a chur ar a gcumas a gclár féin um chosc a fhorbairt chun ullmhú do na leibhéil dhifriúla dámhachtana. Is í an Dámhachtain Chré-Umha (Éicilipéad) an chéad cheann acu sin, agus tagann na leibhéil Airgid, Óir agus Platanaim ina dhiaidh sin go céimneach – tá an leibhéal Platanaim gar go maith le leibhéal feidhmíochta comhshaoil an AE, Bláth, nó níos fearr ná é. Tá na dámhachtainí bunaithe ar iniúchtaí neamhspleácha agus déantar searmanais bhronnta fleáchais a reáchtáil go réigiúnach agus go náisiúnta do na gnólachtaí a n-éiríonn leo. Anuas air sin, déanann iniúchóirí creidiúnaithe ó Chreidiúnú na hEorpa maoirseacht ar an bpróiseas bronnta i gcoitinne. Tá aitheantas iomlán tugtha don tionscadal sin anois ag Fáilte Éireann, ag Institiúid Aíochta na hÉireann agus ag Cónaidhm na nÓstán Éireannach.

Chun go nglacfadh baill de chineál eile páirt sa tionscadal, seachas óstáin, earcaítear níos mó lónadóirí mórscála, bialann agus earnálacha eile atá bainteach leis an bhfáilteachas chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí coiscthe.

Nithe a baineadh amach le déanaí mar chuid den tionscadal:

- Tá breis is 200 ball ag glacadh páirte sa scéim anois a íocann as a mballraíocht, lena n-áirítear 138 de na príomhóstáin sa tír, chomh maith le mórchuid eagraíochtaí lónadóireachta/fáilteachais forásacha eile;
- Tá Dámhachtain um Fháilteachas Glas ag 85 sealbhóir anois - 19 nDámhachtain Óir, 42 Dámhachtain Airgid agus 24 Dámhachtain Chré-Umha nó Éicilipéid;
- Áirítear leis seo 77 óstán, sin beagnach 8.4% de na hóstáin ar fad in Éirinn - an líon is mó do dhámhachtain den sórt sin san AE;
- Bronnadh na dámhachtainí sin ag searmanais dámhachtainí gnó fleáchais a reáchtáladh go réigiúnach agus go náisiúnta, searmanais ar tugadh tuairisc mhaith orthu sna meáin;
- D'éirigh iniúchtaí le dhá óstán le déanaí, rud a chiallaíonn go bhfuil siad i dteidlíocht anois Dámhachtainí Platanaim a fháil: The Westin, Baile Átha Cliath agus The Radission Blu, Aerfort Bhaile Átha Cliath;
- Rinneadh láithreán gréasáin cuimsitheach nua a fhorbairt ag www.greenhospitality.ie, ina bhfuil rannóg do na baill, agus tugadh 28,466 cuairt ar an láithreán i rith na bliana seo caite, sin i bhfad níos mó ná 2,000 cuairt in aghaidh na míosa;
- Soláthraítear ar an láithreán gréasáin sin rochtain ar fhaisnéis maidir le conas is féidir le hóstán nó le hoibríocht lónadóireachta ar bith dramhaíl a chosc agus airgead a choigilt;
- Foilsítear nuachtlitir leictreonach gach mí chun an scéim a phoibliú, a sheoltar chuig 5,000 duine den lucht déanta cinntí san earnáil;
- Reáchtáiltear 24 ceardlann réigiúnach ar fud na tíre sa bhliain 2010;
- Scaiptear go forleathan san earnáil treoir um chosc ar dhramhbhia thráchtáil agus glacadh go maith léi mar gheall ar na rialacháin nua ar dhramhbhia;
- Tá "scagaire glas" ann anois ar an láithreán gréasáin Discover Ireland atá á bhainistiú ag Fáilte Éireann, rud a chuireann ar chumas na gcuairteoirí cóiríocht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a roghnú, sealbhóirí na Dámhachtana um Fháilteachas Glas (DFG) san áireamh;
- Aithníodh DFG mar chlár creidiúnaithe ag Expedia.com – an t-inneall áirithinte is mó ar domhan i gcomhair óstán agus aerlínte;

- Chuir VISIT – Líonra Eorpach na gclár comhshaoil um fháilteachais – fáilte roimh an DFG agus daingneofar é seo go foirmiúil níos déanaí sa bhliain 2010;
- D'fhorbair an Clár um Fháilteachas Glas (CFG) treoir maidir le cruinnithe agus le hócáidí glasa a choimisiúnaigh Fáilte Éireann sa bhliain 2010;
- Tá an CFG ag cuidiú freisin le Ceoldráma Féile Loch Garman a dhéanamh níos glaise sa bhliain 2010 agus fuarthas maoiniú ón CNCD i gcomhair an fhiontair seo;
- Thacaigh an CFG leis an tionscadal LCÚÁ maidir leis an bhFleadh Glas a tugadh faoi deara níos luaithe;
- Tá Comhdháil Náisiúnta um Fháilteachas Glas "Ag Cur le Gné Glas na Turasóireachta in Éirinn" pleanáilte do mhí na Samhna 2010;
- Tá urraíocht á déanamh arís ag CNCD de chuid an GCC ar an dámhachtain bhliantúil do Bhainisteoir Comhshaoil na Bliana trí Institiúid Aíochta na hÉireann.

I suirbhé a rinneadh sa bhliain 2009 ar 120 réadmhaoin a bhí ag glacadh páirte sa scéim um Fháilteachas Glas taispeánadh na coigiltí athfhillteacha bliantúla seo a leanas, a measadh go coimeádach:

- Laghdú 6,000 tona ar an dramhaíl a cuireadh isteach i líonadh talún;
- Laghdú 312,000 m^3 ar an tomhaltas uisce;
- Coigilt fuinnimh 30,000,000 kWh;
- Laghdú 7,592 tona ar astaíochtaí CO_2;
- Coigiltí díreacha €4,680,000 in aghaidh na bliana ar chostais seirbhísí dramhaíola, uisce agus soláthar fuinnimh.

Tagarmharcanna dámhachtana óstáin ar gá cloí leo maidir leis an dramhaíl a chuirtear i líonadh talún (kg/oíche chodlata), le huisce (l/oíche chodlata) agus le fuinneamh (kWh/in aghaidh na bliana/m^2), laghdaíodh na tagarmharcanna sin ar fad i dtreo caighdeán idirnáisiúnta i gcomparáid leis an mbliain 2004, rud a chuir le dúshlán na gcatagóirí dámhachtana. Léirítear sa tábla thíos an dul chun cinn atá bainte amach maidir leis seo:

	Óstáin (Meánuimhreacha)	Tagarmharcanna d'Earnáil Óstáin na hÉireann				Tagarmharcanna idirnáisiúnta (Meánuimhreacha)
		2004	2007	2008	% Difríochta idir na blianta 2004 agus 2008	
Fuinneamh	kWh/in aghaidh na bliana/m^2	521	449	429	17.6%	313
Uisce	Lítear/Oíche Chodlata	499	399	438	12.2%	275
Dramhaíl	kg Dramhaíola Curtha i Líonadh Talún/Oíche Chodlata	3.5	2.1	1.7	50.0%	1.5

Mar sin, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an éifeachtúlacht acmhainne san earnáil fáilteachais, is léir gur féidir coigiltí breise a dhéanamh agus óstáin ag druidim i dtreo Tagarmharcanna Idirnáisiúnta a bhaint amach.

Úsáidtear na samplaí sin, agus mórchuid cás-staidéar eile, chun an teachtaireacht a reic go bhfuil brabach le baint as cosc ar dhramhaíl in earnáil na n-óstán agus na lónadóireachta. Is féidir le hóstáin aonair coigiltí sa réimse €5,000 go dtí breis is €100,000 a bhaint amach ach úsáid na seirbhísí dramhaíola, uisce nó fuinnimh a laghdú. Is léir go gcabhróidh cosc ar dhramhaíl i dtionscal an fháilteachais ní amháin lena n-iomaíochas agus le go mairfidh siad, ach freisin le feabhas a chur ar thuairimí cuairteoirí maidir le hinbhuanaitheacht tháirge na turasóireachta in Éirinn.

Tionscadal um Chúram Sláinte Glas

Cruthaíodh foireann coiscthe de phearsanra a bhfuil taithí aige ó na tionscadail um Fháilteachas Glas, um Ghnó Glas agus LCÚÁ, chun obair go díreach le heagraíochtaí cúram sláinte. Tá Ionad na Teicneolaíochta Glaine i gceannas ar an dtionscadal agus soláthróidh sé sin deis chun na huirlisí agus na teicnící coiscthe a forbraíodh i gcúrsa na dtionscadal difriúil a chur i bhfeidhm. Is léir ón taithí oibre TCÚÁ le trí ospidéal i Muineachán agus ón tionscadal Táirgthe Níos Glaine, Níos Glaise GCC/ERTDI sa bhliain 2004 le hOspidéal Ginearálta Shligigh go bhfuil coigiltí suntasacha acmhainní le baint amach san earnáil cúram sláinte. Dírítear ar ospidéil agus ar oibríochtaí lónadóireachta atá faoi úinéireacht phoiblí, ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus faoi úinéireacht phríobháideach chomh maith.

Ar dtús, ghlac trí ospidéal i gCorcaigh páirt i dtreoir-staidéar sa bhliain 2009: Ospidéal Ollscoil Chorcaí (ina gcorpraítear Ospidéal Máithreachais Ollscoil Chorcaí), an Bon Secours agus Ospidéal na Trócaire. Ar an gcéad dul síos, bhí sé tábhachtach dul i dteagmháil le lucht bainistíochta agus le foireann an ospidéil chun a chinntiú go mbeadh siad sásta páirt a ghlacadh sa tionscadal. Agus é seo á dhéanamh, rinneadh athbhreithniú in éineacht leo ar an méid oibre shuntasach a bhí déanta cheana féin ar shuirbhéanna fuinnimh agus uisce. Forbraíodh modheolaíochtaí ar leith ansin chun tabhairt faoi shuirbhéanna le tréithe a leagadh amach do dhramhbhia, do dhramhaíl chliniciúil agus do dhramhaíl mheasctha iarmharach, agus chun tabhairt faoi shuirbhéanna sreafa uisce chomh maith. Roinneadh torthaí na suirbhéanna le foireann agus le lucht bainistíochta na n-ospidéal mar chuid de dhíospóireachtaí as a d'eascair réitigh. Taispeánadh sna suirbhéanna go bhfuil deiseanna suntasacha ann laghdú a bhaint amach maidir leis an méid dramhbhia a ghintear, trí chumarsáid níos fearr a chur i bhfeidhm idir na bardaí agus na réimsí seirbhísí bia mar shampla. I gcás na dramhaíola cliniciúla, tá deiseanna ann chun a chinntiú nach ndéantar dramhaíl nach bhfuil priacail ag baint léi a dhiúscairt sna coimeádáin sin, ag féachaint don chostas suntasach breise a bhíonn i gceist. Mar chríoch, cé go ndearnadh an athchúrsáil a chleachtadh go forleathan, rinneadh an dramhaíl in-athchúrsáilte a dhiúscairt mar dhramhaíl iarmharach uaireanta freisin. Is dúshlán leanúnach é i gcás ospidéil ghnóthach, é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir do dhaoine i dtimpeallacht ina mbíonn deifir ar chách an dramhaíl a scaradh. Nuair a bheidh deis ag na hospidéil cleachtais fheabhsaithe a chur i bhfeidhm, úsáidfear suirbhéanna dramhaíola breise chun na coigiltí a dhéanfar a fhíorú.

I suirbhéanna ar dhramhbhia sna hospidéil, aithníodh deiseanna suntasacha chun an dramhaíl a chosc.

Ó críochnaíodh an treoirthionscadal sa bhliain 2010, rinneadh suirbhéanna dramhaíola ar naoi n-ospidéal *breise* : Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath; Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí Chromghlinne, Baile Átha Cliath; Ospidéal Uí Chonghaile, Baile an Bhlainséir, Baile Átha Cliath; Ospidéal Ollscoil na Gaillimh; Páirc Mhuirlinne, Gaillimh; Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Tuar an Daill, Luimneach; Ospidéal Naomh Fionbarra, Corcaigh; Ospís Mhoin Mháire, Corcaigh agus Fondúireacht Iósaf, An Ráth, Contae Chorcaí. Idir an chéim thrialach agus na suirbhéanna a thugtar faoi deara thuas, beidh beagnach ceithre mhíle leaba clúdaithe (25% den chumas iomlán). Tiocfaidh méadú ar seo go dtí 36% de líon iomlán na leapacha nuair a bheidh suirbhéanna déanta ar chúig ospidéal

breise a liostaigh dá ndeoin féin don tionscadal. Ar an iomlán, beidh 17 n-ospidéal páirteach sa chéad bhliain den tionscadal, gan na trí ospidéal i Muineachán a ghlac páirt ann trí LCÚÁ cheana féin a chur san áireamh. Is mór an clú atá tuillte ag lucht bainistíochta agus ag foireann na n-ospidéal sin ar fad as a bheith sásta páirt a ghlacadh sa tionscadal chun dianiarracht a dhéanamh feabhas a chur ar éifeachtúlacht acmhainne a n-eagraíochtaí féin. Beidh a gcomhoibriú riachtanach chun cleachtais fheabhsaithe a chur i bhfeidhm d'fhonn coigiltí a bhaint amach. Tá moladh tuillte acu as a dtionscnaíocht agus ní mór spreagadh den sórt sin a thabhairt do dhaoine chun an tionscadal a chur i gcrích.

Tá anailís á déanamh ar thorthaí na suirbhéanna sin a rinneadh le déanaí agus an doiciméad seo á scríobh, ach taispeántar sna torthaí sin arís gur féidir coigiltí suntasacha acmhainní agus airgeadais a bhaint amach. Tagarmharcanna maidir leis an dramhaíl, le tomhaltas uisce agus le tomhaltas fuinnimh in aghaidh chumas leapacha na n-ospidéal, eascróidh siad as na suirbhéanna seo roimh i bhfad. Dá chionn sin, cuirfear ar chumas eagraíocht cúram sláinte ar bith a feidhmíocht maidir leis an éifeachtúlacht acmhainne a chur i gcomparáid le caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tugadh cuireadh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a bheith páirteach sa tionscadal, ó cuireadh tús leis, chun féachaint ar shaincheisteanna um éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil cúram sláinte. Bunaithe ar an taithí a baineadh amach i rith an tionscadail, tá sraith uirlisí á forbairt maidir leis an éifeachtúlacht acmhainne ina gcuirfear san áireamh: ábhair oiliúna, lámhleabhair/bileoga eolais, sleamhnáin PowerPoint, póstaeir agus DVD.

Cuirfear eolas suas le himeacht ama ar www.greenhealthcare.ie faoin dul chun cinn a dhéantar maidir leis an tionscadal, chomh maith le hábhair threoracha. Cuirfidh sé seo ar chumas eagraíocht cúram sláinte ar bith a héifeachtúlacht acmhainne a fheabhsú.

Déantar machnamh faoi láthair ar Dhámhachtain um Chúram Sláinte Glas a fhorbairt sa bhliain 2011, a bheadh cosúil leis an Dámhachtain um Fháilteachas Glas. Cosúil leis an DFG, bheadh sé riachtanach clár a cheapadh, clár a bheadh dírithe go speisialta ar an earnáil agus a mbeadh a chritéir agus a chórais iniúchta féin aige.

Clár um Chosc ar Dhramhaíl Pacáistíochta

Baill foirne den Chlár um Chosc ar Dhramhaíl Pacáistíochta ag imeacht le déanaí de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Cuimsíonn an Treoir maidir le Pacáistíocht agus na rialacháin a ghabhann léi cuspóirí maidir le pacáistíocht agus le dramhaíl pacáistíochta a laghdú. Tá ceangal ar tháirgeoirí na critéir maidir leis na Ceanglais Bhunúsacha a chomhlíonadh, rud a chuimsíonn íoslaghdú na pacáistíochta a chuirtear ar an margadh. Cé go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta ar fud na tíre maidir le bailiú scagtha na dramhaíola pacáistíochta i gcomhair a hathchúrsála (64.7% sa bhliain 2008), is gá fós méid na pacáistíochta féin a bhíonn á gineadh a laghdú. Cheana féin, tá claonadh ag cuideachtaí "éadromú" nó laghdú a dhéanamh ar mhéid an ábhair a úsáideann siad mar phacáistíocht, d'fhonn costais ábhair, costais iompair agus costais eile a laghdú. Déantar é seo a chothromú leis an riachtanas atá ann táirgí a chosaint (a iompraítear thar achair fhada go minic), teochtaí díobhálacha/solas a sheachaint, lipéadú a thugann eolas don úsáideoir a sholáthar agus táirge indíolta a sheachadadh faoi dheireadh fós. Tá ag méadú ar an riachtanas a bhaineann le lucht déanta cinntí margaíochta/slabhra soláthair, áfach, a chaithfidh gníomhú i leith na dtionchar a mbíonn ag a gcuid roghanna deartha pacáistíochta ar an gcomhshaol. Ina theannta sin, caithfidh tomhaltóirí gníomhú chun níos lú pacáistíochta a éileamh agus pacáistíocht níos fusa le hathchúrsáil. Freagraíonn méid na pacáistíochta a eascraíonn go náisiúnta don idirghníomhaíocht chasta dhinimiciúil idir chúrsaí déimeagrafacha, ionchais chustaiméirí, stíleanna maireachtála nua-aimseartha, mhargaíocht, sholáthar an eolais táirge/sábháilteachta agus an eolais atá riachtanach de réir dlí, fhás geilleagrach, iomaíochas, dhomhandú, fhorbairtí táirge/teicneolaíochta agus éilimh shlabhra an tsoláthair.

Ag tosú sa bhliain 2007, tá Clár um Chosc ar Dhramhaíl Pacáistíochta á chomhmhaoiniú ag CNCD agus ag Repak Teo., atá i gceannas ar na tionscadail a chur i bhfeidhm. Tá ionchur teicniúil agus straitéiseach á sholáthar ag grúpa stiúrtha ar a bhfuil ionadaithe ó Repak, ón GCC, ó Fhiontraíocht Éireann, ó Musgraves Teo. agus ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Is é cuspóir an chláir ná cúnamh praiticiúil a sholáthar do ghnólachtaí na hÉireann chun méid na pacáistíochta a chuireann siad ar an margadh a laghdú. Is gá, chomh maith, labhairt le pobal níos leithne maidir leis an ról a mbíonn ag an bpacáistíocht sa tsochaí agus leis na bealaí inar féidir le daoine cabhrú lena laghdú, mar thomhaltóirí.

Tá na tionscadail um chosc ar phacáistíocht tar éis na nithe seo a leanas a bhaint amach i rith na bliana seo caite:

- Laithreán nua cuimsitheach athchóirithe ag www.preventandsave.ie a dhéantar a nuashonrú go leanúnach agus fáil air ag eagraíocht ar bith ar mian léi pacáistíocht a laghdú;
- In ocht mí tosaigh na bliana 2010, tugadh 1,798 cuairt ar an láithreán gréasáin, 693 cuairteoir uathúil ina measc;
- Foilsíodh i bhfoirm chlóite agus ar an láithreán gréasáin chomh maith cás-staidéir um chosc agus eolas ar na Ceanglais Bhunúsacha Pacáistíochta;
- Cuireadh uirlisí ar fáil ar líne i gcomhair Féininiúchta ar Cheanglais Bhunúsacha Pacáistíochta, Barrfheabhsú ar Phacáistíocht (príomhúil, tánaisteach agus treasach san áireamh) agus fóram díospóireachta;
- Tá Repak Teo. tar éis beirt Theicneolaí Pacáistíochta a cheapadh chun comhairle phraiticiúil a sholáthar do ghnólachtaí maidir le pacáistíocht inbhuanaithe – tagann glaonna isteach gach lá;



- Foilsíodh trí eagrán den ríomhiris "Positive Packaging" (Pacáistíocht Dhearfach) agus scaipeadh go forleathan iad;
- Foilsíodh Cás-Staidéir Dea-Chleachtais maidir leis an earnáil mhiondíola;

- Cuireadh breis is 26 measúnú saindírithe ar an láithreán i gcrích i rith na bliana seo caite do ghnólachtaí atá ag iarraidh a gcuid pacáistíochta a laghdú agus tá cuid mhór de na moltaí a d'eascair astu siúd curtha i bhfeidhm;
- Cuireadh tús le hoiliúint chreidiúnaithe um chosc ar phacáistíocht le treoirchlár ina raibh 20 duine rannpháirteach (bronnadh 11 dheimhniú). Tá fáil ar an gcúrsa oiliúna seo anois trí FÁS agus tá an cúrsa á mheas ag FETAC tríd an Grúpa um Fhorbairt Caighdeán aici;
- Reáchtáladh léirithe i ndáil leis an gcosc ar phacáistíocht ag réimse leathan ócáidí gnó i gcodanna difriúla den tír (11 an bhliain seo caite);
- Mar chuid de Sheachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola 2009, eagraíodh Seimineár um Dhearadh Pacáistíochta i gcomhar le Cumann Pacáistíochta na hÉireann agus Skillnets Éireann;
- Rinne CNCD urraíocht ar Dhámhachtainí Repak sna blianta 2009 agus 2010, a bhí dírithe go speisialta ar éachtaí a bhain le pacáistíocht a chosc. Cuirtear níos mó teannaidh anois le gnéithe coiscthe i ngach catagóir de na Dámhachtainí Repak;
- Soláthraítear tacaíocht leanúnach mar thaca leis an idirbheartaíocht atá ar siúl anois chun comhaontú earnála a fhorbairt le miondíoltóirí maidir le cosc ar phacáistíocht.

Is féidir go ndéanfaí tionscadail eile um chosc ar phacáistíocht a fhorbairt, de réir mar a bheidh méadú ag teacht ar an taithí agus de réir mar a thiocfaidh deiseanna oiriúnacha chun cinn. Tá an clár ina chuid dhílis den straitéis atá á leanúint ag an nGrúpa Náisiúnta Straitéise um Athchúrsáil Dramhaíola Pacáistíochta.

Clár um Theaghlaigh Glasa

Baill foirne den Chlár um Theaghlaigh Glasa ag imeacht le déanaí de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Ón mbliain 2007 i leith, tá cúnamh deontais á chur ar fáil don Aonad Oideachas Comhshaoil de chuid An Taisce chun an clár um Theaghlaigh Glasa a chur i bhfeidhm ar son an CNCD. Leagtar béim mhór sa chlár sin ar ghníomh agus cuirtear an cosc ar dhramhaíl agus an mhaireachtáil inbhuanaithe chun cinn i measc na sealbhóirí tí ar fad. Dírítear go háirithe ar theaghlaigh na leanaí scoile atá bainteach le Tionscnamh na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce, tionscnamh atá an-rathúil, ach dírítear freisin ar theaghlaigh sa phobal i gcoitinne. Is tionscadal ceannródaíochta é sin laistigh den ghluaiseacht idirnáisiúnta maidir le Scoileanna Glasa nó le hÉiceascoileanna. Cuimsíonn an clár leideanna praiticiúla maidir le hiompar daoine chun cosc a chur ar dhramhaíl, chun dramhaíl an teaghlaigh a mhúiríniú, chun uisce agus fuinneamh a chaomhnú, chomh maith le nósanna iompair níos inbhuanaithe. Sa bhliain

2010, cuirfear ábhar breise leis na leideanna sin a bhainfidh le cosc a chur ar dhramhaíl ghuaiseach teaghlaigh, chomh maith le heolas faoi conas dramhaíl den sórt sin a dhiúscairt i gceart, DTLL agus ceallraí san áireamh.

Baineadh na nithe seo a leanas amach faoin gclár um Theaghlaigh Glasa:

- Láithreán gréasáin cuimsitheach ag www.greenhome.ie agus fáil air anois de shíor ag duine ar bith ar mian leis/léi dramhaíl a chosc agus airgead a choigilt i saol a t(h)eaghlaigh féin;
- Tugadh breis is 30,017 cuairt ar an láithreán gréasáin sin idir 2009 agus lár na bliana 2010 agus tá 3,327 ball cláraithe ann anois;
- Sa bhliain 2010, tá timpeall is 10,000 sealbhóir tí bainteach leis an gclár agus, le meánlíon 2.81 duine in aghaidh an teaghlaigh, taispeánann sé seo go ndearnadh teagmháil le breis is 28,000 duine;
- Tionóladh searmanas Dhámhachtainí um Theaghlaigh Glasa i bPáirc an Chrócaigh i mí an Mheithimh nuair a bronnadh bratach ar 37 scoil ó 13 limistéar údarás áitiúil difriúil, ag ceiliúradh a rannpháirteachais sa chlár ar feadh breis is dhá bhliain;
- Foilsítear agus nuashonraítear i gcónaí ábhair acmhainní um chosc, mar shampla féilirí bliantúla, pacáistí gnímh, lámhleabhar do shealbhóirí tí agus lámhleabhar/pleananna ceachta do mhúinteoirí;
- Déantar suirbhéanna iompar comhshaoil um Theaghlaigh Glasa roimh gach céim den chlár agus ina diaidh, ina dtaispeántar athruithe suntasacha dearfacha ar iompar daoine;
- Mar chuid de Sheachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola, d'óstaigh IKEA, Baile Munna, seastán um Theaghlaigh Glasa agus chuathas i dteagmháil le foireann agus le baill an phobail i gcoitinne thar thréimhse cúig lá;
- Cuireadh daichead a trí léiriú scoile i láthair;
- Cuireadh léirithe i láthair cúig ghrúpa scoile i réigiún Bhaile Átha Cliath, a bhfuil dá cheann díobh i dteideal na ndámhachtainí um Theaghlaigh Glasa;
- Tháinig an chéad mheánscoil leis an gClár um Theaghlaigh Glasa (Coláiste Dheasumhan i Luimneach) agus tháinig pobal Bhráithre na Carthanachta i gCaiseal leis freisin;
- Cuireadh an clár chun cinn trí na tionscnaimh seo a leanas: Forbairt Cheantar Dheisceart agus Oirthear Chorcaí Teo., Bailte Slachtmhara Mhainistir Fhear Maí agus Imligh, “Coolearth” Dhún Laoghaire Ráth an Dúin, Ceoldráma Féile Loch Garman Níos Glaise agus Cloch na Coillte Inbhuanaithe;
- Leathnaíodh naisc sa phobal chun Líonra na mBailte Slachtmhara, Glantachán Náisiúnta Earraigh, Cósta Glas agus rannpháirtithe T/LCÚÁ a chur san áireamh;
- Tar éis Comhdháil Náisiúnta um Phobail Ghlasa a tionóladh ag Farmleigh sa bhliain 2009, bunaíodh grúpa náisiúnta stiúrtha agus cuireadh tús le treoir-staidéar.

Cuireann an Clár um Theaghlaigh Glasa le cumas daoine dramhaíl a chosc ar leibhéal an teaghlaigh, na scoile agus an phobail, rud a thacaíonn le hathrú dearfach ar iompar daoine san ionad oibre agus mar thomhaltóirí glasa. Ba chóir, dá réir sin, go dtacóidh sé sin le gnólachtaí atá i mbun a ngníomhaíochtaí agus a dtáirgí a ghlasú agus dianiarracht á déanamh ag Éirinn bheith ina geilleagar cliste níos glaise.

An Straitéis Náisiúnta maidir le Dramhaíl In-Bhithmhillte

Foilsíodh an straitéis thábhachtach sin sa bhliain 2006, ina moltar spriocanna náisiúnta coiscthe maidir le Dramhaíl In-Bhithmhillte Cathrach (DIC) a n-éilíonn laghdú formhéadaithe 3% go dtí 6% ar DIC in aghaidh na bliana. Is gnó práinneach do Éirinn anois dramhaíl in-bhithmhillte a chur ar atreo, agus spriocanna dochta maidir le hatreo faoin Treoir AE maidir le

Líonadh Talún le baint amach faoin mbliain 2010 agus ina dhiaidh sin. Tuairiscíodh sa Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl gur gineadh beagnach 2.1 mhilliún tona de DIC sa bhliain 2008 (laghdú 9.8% ar an mbliain 2007) agus gur cuireadh breis is 1.196 mhilliún tona (57%) i líonadh talún. Is laghdú 19% é seo ar an mbliain 2007. Ón mbliain 2010 amach, ní bheidh cead ag Éirinn ach 0.916 mhilliún tona DIC a chur isteach i líonadh talún, chun a spriocanna faoin Treoir maidir le Líonadh Talún a chomhlíonadh. Sin difríocht 280,000 tona idir an méid atá bainte amach agus an sprioc. Ní mór na spriocanna sin a bhaint amach chun nach ngearrfar fíneálacha costasacha AE orainn in am anáis náisiúnta gheilleagrach thromchúisigh. Moltar sa straitéis gur chóir don Chroífhoireann Coiscthe clár a fhorbairt chun díriú go sainiúil ar chosc na dramhaíola in-bhithmhillte.

Chun díriú ar an moladh sin, déantar na tionscadail ábhartha CNCD ar fad a oiriúnú chun aird a thabhairt ar an straitéis dramhaíola in-bhithmhillte agus chun tacú leis na rialacháin nua um dhramhbhia a tugadh isteach go díreach roimhe seo:

- Tá na riachtanais faisnéise a bhaineann le táscairí rianaithe do chur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta comhtháite sna próisis um bailiúcháin sonraí, próisis a n-úsáidtear agus na Tuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl á dtiomsú gach bliain;
- Tugtar faoi staidéir um dhramhaíl a rangú de réir mar a theastaíonn chun na heilimintí in-bhithmhillte a eascraíonn as an dramhaíl nó a chuirtear chuig líonadh talún a aithint;
- Chuathas i gcomhairle go forleathan maidir le tionscnamh an GCC, an Treoir um Réamh-chóireáil do Líonadh Talún, agus tugadh tacaíocht suntasach dó, ina ndírítear ar fhorfheidhmiú maidir le cur ar atreo na dramhaíola in-bhithmhillte ó líontaí ceadúnaithe talún;
- Rinne an GCC athbhreithniú ar na ceadúnais dramhaíola ar fad um líonadh talún chun teorainn a chur leis an méid dramhaíola in-bhithmhillte ar féidir a chur i líonadh talún;



- Déantar méideanna móra de dhramhaíl in-bhithmhillte a chosc nó a chur ar atreo ó líonadh talún tar éis do chlár na nDámhachtainí um Fháilteachas Glas a chur i bhfeidhm;
- Tá treoir um chosc ar dhramhbhia, “Níos Lú Dramhbhia, Níos Mó Brabúis”, á scaipeadh go forleathan ar an earnáil fáilteachais/lónadóireachta, a d'eascair as an tionscadal DFG;
- Déanfar cuid mhór den dramhaíl in-bhithmhillte a chosc nó a chur ar atreo freisin, toisc tionscadail um chosc a bheith á leathnú go dtí na mórearnálacha lónadóireachta, bialainne agus FSS/ospidéal príobháideach;
- Cuirtear béim in uirlisí iniúchta Greenbusiness.ie ar chosc na dramhaíola in-bhithmhillte;
- Cuireadh tús sa bhliain 2009 leis an tionscadal um Chosc ar Dhramhbhia agus um Múiríniú Baile, agus d'éirigh go maith leis seo arís sa bhliain 2010. Dírítear sa tionscadal seo ar acmhainní a fhorbairt a chuirfidh ar chumas na n-údarás áitiúil an méid dramhaíola in-bhithmhillte teaghlaigh a bhailítear agus a chóireáiltear go lárnach a theorannú (féach www.stopfoodwaste.ie);
- Cuireadh treoir agus oiliúint le chéile maidir leis an múiríniú baile, agus forbraíodh dhá láithreán taispeána agus cláir Máistirmhúiríneora chomh maith;

Deimhnithe á mbronnadh ar na chéad Mháistirmhúiríneoirí tar éis 28 uair de theagasc agus d'oiliúint phraiticiúil a dhéanamh. Thiomnaigh na hoibrithe deonacha go ndéanfaidís 30 uair bhreise for-rochtana, chun oiliúint a sholáthar do dhaoine ina bpobail féin faoi conas muiríniú a dhéanamh sa bhaile.

- Cuid dhílis den chlár um Theaghlaigh Glasa (agus de Chlár na Scoileanna Glasa) is ea múiríniú baile a chur chun cinn. Cuimseoidh na cláir sin cosc ar dhramhbhia chomh maith, chun cabhrú le daoine airgead a choigilt trí dhiomailt bia ina dteaghlaigh féin a sheachaint;
- Faoi Chlár LCÚÁ, tugtar tosaíocht do thionscadail maidir le dramhaíl in-bhithmhillte a chosc, m.sh. an treoir nua um chosc do thábhairneoirí *Stad a Chur leis an Dramhaíl*, ina dtugtar leideanna maidir le dramhbhia a chosc;
- Tá ionchur leanúnach á sholáthar do Ghrúpa Forbartha Margaidh (brandáilte mar rx3 anois) chun margaí a fhorbairt i gcomhair múirín, agus do Cré, grúpa na hearnála tráchtála a chuireann cóireáil bhitheolaíoch chun cinn;

Ní féidir leis na moltaí sa straitéis maidir le cosc agus le híoslaghdú oibriú i bhfolús, áfach. Tá sé tábhachtach gnéithe eile den straitéis a chur i bhfeidhm go hiomlán freisin. Cuimsíonn sé sin úsáid fhorleathan bailiúchán scagtha DCI agus cumas leordhóthanach maidir le dramhaíl teaghlaigh nó thráchtáil a mhúiríniú/chóireáil, chomh maith le margaí inbhuanaithe do na táirgí a eascraíonn astu. Tá na rialacháin i bhfeidhm anois a bhfuil ceangal iontu an dramhaíl thráchtáil a bhailiú ar leithligh agus ba chóir do na rialacháin sin spreagadh suntasach a thabhairt do na tionscadail ar fad a thugtar faoi deara thuas.

Deirtear sa *Dréacht-Ráiteas ar an mBeartas Dramhaíola – Lena Chomhairliú* le déanaí *"...go gcuirfear scéimeanna múirínithe baile chun cinn go práinneach, agus rialacháin chuí mar thacaíocht leo. Ag machnamh ar an riachtanas atá ann dul chun cinn suntasach a dhéanamh go luath sa réimse sin, foilsítear in éineacht leis an doiciméad seo dréacht-rialacháin chun soláthar bailiúchán dramhbhia teaghlaigh ar leith a éileamh, dréacht-rialacháin a rachfar i gcomhairle leo".* Moltar sa straitéis chomh maith go mbeadh údaráis áitiúla freagrach as spriocanna laghdaithe maidir le dramhaíl iarmharach teaghlaigh, dramhaíl in-bhithmhillte san áireamh. Dá dtabharfaí na bearta sin isteach, thacóidís le tionscadail CNCD maidir le cosc dramhbhia agus le múiríniú baile.

Soláthraítear tacaíocht sa ráiteas beartais chomh maith, ina deirtear *"Oibreoidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leis an GCC, chomh maith, chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia, mar atá leagtha amach sa Chlár Athnuaite don Rialtas agus chun cur leis na tionscnaimh rathúla atá ann cheana féin mar chuid den Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (CNCD). Tá Clár tiomnaithe chun STOP a Chur leis an Dramhbhia bunaithe cheana ag an GCC ag www.stopfoodwaste.ie mar chuid dhílis den CNCD. I dtosach, díríodh mar chuid den chlár sin ar an sealbhóir tí agus tá sé*

ceaptha chun tomhaltóirí a chumasú a gcuid dramhbhia a laghdú trí athsmaoineamh a dhéanamh ar conas ar chóir dóibh siopadóireacht a dhéanamh i gcomhair bia, bia a stóráil, a chócaráil agus a athúsáid". D'imigh mórchuid tionscadal CNCD, mar Fháilteachas Glas agus Chúram Sláinte Glas, níos faide arís, lena n-áirítear cosc ar dhramhbhia in oibríochtaí mórscála, oibríochtaí inar féidir mórchuid den dhramhaíl sin a chosc. Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, rinneadh treoir maidir le dramhbhia tráchtáil a chosc a scaipeadh go forleathan (athchlódh an treoir de bharr éilimh) agus is léir gur méadaíodh ar an méid treoracha ar glacadh leo de bharr na rialacháin dramhbhia nua.

Ba chóir go ndéanfaí dul chun cinn tábhachtach in Éirinn, de bharr na n-iarrachtaí ar fad thuas, maidir lena cuid spriocanna a bhaint amach faoin Treoir AE maidir le Líonadh Talún, spriocanna a bhaineann le dramhaíl in-bhithmhillte a chur ar atreo ó líonadh talún.

Ar an láithreán gréasáin StopFoodWaste.ie, tá eolas ar fáil do theaghlaigh ar conas airgead a choigilt tríd an méid bia a dhiomlaítear chuireann a laghdú, chomh maith le heolas faoi conas múiríniú a dhéanamh sa bhaile.

Acmhainní Uisce agus Fuinnimh a Chaomhnú

Eascraíonn caint ar chaomhnú uisce agus fuinnimh i gcónaí áit ar bith a mbítear ag smaoineamh ar chosc dramhaíola. Codanna dílse den teachtaireacht coiscthe is ea na trí acmhainn aiceanta sin, ar aon nós. Go deimhin, ach iad a ghlacadh in éineacht, is ionann iad agus croí na héifeachtúlachta acmhainne, atá mar chomhpháirt thábhachtach sa ghluaiseacht go dtí Tomhaltas agus Táirgeadh níos Inbhuanaithe. Ábhar na huaire is ea an caomhnú fuinnimh agus béim á cur ar leibhéal an AE, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal domhanda ar shlándáil/chostais fuinnimh, ar astaíochtaí carbóin agus ar athrú aeráide. Maidir leis seo, cuireann ceanglais na Rialachán um Fhuinneamh Foirgnimh go mór leis an gcaomhnú agus déanann na ceanglais reachtúla nua don éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí an rud céanna.

Buaiteoirí na Dámhachtana Repak don Tionscnamh is Fearr um Chosc Pacáistíochta 2010, urraithe ag an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Bronnadh an dámhachtain ar Kraft Foods Éireann, ag trádáil mar Kenco Coffee, as a phacaí Éicea-Athlíonta nua, a úsáideann 97% níos lú pacáistíochta i gcomhair a dtáirge caife.

Acmhainn luachmhar aiceanta is ea an t-uisce, áfach, agus ba chóir é a úsáid go stuama. Ba cheart é a chaomhnú ar go leor cúiseanna, ina measc, costais sochaí, bithéagsúlacht, oiriúnú don athrú aeráide agus, cibé ar bith eile, méid na gceimiceán/an fhuinnimh a theastaíonn chun uisce sábháilte óil a bhailiú, a chóireáil, a stóráil agus a sheachadadh. Tá ag méadú ar an bpráinn a bhaineann leis na cúrsaí sin a phlé ar leibhéal an AE, áit a bhfuil “Ordlathas Uisce” á mholadh ina bhfuil laghdú ar úsáid uisce mar an rogha is fearr agus gan smaoineamh ar sholáthairtí nua uisce a thabhairt isteach ach mar rogha deiridh. Meastar go bhfuil an soláthar uisce i réigiún Bhaile Átha Cliath chomh mór sin i mbaol go bhfuil ganntanas uisce á thuar faoin mbliain 2016.

Tá iarrachtaí suntasacha ar siúl ar fud na tíre ar fad cheana féin, chun cailliúintí uisce óil i líonraí seachadta a aithint agus a laghdú, tar éis Suirbhé Náisiúnta Uisce a chur i gcrích (43% den uisce ina Uisce Gan Tásc ar an meán, timpeall na tíre). Bíonn ar úsáideoirí tráchtála agus talmhaíochta íoc *pro rata* as a dtomhaltas. Moltar sa Tuarascáil a chuir an Coimisiún Cánachais amach sa bhliain 2009 go ngearrfaí táillí ar uisce teaghlaigh agus tá cruthúnas ann ón Ríocht Aontaithe agus ó áiteanna eile gur bealach éifeachtach é sin chun tomhaltas uisce teaghlaigh a laghdú.

Tá soláthar san Acht um Sheirbhísí Uisce maidir le dualgas cúraim, pluiméireacht a choimeád slán gan sceitheadh *inter alia,* cumhachtaí nua bronnta ar údaráis áitiúla chun dul i mbun idirghabhála i gcás ina mbíonn cailliúint uisce rómhór agus toirmeasc a chur ar phíobáin solúbtha agus fíneálacha a eisiúint. Tá ceangal ar dhaoine anois faoi na Rialacháin Tógála leithris déshruthlaithe a shuiteáil ón mbliain 2008 i leith. Tá treoirthionscadail ar siúl i roinnt ceantar údarás áitiúil chun an costas táirgthe uisce a thomhas agus chun tomhaltas teaghlaigh agus feirme a laghdú. Tá láithreán gréasáin www.taptips.ie ann, atá maoinithe go poiblí, chun comhairle a chur ar dhaoine maidir le dea-chleachtas um chaomhnú uisce.

Maidir le tionscadail CNCD, is rud nádúrtha é go dtagann cúrsaí caomhnaithe uisce agus acmhainne fuinnimh chun cinn áit ar bit a mbíonn iniúchtaí coiscthe dramhaíola nó

Measúnuithe ar Éifeachtúlacht Acmhainne ar siúl. Ar an ábhar sin, cuimsítear iad sna huirlisí iniúchta ar líne, a forbraíodh mar chuid de Thionscnamh Greenbusiness.ie. Breathnaítear orthu mar chuid dhílis de thionscadal na nDámhachtainí um Fháilteachas Glas agus den tionscadal um Chúram Sláinte Glas agus de chás-staidéir coiscthe eile ar bith a bheadh á meas. Chomh fada agus is féidir sin, bainfear úsáid as na hacmhainní agus as an saineolas atá ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann áit ar bith a mbíonn gá le coigiltí móra fuinnimh (féach an Clár Gníomhaíochta um Bainistíocht Fuinnimh (Energy MAP) ar www.seai.ie). Maidir le caomhnú uisce, tá coigiltí suntasacha uisce bainte amach faoi cuid de na tionscadail ERTDI/Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise, agus déanfar iad sin a mheas lena scaipeadh níos fairsinge in earnálacha ábhartha. Leanfaidh an Chroífhoireann Coiscthe dá cuid oibre a nascadh go straitéiseach le himreoirí tábhachtacha eile chun caomhnú uisce agus fuinnimh a chur chun cinn mar chuid dhílis den iarracht maidir le cosc dramhaíola.

Rannpháirtithe sa Líonra um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla ó Chontae na Gaillimh ag imeacht le déanaí de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Athúsáid agus Ullmhú i gcomhair Athúsáide

Tá an cosc ar barr ordlathas na bhfreagairtí atá molta do chúrsaí dramhaíola agus cuirtear san áireamh ann athúsáid na dtáirgí tar éis díothú agus íoslaghdú. De réir na Creat-Treorach Dramhaíola nua, cuirfear an t-ordlathas dramhaíola seo a leanas i bhfeidhm mar ord tosaíochta maidir leis an reachtaíocht agus beartas um chosc agus bainistiú dramhaíola:

a. cosc;
b. ullmhú i gcomhair athúsáide;
c. athchúrsáil;
d. aisghabháil eile, m.sh. aisghabháil fuinnimh; agus
e. diúscairt.

Sa Treoir, ciallaíonn "athúsáid" oibríocht ar bith faoina mbaintear athúsáid as táirgí nó as comhpháirteanna *nach dramhaíl iad* chun na críche *céanna* dár ceapadh iad. Ina theannta sin, ciallaíonn "ag ullmhú i gcomhair athúsáide" na hoibríochtaí aisghabhála, scrúdaithe, glantacháin nó deisiúcháin a úsáidtear chun táirgí nó comhpháirteanna *a ndearnadh dramhaíl díobh* a ullmhú ionas go mbainfí athúsáid astu gan réamhphróiseáil eile ar bith. Tá sé iomchuí do thionscadail CNCD athúsáid dhíreach a chur chun cinn agus ullmhúchán a dhéanamh i gcomhair na hathúsáide laistigh den ordlathas a ordaítear maidir leis an mbainistiú dramhaíola.

Tá réimse leathan gníomhaíochtaí ar siúl in Éirinn maidir le hathúsáid táirgí agus le hullmhú i gcomhair athúsáide. Bíonn roinnt de na gníomhaíochtaí seo ar siúl san earnáil dheonach, san earnáil geilleagair shóisialta, san earnáil phríobháideach nó san earnáil phoiblí. I gcásanna

áirithe, tá meastacháin ar fáil faoin méid táirgí a athúsáidtear, ach i gcásanna eile, níl figiúirí ar bith ar fáil i láthair na huaire. San fhoirm is simplí, tugann mórchuid daoine éadaí caite agus nithe teaghlaigh eile do shiopaí carthanachta le hiad a athdhíol. Tá roinnt samplaí ann sa gheilleagar sóisialta de ghníomhaíochtaí ina n-ullmhaítear nithe i gcomhair athúsáide.

Toscairí ag tabhairt cuairte ar an limistéar taispeántais ag imeacht le déanaí de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Go náisiúnta, tá athúsáid earraí iniompartha teaghlaigh á cur chun cinn ón mbliain 2006 i leith ag an rannóg Saorthrádála de láithreán gréasáin www.dublinwaste.ie. De réir taifead, baineadh athúsáid as 32,000 earra tríd an láithreán sin go nuige seo. Faoi láthair, baintear athúsáid as idir 30 agus 40 earra in aghaidh an lae. Tá 33,000 duine cláraithe mar bhaill leis an láithreán gréasáin anois agus, i mí Lúnasa 2010 amháin, taifeadadh 30,000 cuairteoir uathúil ar an láithreán gréasáin. Cuireadh an tseirbhís ar fáil ar fud na tíre i mí Iúil 2010 ó láithreán gréasáin nua ag www.freetradeireland.ie. Seirbhís phoiblí in aisce is ea an tseirbhís sin a fhaigheann tacaíocht ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus atá á bainistiú ag na húdaráis áitiúla. Cuireann an tseirbhís ar líne ar chumas daoine príobháideacha nó gnólachtaí earraí nach dteastaíonn uathu a chur ar aghaidh - nó earraí a chuardach a theastaíonn uathu – agus é sin go léir a dhéanamh saor in aisce. Is é mana an láithreáin ghréasáin "Ná cuir sa bhruscar é, bain athúsáid as". Soláthraíonn sé seo meán atá inrochtana go héasca do dhuine ar bith sa Stát chun earraí in-athúsáidte a chur ar aghaidh nó chun earraí a chuardach atá de dhíth air/uirthi, agus é sin a dhéanamh saor in aisce. Is féidir cuardach a dhéanamh ar an láithreán gréasáin de réir limistéir gheografach, ionas gur féidir earraí a aithint a bhfuil fáil orthu laistigh d'achar réasúnta. Forbraíodh láithreán gréasáin eile roimhe sin faoi R-thionscadal Mhaigh Chromtha (www.macroom-e.com) ag www.wastematchers.com chun cuspóirí comhchosúla a bhaint amach i réigiún Chorcaí. Chomh maith leis sin, tá seirbhís ar líne ar fáil ag www.schoolbookexchange.ie chun spreagadh a thabhairt do dhaoine téacsleabhair scoileanna agus choláiste a athúsáid. Tugann údaráis áitiúla áirithe tacaíocht don tseirbhís seo agus deirtear go bhfuil breis is 16,700 ball aici agus gur athúsáideadh breis is milliún leabhar.

San earnáil phobail agus fiontraíochta sóisialaí, tá samplaí áirithe iontacha de thionscnaimh athúsáide agus de thionscnaimh um ullmhú i gcomhair athúsáide, tionscnaimh ar chóir spreagadh a thabhairt dóibh. Is eagraíocht neamhspleách, sheachbhrabúsach é an Grúpa Rehab a chuireann seirbhísí oiliúna, fostaíochta, sláinte, cúram sóisialta agus tráchtála ar fáil in Éirinn agus in áiteanna eile san Eoraip (www.rehab.ie). Chomh maith le hathchúrsáil a dhéanamh mar chuid dá Fhiontair Athchúrsála Rehab, is féidir úsáid a bhaint astu, chomh maith, chun dramhthrealamh leictreach áirithe (go háirithe trealamh TF gnó) a athúsáid. Is fiontar geilleagair shóisialta eile é Camara a bhaineann athúsáid as trealamh TF chun críche an oideachais san Afraic (www.camara.ie).

Sa bhliain 2008, measadh nach ndearnadh ach athúsáid a bhaint as 460 tona de DTLL in Éirinn ar an iomlán (i gcomparáid le 50,154 tona a bailíodh i gcomhair athchúrsála) agus mar sin, tá raon ann chun athúsáid a bhaint as níos mó TLL. Chun é seo a chur ar aghaidh, tá clár taighde dá ngairtear ATH-Mheasúnú á thacú ag GCC STRIVE chun an cumas atá ann trealamh leictreonach athláimhe agus dramhthrealamh leictreonach a athúsáid, a fhiosrú (www.reevaluate.ie). Cruthaíodh compháirtíocht idir Rannóg na hInnealtóireachta Leictreonaice agus Ríomhaire in Ollscoil Luimnigh, Tionscnamh Athchúrsála Pobail Chluain Dolcáin agus Rehab Enterprises Teo. Chuir an Chomhpháirtíocht um ATH-Mheasúnú tús le Clár uileghabhálach um Thaighde agus Fhorbairt i mí na Samhna 2008 a leanfadh ar aghaidh ar feadh tréimhse 36 mí. Mar chuid den Chlár sin, déantar measúnú ar na tionscnaimh atá ann cheana féin a bhaineann le hathúsáid na R-dhramhaíola i réigiún Bhaile Átha Cliath Theas, agus cuirtear aithne ar an dea-chleachtas Athúsáide ón Eoraip agus ó áiteanna eile, d'fhonn moltaí a dhéanamh maidir le méadú ar an athúsáid agus na moltaí sin a thriail, de réir athbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh ar an Treoir DTLL. Is é is cuspóir ná an leibhéal R-dhramhaíola a athúsáidtear a mhéadú go dtí 5% den DTLL ar fad a bhailítear, ar a laghad. Maidir leis seo, is iad seo a leanas cuspóirí an Tionscadail ATH-Mheasúnaithe:

- Eolas úrscothach a bhailiú, a anailísiú, a bhailíochtú agus a scaipeadh sa réimse um athúsáid R-dhramhaíola, cibé cén cruth atá uirthi.
- Samhlacha dea-chleachtais a fhorbairt agus a dhoiciméadú chun athúsáid R-dhramhaíola a chomhtháthú i straitéisí áitiúla agus náisiúnta um bainistiú dramhaíola, chomh maith le tagarmharcanna, agus caighdeáin a mholadh ar chóir díriú orthu san earnáil.
- Diananailís eolaíochta a chur i bhfeidhm chun na caighdeáin theicniúla agus cháilíochta a aithint a bhíonn ag teastáil i gcomhair athúsáid na R-dhramhaíola agus i gcomhair na bhfiontar a dhéanann í sin. Éireoidh leis an Rannóg Innealtóireachta Leictreonaice agus Ríomhaire in Ollscoil Luimnigh é sin a dhéanamh trí mhonatóireacht ar thrialacha athúsáide, agus trí na trialacha sin a dhoiciméadú agus a mheas.
- Feasacht a chur chun cinn i measc an phobail agus an réimse chorparáideach maidir leis an gcumas atá ann R-dhramhaíl a athúsáid, agus an dea-chleachtas a thaispeáint agus a scaipeadh sa réimse sin.
- Moltaí beartais a thairiscint a bhfuil mar chuspóir acu athúsáid na R-dhramhaíola a chur chun cinn i measc gníomhaireachtaí ábhartha náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta.

An láithreán taispeántais múirínithe trialach i nDún Gar, Contae Ros Comáin.

Déanann an Lárionad Athaimsithe i mBaile Munna, Baile Átha Cliath troscán athláimhe a athchóiriú agus a dhíol, agus cuireann sé péinteanna atá fágtha chomh maith le héadaí athdhéanta ar an margadh (www.rediscoverycentre.ie). Sa bhliain 2008, thosaigh Rothar ag déanamh athchóiriú ar dhramhrothair lena n-athúsáid agus soláthraíonn sé réimse seirbhísí don phobal anois maidir leis an rothaíocht (www.rothar.ie). Níl aon amhras go bhfuil mórchuid samplaí iontacha eile ann de ghníomhaíochtaí athúsáide dá samhail atá ag tarlú ar fud na hÉireann, ar gá aitheantas agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá cúnamh deontais á sholáthar ag GCC CNCD don Lárionad Athaimsithe chun líonra náisiúnta a fhorbairt de na heagraíochtaí athúsáide seo go léir d'fhonn tacaíocht fhrithpháirteach a sholáthar, taithí a roinnt agus dea-chleachtais a fhorbairt. De thoradh ar seo, beifear ábalta chomh maith sonraí a fhorbairt maidir leis an méid eagraíochtaí athúsáide atá ann agus meastachán a dhéanamh ar an méid athúsáide atá ar siúl sa stát gach bliain. Tá líonraí den sórt sin bunaithe go maith anois sa RA, san Albain, sa Bhreatain Bheag agus i Londain mar Líonraí Athúsáide Pobail a chuimsíonn siopaí carthanacha agus fiontair phobail mhúirínithe (féach www.crn.org.uk mar shampla). Ar leibhéal an AE, is bratlíonra RREUSE d'fhiontair shóisialta a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí i réimsí athúsáide, deisiúcháin agus athchúrsála (www.rreuse.org). Is eagraíochtaí seachbhrabúsacha iad mórchuid de na balleagraíochtaí agus tá na luachanna céanna acu maidir leis an gcaomhnú comhshaoil, seirbhís don phobal, earraí inacmhainne, maolú bochtanais, cuimsitheacht shóisialta, oiliúint agus cruthú poist. Le himeacht ama, d'fhéadfadh deis a bheith ann tionscnaimh athúsáide phobail a chur ar siúl i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus le hIonaid Fóntais Phoiblí, rud a chuirfeadh ar chumas daoine earraí a thabhairt isteach chun measúnú a dhéanamh orthu lena n-athúsáid, lena n-ullmhú i gcomhair athúsáide nó lena ndiúscairt. D'fhéadfadh scéimeanna pobail agus máistirmhúiríneora, a chuirtear ar siúl go háitiúil, a bheith curtha san áireamh sa líonra chomh maith.

I gcás dramhaíola tráchtála/tionsclaíochta, chuir R-thionscadal Mhaigh Chromtha (a fuair tacaíocht ar dtús trí Chlár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise an GCC) tús le tionscadal siombóise tionsclaíochta le déanaí, tionscadal dá ngairtear SMILE (Airgead a Choigilt trí Naisc Thionscail agus Mhalartuithe Tionscail). Tionóladh treoirfhóram líonraithe um acmhainní gnó i mí an Mhárta 2010 i gCorcaigh, a d'fhreastail 52 gnólacht agus 80 rannpháirtí air. Cuireadh an imeacht seo ar siúl ar na bealaí céanna is a cuirtear imeachtaí Chlár Náisiúnta Siombóise Tionsclaíochta an RA (UK National Industrial Symbosis Programme (NISP)) ar siúl (www.nisp.org.uk), imeachtaí ar cuireadh tús leo sa bhliain 2005. Chuir an treoirimeacht seo ar chumas na ngnólachtaí rannpháirteacha teacht le chéile i slí struchtúrtha agus eolas a mhalartú maidir lena riachtanais/dtairiscintí i ndáil le hacmhainní. Rinneadh é sin chun iarracht a dhéanamh gnólachtaí a chur le chéile lena ndéanfadh siad obair bhreise lena chéile ina dhiaidh sin. I measc na n-acmhainní a d'fhéadfadh a bheith curtha le chéile bhí táirgí, fo-tháirgí, ábhair athchúrsáilte, dramhaíl mar acmhainn ionchurtha, trealamh, earraí próisis in-athúsáidte, chomh maith le lóistíocht, spás agus saineolas. Tá cumas maith ann an treoirthionscnamh sin a chur ar aghaidh trí láithreán gréasáin a fhorbairt ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta chun acmhainní gnó a mhalartú. Fuair R-thionscadal Mhaigh Chromtha cúnamh deontais ón CNCD chun an tionscadal sin a fhorbairt de bhreis, lena n-áirítear láithreán gréasáin tiomnaithe, bogearraí chun “riachtanais a chur le chéile” agus dhá imeacht eile chun an coincheap a thriail de bhreis. Tar éis measúnú a dhéanamh, d'fhéadfaí an tionscadal a scaipeadh de bhreis trí fhóraim líonraithe réigiúnacha a chur ar siúl ó am go chéile agus fáil leanúnach a bheith ar an áis Idirlín.

Cainteoirí ag comhdháil an Líona um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla a tionóladh i bPáirc an Chrócaigh i mí an Mheithimh 2010.

Soláthar Glas

Dá gceannódh eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí earraí agus seirbhísí a mbíonn tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol de rogha ar earraí agus ar sheirbhísí eile, chabhródh sé seo le costais na nithe sin a laghdú agus iad a dhéanamh níos inacmhainne i gcoitinne. Thabharfadh sé seo spreagadh chomh maith do ghnólachtaí breise earraí agus seirbhísí éicidheartha a thairiscint. D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil *Plépháipéar – I dTreo Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir leis an Soláthar Poiblí Glas (SPG)* i mí na Bealtaine 2010. Moltar sa pháipéar sé cinn de ghrúpaí táirge tosaíochta a thriail don SPG: Tógáil, Táirgí Glantacháin, Bia, Éidí agus Teicstílí, Páipéar agus Leictreachas.

Is féidir spreagadh a thabhairt do thomhaltóirí táirgí glasa a cheannach trí éicilipéid atá deimhnithe go cuí a chur i bhfeidhm. Déanann sealbhóirí na nDámhachtainí um Fháilteachas Glas a seirbhís nó a dtáirge a mhargú mar sheirbhís nó táirge a dhéanann níos lú díobhála don chomhshaol, agus tá an ceart acu é sin a dhéanamh. Is samplaí d'éicilipéid dea-rialaithe eile iad na lipéid uile-Eorpacha Bláth ar tháirgí, Lipéid fuinnimh ar threalamh leictreach, lipéid feidhmíochta comhshaoil ar bhoinn agus lipéid feidhmíochta fuinnimh ar tháirgí gluaisteáin. Dá gcuirfí éicilipéid i bhfeidhm maidir le táirgí agus seirbhísí ar bhonn náisiúnta, áfach, chaithfí cúrsaí iomaíochais idirnáisiúnta agus saorthrádála a chur san áireamh. Caithfidh aon éicilipéad critéir oibiachtúla a bheith aige a bhfuil maoirseacht chuí déanta orthu ag tríú páirtí, d'fhonn muinín a chruthú maidir leis na héilimh chomhshaoil a dhéantar. Gan a leithéid de mhaoirseacht oibiachtúil, tá sé ró-éasca táirgí agus seirbhísí a mhargú mar tháirgí agus mar sheirbhísí “glasa” gan bhonn inchreidte a bheith leis na héilimh sin. D'fhéadfadh margaíocht ghlas mhí-ionraic den sórt sin an bonn a bhaint faoi dheireadh ó na táirgí sin a bhfuil fíor-chúiseanna acu a éileamh go bhfuil tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol.

Cumarsáid maidir le Cosc Dramhaíola

Dúshlán leanúnach is ea teachtaireachtaí tarraingteacha a fhorbairt agus a sheachadadh maidir le céimeanna iompair praiticiúla chun an dramhaíl a chosc - rud nach ionann agus dramhaíl a athchúrsáil. Éilíonn na tionscadail um chosc go léir atá ar siúl (mar a shonraítear sa tuarascáil seo) cumarsáid fhorleathan leanúnach le réimse leathan lucht éisteachta roghnaithe agus páirtithe leasmhara chun dea-iompar coiscthe a chur chun cinn go héifeachtach i gcleachtas. Tá eilimintí gníomhacha ghníomhdhírithe ag gach tionscadal, d'fhonn a chinntiú go dtagann athrú ar iompar agus go gcoinnítear é sin nuair is féidir. Tapaítear deiseanna de réir mar a eascraíonn siad, chun cumarsáid a dhéanamh le réimse leathan lucht éisteachta maidir leis an gclár i gcoitinne, preasráitis a eisiúint nó labhairt ag comhdhálacha ábhartha san áireamh, de réir mar is cuí. Sna blianta 2009 agus 2010, choimisiúnaíodh an tsraith teilifíse Eco-eye arís agus forbraíodh

ábhar oiriúnach craolacháin mar mheán cumarsáide le pobal náisiúnta maidir le gnéithe den chlár.

Ón 20ú go 29ú Samhain 2010, beidh an Chroífhoireann Coiscthe i gceannas ar an iarracht maidir le rannpháirtíocht náisiúnta i Seachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola ar fud an AE, atá urraithe ag *Life* (féach www.ewwr.eu). Tá imeachtaí á mbeartú in éineacht le mórchuid de na páirtithe agus comhairleoirí atá ag obair ar na tionscadail dhifriúla um chosc (www.ewwr.ie). Tá forbairt bhreise á déanamh ar na leathanaigh gréasáin ag www.nwpp.ie chun a chur in iúl i mbealach níos fearr na deiseanna atá ag daoine i ngach áit a bheith rannpháirteach sa chosc ar dhramhaíl ina réimsí tionchair féin, pé acu laistigh dá dteaghlaigh, i mbun taistil, i mbun oibre nó i mbun fóillíochta dóibh, nó laistigh dá n-eagraíochtaí nó dá ngnólachtaí féin.

4. Dramhaíl Ghuaiseach a Chosc agus a Bhainistiú

An Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach 2008-2012



Tá ról straitéiseach le himirt ag an GCC agus an Chroífhoireann Coiscthe maidir le cosc agus le bainistiú na dramhaíola guaisí i bPoblacht na hÉireann. Tá ceangal dlí ar an GCC Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a ullmhú, le béim ar conas dramhaíl ghuaiseach a chosc/íoslaghdú, a aisghabháil, a bhailiú/iompar thart agus a dhiúscairt. Foilsíodh an chéad Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach (PNBDG) sa bhliain 2001. Foilsíodh plean leasaithe le cur ina áit sin, mar aon le ráiteas um Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (MSC) sa bhliain 2008 chun an tréimhse go dtí 2012 a chlúdach (féach www.epa.ie/whatwedo/resource/hazardous). Baineann na moltaí sa dá phlean le cosc na dramhaíola mar thosaíocht ar leith. Déanann an Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl monatóireacht ar mar a chuireann na húdaráis phoiblí a bhaineann le hábhar moltaí an phlean i bhfeidhm (féach Aguisín B). Cuireann an Chroífhoireann Coiscthe tuairiscí ar fáil go rialta don choiste maidir le sonraí dramhaíola guaisí, tionscadail um chur i bhfeidhm agus cúrsaí gaolmhara eile le plé. Soláthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil acmhainní agus ceannasaíocht i gcoitinne maidir le beartas chun an plean a chur i bhfeidhm.

Eascairtí Dramhaíola Guaisí

Chun saincheist na dramhaíola guaisí a chur i gcomhthéacs, meastar de réir na sonraí sa Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl gur mar seo a caitheadh le dramhaíl sa bhliain 2008:

- Rinneadh beagáinín níos mó ná 319 míle tona de dhramhaíl ghuaiseach a bhainistiú (méadú 4.6% ar an mbliain 2007);
- Caitheadh mar ba chóir leis an gcuid is mó den dramhaíl sin agus rinneadh cóireáil ar breis is 22% di (72,000 tona) ar láthair a ginte;
- Rinneadh cóireáil ar beagnach 36% di (113,839 tona) ar láthair eile seachas láthair a ginte (ach in Éirinn);
- Onnmhairíodh an chuid eile, mar atá, beagáinín níos mó ná 157 míle tona i gcomhair a cóireála nó a diúscartha thar lear;
- Seoladh 84% de na honnmhairí dramhaíola guaisí sin chuig an RA, an nGearmáin agus an Bheilg;
- Réamh-mheasadh an dramhaíl mhonaraithe ag breis is 4 mhilliún tona, beagnach 245 míle tona de dhramhaíl ghuaiseach san áireamh (nó 6% - laghdú beag i gcomparáid leis an mbliain 2007);
- Tháinig breis is 60% den dramhaíl ghuaiseach sin ón earnáil cheimiceach agus chógaisíochta;

- Ar leith ón dramhaíl ghuaiseach a thugtar faoi deara thuas, tógadh 493 míle tona d'ithir fhabhtaithe ó láithreáin athfhorbraíochta go raibh athfhorbairt á déanamh orthu sa bhliain 2008 (i gcomparáid le 188,127 tona sa bhliain 2007). Rinneadh cóireáil thar lear ar breis is 91% den ábhar sin (449,547 tona);
- Sa bhliain 2007, meastar go raibh beagnach 30 míle tona de dhramhaíl ghuaiseach "neamhthuairiscithe", is é sin le rá, nár cuireadh ar an taifead í ar dul isteach i gcóras foirmiúil bainistíochta dramhaíola ag freagairt do mhéid na dtáirgí a cuireadh ar an margadh. I measc na dramhaíola sin tá pacáistíocht péinte/dúigh, ceallraí beaga, dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh, dip chaorach/coimeádáin ceimicigh talmhaíochta eile, lampaí fluaraiseacha, dramholaí/scagairí agus tuaslagóirí tráchtála;

Dul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm an Phlean

Tá fiche a naoi gníomhaíocht agus moladh i bPlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach 2008-2012 chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna go léir a eascraíonn as na figiúirí sin, cosc, bailiú agus cóireáil san áireamh. Bíonn údaráis áitiúla, an GCC san áireamh, freagrach as na gníomhaíochtaí seo go príomha.

Tá sé tábhachtach go háirithe an dramhaíl ghuaiseach a chosc mar, de réir sainmhínithe, d'fhéadfadh airíonna na dramhaíola sin an-díobháil a dhéanamh don chomhshaol agus do shláinte an duine atá neamhchomhréireach leis na méideanna iarbhír atá i gceist. Sainmhíniú amháin den chosc is ea scaipeadh substaintí guaiseacha ar an gcomhshaol a sheachaint. Díríonn sé sin ar an obair ar fad a dhéantar chun feabhas a chur ar bhailiú agus ar chóireáil ábhar guaiseach, chomh maith lena n-íoslaghdú go cruinn. Na tionscadail phríomhshrutha um chosc ar fad a thuairiscítear sa chaibidil roimhe seo, cuirtear san áireamh iontu an dramhaíl ghuaiseach agus conas í a chosc agus iniúchtaí dramhaíola agus Measúnuithe ar Éifeachtúlacht Acmhainne á ndéanamh, atá bainteach leis an tionscadal. Tugtar tuairisc ó am go chéile don choiste ar thorthaí leanúnacha na dtionscadal sin. Tá sé den riachtanas go ndéanfaidh na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear tomhaltóirí agus gníomhairí geilleagracha a bhíonn ag plé le hábhair ghuaiseacha nó le táirgí guaiseacha, a ról féin chun fadhbanna dramhaíola a eascraíonn óna ngníomhaíochtaí a réiteach.

Rannpháirtithe den Líonra um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla ó Chontae Chorcaí ag imeacht le déanaí de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Gabhann Croífhoireann Coiscthe an GCC uirthi féin monatóireacht a dhéanamh ar shonraí dramhaíola guaisí mar chuid de thionscadal na Tuarascála Náisiúnta ar an Dramhaíl. Ina theannta sin, tugadh faoi thionscadail thosaithe éagsúla chun spreagadh a thabhairt do roinnt de na moltaí sa phlean a chur i bhfeidhm. I measc na dtionscadal sin, tá tionscadal um

Dhramhaíl Ghuaiseach Feirme, iniúchtaí agus Treoir Dea-Chleachtais do Gharáistí, Cód Cleachtais i gcomhair Ionad Fóntas Poiblí, chomh maith le staidéar ar Áis Náisiúnta um Dhramhaíl Dheacair a sholáthar. Tá sé beartaithe Tuarascáil ar leith maidir le Cur i bhFeidhm an Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a chríochnú i ndeireadh na bliana 2010.

An obair fhorfheidhmithe a dhéanann an Chroífhoireann Coiscthe maidir le táirgí rialaithe, substaintí guaiseacha agus gníomhaíochtaí sceidealaithe, cuireann an obair sin leis an gcuid oibre atá á déanamh aici ar an bPlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach. Ar an gcuma chéanna, tá sé tábhachtach obair a dhéanamh ar Thionscnaimh um Fhreagracht ar an Táirgeoir a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbailítear táirgí a d'fhéadfadh a bheith guaiseach (mar threalamh leictreonach agus cheallraí) ag deireadh a saoil chun cóireáil a dhéanamh orthu gan dochar a dhéanamh don chomhshaol. Cuireann sé sin le héifeachtúlacht acmhainne agus cuireann sé ar ár gcumas amhábhair nach bhfuil mórán díobh fágtha ar domhan a ghabháil as an dramhaíl sin agus a athúsáid. Chomh maith leis sin, cuireann na gníomhaíochtaí seo leis an gcuspóir coiscthe, scaipeadh substaintí guaiseacha ar an gcomhshaol a sheachaint. Tugtar tuairisc sna chéad dhá chaibidil eile den tuarascáil bhliantúil seo ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na réimsí oibre seo.

Gnólachtaí a ghlac páirt san éifeachtúlacht acmhainne a fheabhsú ag fáil a ndeimhnithe ag imeacht le déanaí de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

5. Forfheidhmiú Táirgí Rialaithe agus Comhlíonadh Gníomhaíochtaí Sceidealaithe

Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (POPanna) a Rialú

Is Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (POPanna) ann ná ceimiceáin an-thocsaineach de dhéantús an duine a d'fhéadfaidís fanacht sa chomhshaol ar feadh na blianta fada agus méadú a theacht orthu tríd an mbiashlabhra, rud a chuirfeadh sláinte an duine agus an comhshaol i mbaol tromchúiseach. Mar chuid dá n-airíonna ceimiceacha, galaíonn siad agus taistealaíonn siad achair fhada tríd an aer agus an uisce. Chomh maith leis sin, méadaíonn orthu i bhfíochán sailleach. Déantar soláthar sa Rialachán AE um Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha do chur i bhfeidhm Choinbhinsiún Stócólm, a bhfuil sé de chuspóir aige deireadh a chur le POPanna. Éilítear sa Choinbhinsiún gur chóir réimse beart rialaithe a chur i ngníomh a bhaineann le táirgeadh, le cur ar an margadh, le húsáid, le stoc-charnadh, le laghdú ar an scaoileadh agus le bainistiú dramhaíola. Tháinig rialacháin POPanna na hÉireann, lena gcuireadh na ceanglais sin i bhfeidhm, i ngníomh i mí na Bealtaine 2010 (I.R. Uimhir 253 de 2010). Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha an 5ú Lúnasa 2010. Tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm anseo an 3ú Samhain 2010.

Ainmnítear an GCC sna rialacháin náisiúnta mar Údarás Inniúil maidir le POPanna. Chuathas i dteagmháil le húdaráis eile ar a luíonn freagracht ina leith ar bhonn leanúnach, ina measc an Roinn Talmhaíochta (Seirbhís Rialaithe Lotnaidicídí), an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (Rialacháin ceimiceán REACH), Bord Leigheasra na hÉireann, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus páirtithe ábhartha eile. Tá Aonad Fardal an GCC tar éis forbairtí ar fhardail POPanna aeir, uisce agus talún a chur i gcrích. Déanfaidh Aonad Ceadúnaithe an GCC athbhreithniú leanúnach ar na coinníollacha ceadúnais CRCT a bhaineann le POPanna. Leanfaidh Oifig Measúnaithe Chomhshaoil an GCC de bheith ag foilsiú sonraí monatóireachta maidir le dé-ocsainí, le furáin agus le PCBanna sa chomhshaol. Tá treoir agus eolas GCC i dtaobh na rialachán sin le fáil ar www.pops.ie.

Cuireadh tuarascáil na bliana 2009 a bhí riachtanach faoi Airteagal 12 den Rialachán POPanna, chomh maith leis an tuarascáil thríbhliantúil don tréimhse 2007-2009, faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí an Mheithimh 2010. Freastalaíodh ar an gCúigiú agus ar an Séú Cruinniú de na hÚdaráis Inniúla AE sa bhliain 2010. Cuireadh naoi gceimiceán nua POPanna le Coinbhinsiún Stócólm sa bhliain 2010. In éineacht le hoifigigh ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, tá GCC i dteagmháil go forleathan le páirtithe leasmhara maidir leis na himpleachtaí oibríochtúla agus geilleagracha a bhaineann leis na POPanna nua-cheaptha sin atá ag teacht chun cinn.

Tá Plean Náisiúnta Feidhmithe (PNF), a chuimsíonn Plean Gníomhaíochta, á dhréachtú anois, maidir le bearta chun substaintí sonraithe a aithint, a thréithriú agus a íoslaghdú, agus beidh comhairliúchán iomlán poiblí ina leith sin. De réir Choinbhinsiún Stócólm, ní mór an PNF sin a chur i gcrích agus a atreorú roimh an 3ú Samhain 2012.

Défheinilí Polaclóirínithe (PCBanna) a Rialú

De ghnáth, tagtar ar cheimiceáin Défheinile Polaclóirínithe (PCBanna) i seantrealamh leictreach, mar shampla, claochladáin, toilleoirí agus ballastaí do shruthshoilsiúchán. Is Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (POPanna) iad a d'fhéadfaidís dochar mór a dhéanamh do shláinte an duine agus don chomhshaol, dá ligfí dóibh scaipeadh. Tá siad clúdaithe ag an reachtaíocht POPanna agus tá siad á rialú chomh maith ag an Treoir ón AE um PCBanna, a tugadh isteach i ndlí na hÉireann le I.R. Uimhir 163 de 1998.

D'fhoilsigh an GCC a chéad Phlean Bainistíochta maidir le PCBanna sa bhliain 2002, de réir na Rialachán. Foilsíodh Plean Bainistíochta nuashonraithe maidir le PCBanna sa bhliain 2008, ina chuimsítear Cód Cleachtais maidir le PCBanna agus trealamh ina bhfuil PCBanna a bhainistiú agus iad in úsáid. Cuireadh suirbhéanna agus iniúchtaí ar an láthair ar cois go leanúnach ag an GCC ar fud na tíre chun áiteanna ina bhfuil PCBanna a aithint. Rinneadh seasca a ceathair iniúchadh sa bhliain 2009 agus tá níos mó iniúchtaí ar siúl sa bhliain 2010.

Ar an dóigh sin, rinneadh teagmháil go díreach le méid mór eagraíochtaí ar dóichí go bhfuil mórmhéid seanfhoirgneamh ina seilbh, lena n-áirítear Oifig na nOibreacha Poiblí, Óglaigh na hÉireann, Iarnród Éireann, BSL, Bord na Móna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mórláithreáin tionsclaíochta agus aerfoirt agus na húdaráis áitiúla.

Ní mór seantoilleoirí i ngléasra leictreach a scrúdú le féachaint an bhfuil PCBanna iontu

Chun cumas na n-údarás áitiúil a fhorbairt maidir le háiteanna ina bhfuil PCBanna a aithint, tionóladh ceithre imeacht réigiúnacha oiliúna. Cuireadh oiliúint ar fáil do fiche a do duine den lucht údaráis áitiúil chun suirbhéanna a dhéanamh ar PCBanna in ionaid fuíolluisce agus in ionaid cóireála uisce. Sa bhliain 2009, tugadh faoi chlár forleathan cumarsáide in éineacht le soláthraithe trealaimh, le monaróirí, le cuideachtaí bainistíochta uisce agus le saotharlanna, d'fhonn feasacht a fheabhsú maidir le ceanglais na rialachán PCBanna. Ta treoir bhreise á forbairt maidir le conas trealamh a bhfuil PCBanna ann a dhíchoimisiúnú agus a dhí-éilliú.

Úsáidtear eolas ó na suirbhéanna agus torthaí ó na háiteanna aitheanta ina bhfuil PCBanna chun an Fardal Náisiúnta PCB a nuashonrú ó am go chéile. Tá an Plean Bainistíochta maidir le PCBanna, an fardal, chomh maith le heolas agus treoir GCC le fáil ar www.pcbs.ie.

Substaintí Ídithe Ózóin (ODS) a Rialú

Cosnaíonn an ciseal ózóin strataisféarach an Chruinne ar ghathaíocht dhíobhálach ultravialait na gréine. Tionscnamh idirnáisiúnta idir-Rialtasach is ea Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn Ciseal an Ózóin (1989), arb aidhm dó an ciseal ózóin strataisféarach a chosaint ar an dochar a dhéanann ceimiceáin antrapaigineacha áirithe. Tá an Comhphobal Eorpach agus gach Ballstát ina bPáirtí sa Phrótacal. Foilsíodh Rialachán Eorpach leasaithe (Uimhir CE 1005/2009) i mí Dheireadh Fómhair 2009 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Eanáir 2010. Is é is aidhm do na rialuithe a tugadh isteach faoi Phrótacal Montréal agus faoin Rialachán AE ná substaintí áirithe a bhfuil ar a gcumas ózón a ídiú a rialáil ó thaobh a dtáirgthe, a n-allmhairithe/n-onnmhairithe, a gcur ar an margadh, a n-úsáidte, a n-aisghabhála, a n-athchúrsála, a n-athghabhála agus a scriosta de. Úsáid theoranta atá a baint as na substaintí sin in Éirinn anois, mar shampla, sna hearnálacha seo a leanas: cuisniú agus aerchóiriú (Clórafluaracarbóin - CFCanna agus Hidreaclórafluaracarbóin - HCFCanna), cosc agus múchadh dóiteáin (halóin) agus cógaseolaíocht (tuaslagóirí ídithe ózóin). Tá deireadh curtha anois le húsáid na bróimíde meitile i dtoitriú agus i srianadh lotnaidí in Éirinn. Tá eolas agus treoir faoi cheanglais na rialachán sin le fáil ar www.ozone.ie.

Tá freagrachtaí, riachtanais bhunúsacha cáilíochta agus oibleagáidí tuairiscithe ODSanna leagtha síos sa reachtaíocht chumasúcháin in Éirinn. Tá leasú á dhéanamh ar an reachtaíocht sin faoi láthair chun an Rialachán leasaithe Eorpach a chur san áireamh. Toisc nach bhfuil substaintí ídithe ózóin (ODSanna) á dtáirgeadh in Éirinn, tá cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin anseo dírithe go príomhúil ar na nithe seo a leanas: úsáid a rialáil, cur le feasacht agus féachaint chuige go ndéantar dramhaíl ODSanna ar bith a bhainistiú mar ba chóir. Go háirithe, tá feachtas saindírithe ar siúl chun na hearnálacha ábhartha a chur ar airdeall maidir le deireadh a bheith ag teacht go luath le húsáid HCFC (lena n-áirítear R22 a úsáidtear go coitianta) i gcuisniú agus in aerchóiriú. I dtús na bliana 2010, cuireadh cosc ar úsáid HCFCanna neamhshaothraithe chun críocha cothabhála. Tiocfaidh cosc ar úsáid HCFCanna athghafa agus aisghafa i ngníomh sa bhliain 2014. Tá comhairliúcháin maidir le conas na cúrsaí sin a bhainistiú go héifeachtach ar siúl anois le hionadaithe na n-earnálacha cógaisíochta agus ceimiceán, micreaphróiseálaithe agus déiríochta, chomh maith le hionadaithe ó earnálacha eile. Baineann rialú allmhairithe agus onnmhairithe le hallmhairiú ó, agus le honnmhairiú go dtí, tíortha lasmuigh den AE agus is í Rannóg Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim atá a bhforfheidhmiú.

Cuireadh na tuarascálacha bliantúla don bhliain 2009 faoi bhráid an AE in am, bunaithe ar thorthaí na suirbhéanna a reáchtáladh sa bhliain 2010. Faoin Rialachán Eorpach leasaithe, ní mór trí thuarascáil bhliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, ina dtugtar mionsonraí ar úsáid chriticiúil halóin, ar bhróimíd mheitile agus ar thrádáil neamhdhlíthiúil in substaintí ídithe ózóin. Leanadh den chóras a bhaineann le Fógra na Bliana Roimhe, faoina gceadaítear bogadh teoranta dramhaíl ODS ag cuideachtaí i mbun cuisnithe. Ní bhfuarthas ach fógraí ó 100 conraitheoir agus is léir ón méid sin gur gá feabhas a chur ar an gcomhlíonadh maidir leis an gcóras sin. Tugadh sraith treoirnótaí dea-chleachtais faoi ODS in earnáil an chuisnithe agus in earnáil an aerchóirithe chun críche agus foilsíodh iad. Leanadh den idirchaidreamh leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (Rialáil Lotnaidí, Seirbhísí Foraoise agus Cosaint Plandaí) agus le Rannóg Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim, mar

eagraíochtaí ar a luíonn an fhreagracht maidir le tascanna áirithe ODS. Ina theannta sin, leanann an GCC agus eagraíochtaí ábhartha earnála ag obair as lámha a chéile, lena n-áirítear Institiúid Cuisnithe na hÉireann, Skillnet maidir leis an gCuisniú agus Cumann na gCóras Innealtóireachta Dóiteáin. Rinneadh iniúchtaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag An Garda Síochána sa bhliain 2010 maidir le húsáid chriticiúil halóin. Rinneadh caoga a haon iniúchadh in áitribh úsáideora deiridh/oibreora chun a fháil amach an raibh na rialacháin ODS agus F-gháis araon á gcomhlíonadh acu. Rinneadh dhá iniúchadh chun na sonraí a dheimhniú a cuireadh san áireamh sna tuarascálacha chuig an gCoimisiún Eorpach.

Tugadh sraith treoirnótaí dea-chleachtais faoi F-gháis agus faoi ODS in earnáil an chuisnithe agus in earnáil an aerchóirithe chun críche agus foilsíodh iad.

Gáis Cheaptha Teasa Fhluairínithe (F-gháis) a Rialú

Úsáidtear gáis cheaptha teasa fhluairínithe antraipaigineacha in earnálacha éagsúla agus i dtáirgí éagsúla, ach is mór idir na saghsanna iarmhairt díobhálaí a dhéanann siad ó thaobh Athrú Aeráide de. Tá na gáis sin clúdaithe ag Prótacal Kióto, agus cuimsíonn siad hidreafluaracarbóin (HFCanna), sárfhluaracarbóin (PFCanna) agus heicseafluairíd sulfair (SF6). Is airde a gCumas Téite Domhanda ná dé-ocsaíd charbóin (rud is ionann agus 1) agus síneann sé ó 97 do HFC-41 go dtí 22,200 do SF6. Úsáidtear F-gháis i dtrealamh cuisnithe agus aerchóirithe (feithiclí san áireamh), i monarú leathsheoltóirí, i gcórais chosanta dóiteáin, i lascthrealamh ardvoltais, in aerasóil leighis, i bhfuinneoga, i gcoisbheart, i mboinn gluaisteáin, i gcúir agus in aerasóil nuaga. Is ann do rialacháin AE anois a bhfuil de chuspóir acu cailliúintí F-ghás a laghdú trí bhearta atá dírithe go príomhúil ar shrianadh agus ar chosc astaíochtaí. Tá reachtaíocht chumasúcháin Éireannach á dréachtú anois ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ábhar á sholáthar chuige sin ag an GCC. Tá forluí áirithe ann le hearnálacha arna gclúdach cheana féin ag na rialacháin ODS.

Leagadh freagracht ar an gCroífhoireann Coiscthe sa bhliain 2009 as na bearta coiscthe a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn, a ndéantar soláthar dóibh sna rialacháin F-gháis. Tugadh sraith treoirnótaí dea-chleachtais faoi F-gháis agus faoi ODS in earnáil an chuisnithe agus in earnáil an aerchóirithe chun críche agus foilsíodh iad. Tá na nótaí seo dírithe ar chonraitheoirí cuisnithe/aerchóirithe, ar oibreoirí in oifigí agus i bhfoirgnimh phoiblí agus ar na hearnálacha miondíola, tionsclaíochta, fáilteachais agus fóillíochta. Caithfidh oibreoirí a mbíonn F-gháis in úsáid acu sceití a chosc agus sceití aimsithe a dheisiú, socruithe a chur in áit chun na gáis a bhainistiú mar ba chóir agus cáilíochtaí bunúsacha creidiúnaithe/oiliúna áirithe a bheith acu. Forbraíodh caighdeáin náisiúnta in éineacht le Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) chun an oiliúint a éascú agus is féidir amharc ar na caighdeáin sin ag www.fetac.ie. Forbraíodh scéim deimhnithe cuideachta chomh maith dóibh siúd a bhfuil pearsanra atá cáilithe go cuí á fhostú acu (féach www.fgasregistration.ie). Sonraítear ceanglais áirithe maidir le lipéadú trealamh ina bhfuil F-gháis agus tá toirmeasc ar roinnt dóigheanna úsáidte/táirgí. Caithfidh gach táirgeoir, gach allmhaireoir agus gach onnmhaireoir de bhreis is tona amháin de F-gháis taifid a choimeád agus tuairisc a chur chuig Coimisiún an AE, agus chuig an GCC agus an Roinn Comhshaoil,

Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chomh maith. Beidh gá le córais tuairiscithe náisiúnta, chomh maith, chun astaíochtaí bliantúla F-ghás a mheas.

Áit a mbíonn forluí earnálacha, déanfar rialacháin F-gháis a reáchtáil i dtreocheangal le forfheidhmiú rialachán ODS. Tá cruinnithe ar siúl fós le húsáideoirí móra F-ghás, lena n-áirítear grúpaí ollmhargaidh (cuisniú bia), cógaisíocht agus ceimiceáin agus tionsclaíocht (córais Téimh, Aerála agus Aerchóirithe). Rinneadh caoga a haon iniúchadh in áitribh úsáideora deiridh/oibreora chun a fháil amach an raibh na rialacháin ODS agus F-gháis araon á gcomhlíonadh acu agus tá sé beartaithe iniúchtaí breise a dhéanamh sna hearnálacha lena mbaineann. Tá treoir agus eolas GCC maidir le F-gháis le fáil ar www.fgases.ie.

Mic léinn ag tabhairt cuairte ar an limistéar taispeántais ag imeacht chun an cosc dramhaíola a chur chun cinn in Institiúid na Teicneolaíochta, Corcaigh agus an tSeachtain Eorpach um Laghdú Dramhaíola 2009 ar siúl.

Srian ar Shubstaintí Guaiseacha (RoHS) a Rialú

Cuireann an Treoir RoHS srian le húsáid substaintí guaiseacha áirithe i monarú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh (TLL). Is é is cuspóir don Treoir Mhargaidh Aonair sin ná sláinte na ndaoine a chosaint trína chinntiú go ndéantar Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) a dhiúscairt mar ba chóir, ó thaobh an chomhshaoil de. Baineann treoir ó Choimisiún an AE maidir le Treoracha Margaidh Aonair a chur i bhfeidhm le forfheidhmiú na Treorach RoHS. I measc na substaintí arna rialú tá an luaidhe, an mearcair, an caidmiam, an cróimiam heicsifhiúsach agus ceimiceáin lasairmhoillitheacha. Toirmisceann na Rialacháin táirgí ábhartha a chur ar an margadh ná a dháileadh ina bhfuil níos mó ná leibhéal sonraithe na substaintí sin. Go praiticiúil, leagann sé sin critéir reachtúla éicidhearaidh ar na páirtithe ar fad sa slabhra margaidh agus soláthair TLL. Ní mór do tháirgeoirí taifid leordhóthanacha a choimeád lena dheimhniú gur cloíodh leis na ceanglais sin maidir le deimhniú comhlíonta, nó tástáil ábhar nó comhpháirt ar bith a úsáidtear i gcomhair an táirgthe.

Is í an GCC an t-aon ghníomhaireacht forfheidhmithe do cheanglais RoHS in Éirinn, agus bronnadh cumhachtaí forleathana uirthi chun fiosrú agus tástáil a dhéanamh ar orduithe chun táirgí toirmiscthe a tharraingt siar/a bhaint den mhargadh, nó chun na horduithe sin a eisiúint más gá.

Leagadh de chúram ar an gCroífhoireann Coiscthe RoHS a fhorfheidhmiú in Éirinn. Tá straitéis á cur i bhfeidhm a chuimsíonn soláthar eolais, gearáin a fhiosrú, sáruithe rialach a chuirtear i leith táirgeoirí a mheas agus sampláil/tástáil ar tháirgí a bhíonn ar an margadh. Tá

soláthar sna rialacháin do chumhachtaí forleathana chun táirgí a aisghairm. Tá eolas agus treoir GCC le fáil ar www.rohs.ie.

Rinneadh fiche a haon táirge TLL a thástáil sna blianta 2008/9 agus, cé go bhfuarthas amach go raibh an chuid is mó díobh sin comhlíontach, rinneadh beart forfheidhmithe a thionscain i gcoinne na dtáirgeoirí, na miondíoltóirí agus imreoirí shlabhra an tsoláthair ábhartha nuair a aimsíodh táirgí neamhchomhlíontacha. I bhformhór na gcásanna, baintear táirgí neamhchomhlíontacha ón margadh go deonach. Eisíodh Treoir do tháirgeoir amháin (Euro General), áfach, gunna bréagánach a aisghairm ó úsáideoirí deiridh. Chuir an táirgeoir i gcoinne na Treorach sin i dtosach sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt ach i mí na Samhna 2009 d'fhoilsigh sé na fógraí aisghairme agus thug sé faoi na gníomhaíochtaí á n-éileamh ag an GCC. Ceannaíodh táirgí breise TLL sa bhliain 2010 agus tá na táirgí sin á dtástáil ó thaobh comhlíonta de faoi láthair.

Glacann an GCC páirt iomlán i Líonra Forfheidhmithe RoHS de chuid an AE, ina bhfuil ionadaithe ó chigireachtaí forfheidhmithe na mBallstát ar fad. Óstáladh cruinniú den líonra i Loch Garman i mí na Bealtaine 2010. Bhí 17 dtoscaire ó 11 Bhallstát i láthair ag an gcruinniú sin, chomh maith le toscairí ó Choimisiún an AE. Úsáidtear an líonra chun ceisteanna coitianta a phlé, chun léiriú a dhéanamh ar an Treoir, chun comhordú a dhéanamh agus chun foláirimh fhrithpháirteacha a eisiúint maidir le neamhchomhlíonadh. Mar chuid den obair seo, tugtar faoi thionscadail speisialta uile-Eorpacha, ina ndéanann gach Ballstát catagóirí áirithe de TLL a scrúdú. Mar shampla, i 2008/9 díríodh ar an trealamh TF agus i 2009/10 díríodh ar bhréagáin.

Ceallraí agus Taisc-Cheallraí ina Substaintí Toirmiscthe a Rialú

Tháinig na Rialacháin um Cheallraí agus Thaisc-Cheallraí i bhfeidhm i mí Meán Fómhair 2008. Toirmisceann an reachtaíocht ceallraí a chur ar an margadh a sháraíonn uasmhéid áirithe mearcair nó caidmiam, nó ar a bhfuil lipéid mhíchuí. Clúdaíonn na rialacháin réimse leathan cineálacha ceallraí, ina measc na cinn a úsáidtear in earnáil na n-ábhar iompartha tomhaltóirí, san earnáil gluaisteán agus san earnáil thionsclaíoch. Tá eolas agus treoir GCC i dtaobh na rialachán sin le fáil ar www.batteries-enforcement.ie.

Sa bhliain 2009, ceannaíodh táirgí ar an margadh ó sholáthraithe éagsúla timpeall na tíre sna catagóirí ceallraí/taisc-cheallraí ar fad (22 sampla). Rinneadh na samplaí sin a thástáil faoi chonradh i saotharlanna, chun a fháil amach an raibh teorainneacha trom-mhiotail á gcomhlíonadh acu. Fuarthas go raibh ceallra samplach amháin neamhchomhlíontach agus tarraingíodh as an margadh é ag an miondíoltóir. Ceannaíodh samplaí breise ceallraí chun tástáil a dhéanamh orthu sa bhliain 2010 mar chuid de chlár faireachais leanúnach.

Substaintí Pacáistíochta Toirmiscthe a Rialú

Éilítear sna Rialacháin um Pacáistíocht an phacáistíocht is lú is féidir a úsáid agus toirmeasc a chur ar shubstaintí sonraithe guaiseacha in ábhair phacáistíochta, d'fhonn tionchar comhshaoil na pacáistíochta i gcoitinne a laghdú. Ciallaíonn na Ceanglais Bhunúsacha sin nach gceadaítear do tháirgeoir pacáistíocht a sholáthar ina sáraítear tiúchan áirithe luaidhe, mearcair, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsach. Tá forálacha ann chun leibhéal comhlíonta na pacáistíochta gloine a chinntiú laistigh de na teorainneacha sin. Mar chuid den Chlár um Chosc ar Dhramhaíl Pacáistíochta, (a thugtar faoi deara níos luaithe sa tuarascáil seo), tá

uirlis iniúchta fhéinmheasúnaithe ar fáil anois a chuimsíonn treoir ar shubstaintí toirmiscthe (féach www.preventandsave.ie).

D'fhorbair an Chroífhoireann Coiscthe prótacail fhorfheidhmithe agus modheolaíochtaí faireachais chun an phacáistíocht a chuirtear ar an margadh in Éirinn a thástáil. Tógadh dhá shampla dhéag pacáistíochta sa bhliain 2010 chun tástáil a dhéanamh orthu.

VOC i dTáirgí Péinteanna Maisiúla a Rialú

Treoir Mhargaidh Aonair is ea an Treoir um Péinteanna Maisiúla arna cuireadh i bhfeidhm in Éirinn leis na Rialacháin um Péinteanna Maisiúla. Leagtar síos teorainneacha maidir le lipéadú agus leis an ábhar tuaslagóra nó VOC (Comhdhúlacha So-Ghalaithe Orgánacha) i bpéinteanna ar an margadh san earnáil teaghlaigh, san earnáil ghairmiúil agus san earnáil athbhailchríochnaithe feithiclí. Baineann treoraíocht Choimisiún an AE maidir le Treoracha Margaidh Aonair a chur i bhfeidhm le forfheidhmiú cheanglais táirgí na bPéinteanna Maisiúla. Ainmníodh an GCC mar Údarás Inniúil maidir le gnéithe táirgí na Rialachán sin. Tá treoir agus eolas GCC i dtaobh na gceanglas sin foilsithe ar www.decopaints.ie.

I rith na mblianta 2008/9, rinne an GCC iniúchadh ar 76 miondíoltóir agus tástáladh 13 shampla péinte i gcomhair ábhair VOC. Fuarthas go raibh deich sampla neamhchomhlíontach agus rinne miondíoltóirí trí tháirge neamhchomhlíontacha a tharraingt siar. Lean iniúchtaí gach gearán a rinneadh ar fud na tíre maidir le táirgí neamhchomhlíontacha san earnáil athbhailchríochnaithe feithiclí. Níor nochtadh go nuige seo fianaise ar bith maidir le hallmhairithe táirgí neamhchomhlíontacha ar an mórchóir. Rinneadh iniúchtaí go nuige seo ar tháirgí maisiúla baile ó mhórmhiondíoltóirí, agus bhí an chuid is mó de na táirgí seo comhlíontach freisin.

Feithiclí a bhfuil a Ré Caite a Rialú

Cuimsítear sa Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRC) oibleagáidí éicidhearaidh a chuirtear ar tháirgeoirí feithiclí, lena n-áirítear ceanglas chun féachaint chuige nach bhfuil luaidhe, ná mearcair ná cróimiam heicsifhiúsach in ábhair ná i gcomhpháirteanna feithicle sonraithe. D'fhéadfaí freagracht a leagadh ar an gCroífhoireann Coiscthe as na ceanglais sin a fhorfheidhmiú níos déanaí faoi na rialacháin Éireannacha nua atá á ndréachtú faoi láthair. Is trí Bhallstáit eile den AE a thagann formhór na bhfeithiclí isteach go hÉireann agus tá cineálcheadú feithicle déanta orthu cheana. Cuirfear an obair a bhaineann leis na cúrsaí sin chun cinn chomh luath agus a chuirfear reachtaíocht i ngníomh, lena n-áirítear an treoir a chuirfear ar fáil ar www.elvecodesign.ie.

Toscaire ag tabhairt cuairte ar an limistéar taispeántais ag imeacht le déanaí de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Gníomhaíocht Sceidealaithe Tuaslagóirí agus Péinteanna Maisiúla a Rialú

Is é is cuspóir don Treoir maidir le Tuaslagóirí ná astaíochtaí de Chomhdhúlacha So-Ghalaithe Orgánacha agus eascairtí dramhaíola guaisí a chosc in 20 earnáil thionsclaíoch ina mbíonn tuaslagóirí in úsáid. Is í an GCC a rialaíonn saoráidí móra a úsáideann tuaslagóirí faoi réimeas ceadúnaithe an Choisc agus na Rialála Comhtháite ar Thruailliú (CRCT). Cuireann na rialacháin sin ceangal ar oibreoirí níos bige clárú lena n-údaráis áitiúla, taifid mhionsonraithe ar úsáid/laghdú na dtuaslagóirí a choimeád agus a n-oibriú a chur faoi iniúchadh gach bliain. Caithfidh Conraitheoirí Creidiúnaithe Iniúchta (CCIanna) na himscrúduithe sin a reáchtáil agus a bheith cláraithe iad féin le Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) faoi ISO 17020, mar atá, Caighdeán na gComhlachtaí Idirnáisiúnta Iniúchta. Ar an gcuma chéanna, cuireann na Rialacháin um Péinteanna Maisiúla ceangal ar oibreoirí Athbhailchríochnaithe Feithiclí clárú lena n-údaráis áitiúla tar éis dul i mbun iniúchta CCI chomhlíontach gach dara bhliain. Toirmisctear ar na hoibreoirí sin péinteanna neamhchomhlíontacha a úsáid. Tá mórmhéid cuideachtaí FBM a d'fhéadfadh teacht faoi na Rialacháin um Thuaslagóirí agus Péinteanna Maisiúla. Tá slí nach beag ann, áfach, do laghdú suntasach ar thuaslagóirí ag eascairt as dramhaíl ghuaiseach. Ba chóir go mbeadh bainistiú dramhaíola guaisí níos fearr ann, de thoradh na scéimeanna CCI sin. Ta eolas agus treoir i dtaobh na rialachán sin ar fáil ar www.solvents.ie agus ar www.vehiclerefinishers.ie.

Rinneadh trí eagraíocht a chreidiúnú mar CCIanna ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú go nuige seo, a bhfuil seirbhísí iniúchta á gcur ar fáil acu anois do na hoibreoirí atá faoi cheangal. Is iad na húdaráis áitiúla atá freagrach as na rialacháin sin a fhorfheidhmiú. Faoi dheireadh na bliana 2009, cuireadh timpeall is 300 iniúchadh CCI Trimghlantóirí (Tuaslagóirí) agus 500 iniúchadh CCI Athbhailchríochnaithe Feithiclí (Péinteanna Maisiúla) i gcrích.

Sna blianta 2008/9, rinne an GCC iniúchadh ar ocht n-oibríocht athbhailchríochnaithe feithiclí i gcomhar le pearsanra údaráis áitiúil. Tar éis iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh, d'éirigh le Comhairle Chathair Phort Láirge i mí na Samhna 2009 an chéad ionchúiseamh riamh a chur ar dhuine a bhí i mbun athbhailchríochnaithe feithiclí gan Deimhniú Formheasa a bheith aige. Sa bhliain 2010, d'éirigh le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ionchúisimh bhreise a chur ar beirt a raibh athbhailchríochnú feithiclí ar siúl acu gan cead. Chomh maith leis sin, d'éirigh léi na chéad ionchúisimh riamh a chur ar beirt Thrimghlantóir faoi na Rialacháin um Thuaslagóirí.

Chun spreagadh a thabhairt d'údaráis áitiúla eile na rialacháin sin a fhorfheidhmiú agus chun cumas a fhorbairt maidir leis seo, rinne an GCC cruinniú de chuid an Líonra Forfheidhmiúcháin Chomhshaoil a reáchtáil i mí na Samhna 2009. Bhí breis is 50 toscaire ó 28 údarás áitiúil difriúil ann, chomh maith le hionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú agus na CCIanna. Tá a leithéid de scéim CCI á beartú don earnáil garáistí agus deisithe mótar, mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach.

Páistí scoile áitiúla ag tabhairt cuairte ar thaispeántas maidir le cosc dramhaíola in Institiúid na Teicneolaíochta, Corcaigh i gcomhair Sheachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola 2009.

6. Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir a Fhorfheidhmiú

Ionstraimí rialacháin gheilleagracha is ea Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir (TFTanna), ina gcuirtear ceangal ar tháirgeoirí (idir dhéantóirí agus allmhaireoirí táirgí) maidir le freagracht fhisiceach agus airgeadais i leith dtáirgí i ndiaidh a n-iompaithe ina ndramhaíl. Tá ceangal ar tháirgeoirí aird a thabhairt ar thionchar comhshaoil a dtáirgí ó chéim a ndeartha, a n-úsáidte agus a mbainistithe i ndiaidh a gcaite. Meastar gurb iad ab fhearr a bheadh in ann na feidhmeanna sin a chur i gcrích ar an gcostas is lú, rud is féidir a chur ar aghaidh go dtí tomhaltóirí mar chostas imeallach de bhreis, ag teacht leis an bprionsabal íoc mar a thruaillítear. Cuirtear an chuid is mó de TFTanna i bhfeidhm ar fud an AE mar a éilítear faoi na Treoracha ón AE. Ceanglaítear faoi Théarmaí Tagartha an Choiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (Aguisín B) monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le tionscnaimh um fhreagracht ar an táirgeoir san earnáil. Mar sin, cuirtear an t-eolas sin san áireamh sa tuarascáil seo. Pé scéal é, cuireann TFTanna le cosc trína chinntiú go gcuirtear feabhas ar éifeachtúlacht acmhainne, is é sin go ndéantar ábhair a athghabháil i gcomhair athúsáide agus nach ndéantar substaintí guaiseacha a scaipeadh ar an gcomhshaol. Ina theannta sin, i gcás DTLL, tá roinnt amhábhar ann nach bhfuil mórán díobh fágtha ar domhan ar féidir iad a athghabháil chun ionchur níos inbhuanaithe a sholáthar do tháirgeadh táirgí leictreonacha nua san AE.

Tá an Chroífhoireann Coiscthe freagrach as cuid mhór TFTanna a fhorfheidhmiú agus as tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla ina gcuid oibre forfheidhmithe mar is iomchuí. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an fhoireann ionchur agus tacaíocht maidir le forbairt agus le cur i bhfeidhm réimse TFTanna, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcruinnithe den Ghrúpa Monatóireachta um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), de Choiste Bainistíochta Chumann Cláraithe DTLL, den Ghrúpa Náisiúnta Straitéise um Athchúrsáil Dramhaíola Pacáistíochta, den Chomhairle Náisiúnta ar an Dramhaíl Tógála agus Scartála agus den Ghrúpa Forbartha Margaidh (athbhrandáilte mar rx3 anois).

Déantar eolas a sholáthar, ach go háirithe, maidir le cad atá fós le déanamh chun spriocanna a bhaint amach le haisghabháil a dhéanamh ar na sruthanna tosaíochta dramhaíola ar fad a bhaineann le hábhar, mar chuid de na Tuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl. Bunaítear na torthaí oifigiúla a chuirtear chuig Coimisiún an AE maidir le gach Treoir ar shonraí arna bhforbairt i gcomhair na dtuarascálacha sin, chomh maith. Tugtar cur síos anseo thíos ar chuid den obair atá curtha i gcrích ag an bhfoireann maidir leis na TFTanna éagsúla.

Rialacháin DTLL a fhorfheidhmiú

Cuireann na Rialacháin DTLL ceangal ar tháirgeoirí trealaimh leictrigh agus leictreonaigh (TLL) clárú leis an gclár DTLL (WEEE Register Society Ltd) (www.weeeregister.ie). Is é is cuspóir leis sin airgeadas a sholáthar maidir le DTLL a bhailiú, a stóráil, a chóireáil, a athghabháil agus, de réir mar is cuí, a dhiúscairt ar bhealach fónta ó thaobh an chomhshaoil de. Leagtar oibleagáidí ar mhiondíoltóirí DTLL teaghlaigh a ghlacadh ar ais saor in aisce (duine le duine), clárú lena n-údarás áitiúil agus eolas a sholáthar dá gcustaiméirí faoi na

roghanna maidir lena thabhairt ar ais. Tá treoir agus eolas GCC maidir le ceanglais na Rialachán le fáil ar www.weee-enforcement.ie.

Tá an GCC agus a cuid conraitheoirí ag leanúint dá gcuid iniúchtaí fógartha agus gan fhógra ar mhiondíoltóirí agus ar tháirgeoirí TLL. Tá iarrachtaí suntasacha á ndéanamh chomh maith táirgeoirí gan clárú a aithint, mar aon le táirgeoirí a d'fhéadfadh a bheith faoi oibleagáid nó "saorthairbhithe". Cuireadh 48 iniúchadh ar tháirgeoirí i gcrích an bhliain seo caite - 19 n-iniúchadh ar DTLL amháin agus 17 n-iniúchadh ar DTLL agus ar cheallraí. Ina theannta sin, rinneadh 20 iniúchadh ar áitribh miondíoltóra/dáileora. Cuimsíonn an Rialacháin DTLL táirgeoirí/miondíoltóirí a sholáthraíonn TLL trí chumarsáid i gcéin (láithreáin ghréasáin, catalóga postdíola, teilidhíol, srl.), chomh maith, agus táthar ag leanúint den iniúchadh ar na hoibríochtaí sin (rinneadh iniúchadh ar 11 láithreán gréasáin i gcomhair DTLL agus ceallraí). Rinneadh iniúchtaí chomh maith ag seónna trádála, mar shampla, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus an Seó Fuinnimh. Déanann an GCC measúnú ar leordhóthanacht na bpleananna um bainistiú dramhaíola agus na dtuairiscí arna gcur isteach ag táirgeoirí féinchomhlíontacha agus rinneadh iniúchadh ar 10 láithreán chun na sonraí a soláthraíodh a dheimhniú. Tá breis is 400 táirgeoir féinchomhlíontach gnólacht le gnólacht cláraithe anois leis an GCC i gcomhair DTLL. Caitear le gach gearán a thagann isteach, is cuma cad as dó, mar líomhaintí agus gníomhaítear ina leith mar chuid den iarracht leanúnach faireachais. Tá tús curtha le comhfhreagras leanúnach fhorleathan ina gcuirtear miondíoltóirí agus táirgeoirí araon ar airdeall i dtaobh a n-oibleagáidi faoi na Rialacháin (2,250 cuideachta).

I gcás nach mbíonn an GCC sásta leis an leibhéal comhlíonta atá bainte amach ag eagraíocht ó thaobh soláthar eolais agus comhairle de, d'fhéadfaí dul i mbun dlí. Cuireadh cúig ionchúiseamh i gcrích an bhliain seo caite de bharr sárú ar dhualgais táirgeora DTLL, mar a thaispeántar sa tábla seo a leanas.

Ainm na cuideachta	Dáta an ionchúisimh	Cineál na gcionta	Fíneálacha	Costais
Euro General Retail Teo.	9 Samhain 2009 (arna tugadh i gcrích an 23 Samhain 2009)	Oibleagáidí an táirgeora	An tAcht Promhaidh arna chur i bhfeidhm	€8,464
Passax Electronics Teo.	5 Eanáir 2010	Oibleagáidí an táirgeora	€1,000	€3,000
Total Energy Controls Distributors Ireland Teo.	12 Eanáir 2010	Oibleagáidí an táirgeora	€4,000	€8,440
Quipman Ireland Teo.	8 Márta 2010	Oibleagáidí an táirgeora	€1,500	€3,500
William Reynolds and Sons Teo.	19 Aibreán 2010	Oibleagáidí an táirgeora	€450	€3,000

Torthaí suntasacha atá bainte amach go nuige seo ag Rialacháin DTLL, faoinar bailíodh méid mór dramhaíola a d'fhéadfadh a bheith guaiseach, chun go ndéanfaí í a athchúrsáil. Sa Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl tuairiscítear gur bailíodh beagnach 52 míle tona DTLL sa bhliain 2008. Ar an meán, is é sin 9 kg in aghaidh an duine i gcomparáid le sprioc AE de 4 kg in aghaidh an duine faoin mbliain 2008. Rinneadh beagnach daichead a sé faoin gcéad den DTLL sin a chóireáil in Éirinn agus allmhairíodh an chuid is mó de na hábhair in-athchúrsáilte lena n-úsáid sa mhonarú. Ar an drochuair, tá cuid mhór den chumas cóireála DTLL in Éirinn druidte anois. Bainfidh impleachtaí leis seo do tháirgeoirí maidir leis na méideanna DTLL a bhailíonn siad a bhailíochtú agus lena thaispeáint go bhfuil a spriocanna reachtúla aisghabhála á gcomhlíonadh acu.

Tá soláthar poiblí glas mar bheart coiscthe atá luaite sa Chreat-Treoir Dramhaíola 2008. Ag smaoineamh air sin agus ar éagsúlacht agus líon an TLL a cheannaíonn comhlachtaí poiblí, cuireadh nóta treorach maidir le soláthar TLL ar fáil don earnáil phoiblí níos leithne ar láithreán gréasáin an GCC. Tá comhairliúchán páirtithe leasmhara ar siúl a bhfuil an Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gceannas air, chun bealaí a aimsiú d'fhonn prótacal a fhorbairt maidir le *hAthúsáid* córasach DTLL in Éirinn, rud a bheadh ina thionscnamh suntasach coiscthe dramhaíola ann féin. Cé gur rud inmholta é gur bailíodh 9 kg de DTLL in aghaidh an duine (seachas é a chur i líonadh talún), taispeánann sé seo chomh maith b'fhéidir nach bhfanann an trealamh leictreach ró-fhada sa gheilleagar ón am a cheannaítear é go dtí go ndéantar é a dhífheidhmiú. Tugann sé seo le tuiscint gur gá iarrachtaí a dhéanamh chun athúsáid agus éicidhearadh a chur chun cinn (d'fhonn fad saoil agus deisiú a chun chun cinn).

Toscaire ag tabhairt cuairte ar an limistéar taispeántais ag imeacht le déanaí de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Na Rialacháin um Cheallraí agus Thaisc-Cheallraí a Fhorfheidhmiú

Tháinig oibleagáidí faoi na Rialacháin um Cheallraí agus Thaisc-Cheallraí in éifeacht sa bhliain 2008. Is é is cuspóir do na bearta sin ná an tionchar diúltach a bhíonn ag ceallraí agus ag taisc-cheallraí ar an gcomhshaol – agus ag dramhaíl ceallraí agus taisc-cheallraí – a íoslaghdú, i slí a chabhróidh le cosaint, le caomhnú agus le feabhsú cáilíochta comhshaoil. Tá soláthar sa reachtaíocht sin, cosúil le DTLL, maidir le táirgeoirí a chlárú agus cuirtear oibleagáid ar mhiondíoltóirí maidir le glacadh ar ais ceallraí a mhaoiniú agus eolas a chur ar fáil don phobal. Is féidir ceallraí a thabhairt ar ais go dtí miondíoltóir a dhíolann táirgí comhchosúla fiú murar ceannaíodh iad ón miondíoltóir sin. Tá eolas agus treoir GCC maidir le ceanglais na Rialachán le fáil ar www.batteries-enforcement.ie. Tá freagrachtaí forfheidhmithe ag na húdaráis áitiúla chomh maith faoi na rialacháin sin agus chuathas i dteagmháil leo trí chruinnithe Líonra Forfheidhmiúcháin Chomhshaoil na hOifige Forfheidhmiúcháin Chomhshaoil. Forbraíodh treoir agus scaipeadh tríd an bhfóram seo í maidir le forfheidhmiú ceallraí sa bhliain 2010.

Tá roinnt earnálacha agus gníomhairí geilleagracha ann atá clúdaithe ag na rialacháin DTLL agus ceallraí araon, mar bharainniú ar na hiarrachtaí forfheidhmithe. Tá roinnt earnálacha ann, áfach, nach bhfuil clúdaithe ach ag na rialacháin um cheallraí, mar shampla, na hearnálacha tionsclaíochta, gluaisteán agus muirí. Rinneadh iniúchtaí ar 45 miondíoltóir tionsclaíoch agus gluaisteán (talmhaíocht agus muirí san áireamh) sa bhliain 2009. As na 48 iniúchadh ar tháirgeoirí a cuireadh i gcrích an bhliain seo caite, chlúdaigh 12 díobh ceallraí amháin, chlúdaigh 17 díobh DTLL agus ceallraí araon agus chlúdaigh na cinn eile DTLL amháin. Ina

theannta sin, rinneadh 20 iniúchadh ag áitribh miondíoltóra/dáileora. Cuimsíonn na Rialacháin um Cheallraí táirgeoirí/miondíoltóirí a sholáthraíonn ceallraí trí chumarsáid i gcéin (láithreáin ghréasáin, catalóga postdíola, teilidhíol, srl.), chomh maith, agus táthar ag leanúint den iniúchadh ar na hoibríochtaí sin (rinneadh iniúchadh ar 21 láithreán gréasáin i gcomhair ceallraí agus ar 11 láithreán gréasáin i gcomhair DTLL agus ceallraí). Is é is cuspóir leis an iarracht ar fhorfheidhmiú páirc chothrom imeartha a bhunú don lucht comhlíonta, mar thaca leis na spriocanna uaillmhianacha a cuireadh in áit chun méideanna móra ceallraí a bhailiú, a raibh an chuid is mó díobh gan bailiú go nuige seo. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbreithnítear ar cheallraí caidmiam nicile agus ar chealla mearcair mar shubstaintí guaiseacha. Sa bhliain 2006, meastar nár tuairiscíodh 5,361 tona de cheallraí beaga agus 177 tona de cheallraí luaidhe-aigéadacha.

Athchúrsáil na Pacáistíochta Dramhaíola

Tá na húdaráis áitiúla freagrach as forfheidhmiú na Rialachán um Pacáistíocht sna limistéir ina bhfuil siad inniúil, go háirithe maidir le comhlachtaí tráchtála atá ag iarraidh a bheith comhlíontach astu féin. Tugann Oifig Forfheidhmiúcháin Chomhshaoil an GCC cúnamh ceannasaíochta do na húdaráis áitiúla tríd an Líonra Forfheidhmiúcháin Chomhshaoil, d'fhonn comhlíonadh na Rialachán um Pacáistíocht a fheabhsú. Tá an Chroífhoireann Coiscthe freagrach as ráta athchúrsáil na pacáistíochta a fhíorú gach bliain mar chuid de thionscadal na Tuarascála Náisiúnta ar an Dramhaíl. Soláthraítear ionchur, chomh maith, ag cruinnithe an Ghrúpa Náisiúnta Straitéise um Athchúrsáil Dramhaíola Pacáistíochta.

Tháinig méadú ó 63.6% sa bhliain 2007 go dtí 64.7% sa bhliain 2008 ar ráta athchúrsáil na dramhaíola pacáistíochta. Tá sé seo i bhfad níos airde ná sprioc an AE de 60% faoin mbliain 2011 agus an sprioc náisiúnta do 2008. Cé go bhfuil sé tábhachtach leanúint de na spriocanna reachtúla athchúrsála sin a bhaint amach, tá níos mó béime á cur i gcónaí ar Chosc na Dramhaíola Pacáistíochta, rud ar a bhfuil cur síos níos luaithe sa tuarascáil seo. Cabhróidh sé sin, chomh maith, leis an gcomhlíonadh maidir le gnéithe íoslaghdaithe na gCeanglas Bunúsacha Pacáistíochta. Cuimsíonn siad sin ceangal chun pacáistíocht a theorannú don leibhéal leordhóthanach is lú a theastaíonn i gcomhair na leibhéal sláinte, sláinteachais agus inghlacthachta don táirge a phacáistiú i gcomhair an tomhaltóra.

Athchúrsáil Feithiclí a bhfuil a Ré Caite a Rialú

Faoi na Rialacháin um Fheithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRC), caithfidh sealbhóirí branda feithiclí nó táirgeoirí líonra náisiúnta d'Áiseanna Cóireála Údaraithe (ÁCÚ) a chur i ngníomh. Caithfidh na háiseanna sin sainchaighdeáin chomhshaoil a chomhlíonadh agus díthruailliú, cóireáil agus aisghabháil a chur ar fáil d'fheithiclí atá i ndeireadh a saolré fónta. Is iad na húdaráis áitiúla atá freagrach as na gnéithe sin de na rialacháin a fhorfheidhmiú sna limistéir ina bhfuil siad inniúil.

Is í an GCC atá freagrach as sonraí dramhaíola FRC a bhailiú trí thionscadal na dTuarascálacha Náisiúnta ar an Dramhaíl. Rinne an Chroífhoireann Coiscthe rangú mórscála dramhaíola FRC agus tástáil mionghearrthóirí chun eolas a bhailiú maidir leis an ráta measta aisghabhála in Éirinn.

Tionscnaimh eile maidir le Freagracht ar an Táirgeoir

Tá an scéim um Plaistigh Feirme ar siúl in Éirinn ar feadh roinnt blianta anuas. Foilsíodh rialacháin maidir le boinn dramhaíola sa bhliain 2007, chun iarrachtaí maidir leis an sruth dramhaíola sin a bhainistiú ar bhealach fónta ó thaobh an chomhshaoil de. Is iad na húdaráis áitiúla atá mar údaráis forfheidhmithe don dá rialachán sin.

Freagracht níos mó ar an Táirgeoir

Faoi Alt 8 den Chreat-Treoir Dramhaíola, tá sé de chumhacht ag na Ballstáit bearta a achtú maidir le Freagracht Níos Mó ar an Táirgeoir (EPR). Is é is aidhm leis sin ná neart a chur le hathúsáid, le cosc, le hathchúrsáil agus le bealaí eile chun dramhaíl a aisghabháil. Is féidir ceanglais a chur isteach sna bearta sin chun freagrachtaí níos mó a chur ar tháirgeoirí gairmiúla a bhíonn i mbun táirgí a fhorbairt, a mhonarú, a phróiseáil, a chóireáil, a dhíol nó a onnmhairiú. D'fhéadfadh a bheith i measc na gceanglas sin ceanglas chun táirgí agus dramhaíl a thógáil ar ais ag deireadh a saolré agus bainistíocht a dhéanamh ina dhiaidh sin ar an dramhaíl, chomh maith lena bheith freagrach as a leithéid de ghníomhaíochtaí ó thaobh airgeadais de. D'fhéadfadh ceangal a bheith ann eolas poiblí a sholáthar i dtaobh EPRanna. Ar an dóigh chéanna, is féidir le Ballstáit bearta a ghlacadh le daoine a spreagadh chun táirgí a dhearadh i slí a laghdóidh a dtionchar ar an gcomhshaol a eascraíonn as a dtáirgthe, a marthanachta teicniúla, a n-úsáidte, a gcumas athúsáidte, a n-aisghabhála, a n-athchúrsála agus a ndiúscartha.

Sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach, aithnítear gurbh fhéidir go mbeadh EPRanna, mar shampla, ina gcabhair maidir le maoiniú agus le heagrú a dhéanamh i dtaca le cóir leighis do dhaoine a ghlacadh ar ais, mar aon le ceimiceáin/cógais feirme, dramholaí/scagairí, soithigh péinte, ceimiceáin do ghairdín teaghlaigh agus pacáistíocht dúigh.

Deirtear sa *Dréacht-Ráiteas ar an mBeartas Dramhaíola – Lena Chomhairliú* le déanaí *"Is croíphrionsabal an Prionsabal Íoc mar a Thruaillítear atá mar thaca leis an gcaomhnú comhshaoil, a chuireann de cheangal ar tháirgeoirí dramhaíola íoc as iomlán na gcostas a bhaineann le seirbhísí bainistíochta dramhaíola a sholáthar, bailiú, cóireáil agus diúscairt san áireamh"* agus *"Féachann feidhmiú an phrionsabail chuige chomh maith go gcuirtear san áireamh sa phraghas a ghearrtar ar tháirgeoirí na costais bainistíochta dramhaíola a eascraíonn i rith shaolré táirge agus nuair a bhíonn a ré caite".* Tá sé beartaithe sa ráiteas TFTanna a leathnú chuig páipéir nuachta, irisí, dramhphost agus cineálacha eile de mhargaíocht dhíreach. Chuirfí de cheangal ar fhorbairtí tógála os cionn tairseach sonraithe, bannaí comhlíonta a thógáil amach, bannaí a ndéanfaí a fhuascailt tar éis spriocanna athchúrsála sonraithe a bhaint amach faoi phlean bainistíochta dramhaíola láithreáin. Déanfar tobhaigh táirge a mholadh i gcomhair earraí indiúscartha, earraí atá an-infheicthe nó atá ina gcuid thábhachtach den dramhaíl iarmharach.

An tOllamh John Fitzgerald ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ag tabhairt aithisc ag comhdháil an Líonra um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla i mí an Mheithimh 2010 ar an éifeachtúlacht acmhainne ó thaobh an gheilleagair de.

7. Conclúidí

Tugtar mionchuntas sa tuarascáil seo ar réimse leathan tionscadal atá á gcur i bhfeidhm ag Croífhoireann Coiscthe an GCC le gur fearr a bheifear in ann an dramhaíl a chosc agus táirgiúlacht/éifeachtúlacht acmhainne a fheabhsú in eagraíochtaí príobháideacha agus earnála poiblí, agus i measc an phobail i gcoitinne in Éirinn chomh maith. Tá sé seo thar a bheith cuí agus an tír ag druidim le ré ina mbeidh laghdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach agus méadú ar éilimh ar éifeachtúlacht bhreise, ar nuálaíocht bhreise agus ar iomaíochas breise. Táthar ag súil leis na tionscnaimh um chosc ar fad a leathnú ar an leibhéal náisiúnta de réir mar a thugtar na céimeanna trialacha chun críche agus mar a chuirtear meicníochtaí cuí, maoiniú agus acmhainní daonna ina measc, ar fáil chuige sin. Leanfaidh na tionscadail den tuairisciú ar chás-staidéir maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus cinnteoidh siad go gcuirfear san áireamh iad ar fud an chláir ina iomláine.

Gníomhaíocht thábhachtach straitéiseach i gcomhair na hÉireann is ea leanúint den iarracht dramhaíl a chosc, chun fás inbhuanaithe agus iomaíoch a chinntiú don todhchaí. Sna bliana atá romhainn amach, meastar go leanfaidh torthaí tábhachtacha na tionscadail um chosc dramhaíola ar a bhfuil cur síos anseo, i gcomhar le tionscnaimh chomhtháite náisiúnta um bainistiú dramhaíola eile. Cuireadh béim ar roinnt tionscnamh náisiúnta beartaithe sa *Dréacht-Ráiteas ar an mBeartas Dramhaíola – Lena Chomhairliú* a foilsíodh le déanaí ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Chun na torthaí sin a bhaint amach ní mór acmhainní cuí a chur ar fáil atá i gcomhréir le scála na ceiste agus go bhfreagraíonn páirtithe leasmhara/imreoirí earnála ábhartha go dearfach do na dúshláin. Deirtear sa doiciméad beartais dramhaíola *"Cuirfear acmhainní ar fáil i gcomhair an Phlean Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl mar is gá, chun laghduithe ar an méid dramhaíola a eascraíonn in Éirinn a chur chun tosaíocht, d'fhonn cur lena baineadh amach go nuige seo. Go háirithe, de réir an tábhachta a shanntar don chosc sa Chreat-Treoir Dramhaíola leasaithe, oibreoidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in éineacht leis an GCC, a chuireann an clár ar fáil, agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad chun réimse éifeachtach beart a dhearadh a thacóidh leis na teaghlaigh agus leis na gnólachtaí sin atá ag iarraidh an méid dramhaíola iarmharaí a chruthaíonn siad a laghdú".*

Leanfaidh an Chroífhoireann Coiscthe dá cuid oibre i gcomhar leis na himreoirí ar fad a bhaineann le hábhar chun meon coiscthe dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainne a fhorbairt go leanúnach i sochaí na hÉireann. Ach na hacmhainní iomchuí a bheith ann agus rannpháirtíocht thoilteanach na bpáirtithe leasmhara ar fad, cinnteoidh an fhorbairt leanúnach ar an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil seo go ndéanfaidh Éire dul chun cinn maith maidir le hÉifeachtúlacht Úsáid Acmhainní. Sin rud a chuirfidh leis an gcumas iomaíochta náisiúnta agus leis an dul chun cinn maidir leis na cláir

oibre beartais faoin nGeilleagar Glas, faoi Athrú Aeráid agus faoin Tomhaltas agus Táirgiúlacht Inbhuanaithe in Éirinn.

Príomhchócaire teilifíse agus príomhchócaire/dílseánach Óstán agus Bialann Teach Tuaithe Dhún Bróithe, Kevin Dundon ag ullmhú béile íseal dramhaíola ag imeacht um chosc dramhaíola i rith Sheachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola 2009.

Aguisín A
Ionadaithe an Choiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

Ionadaí	Eagraíocht
An Dr. Gerry Byrne, Cathaoirleach	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
An tUas. Ronan Mulhall / An tUas. Pat Fenton / Bean Jean Clarke	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An tUas. Tom Quinlivan	An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
Bean Nina Brennan	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Ainmniúchán iarrtha	Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae
An tUas. Conor Gouldsbury	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
An tUas. Brendan Keane	Cumann Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann
An tUas. Enda Kiernan	Institiúid Cairte na Bainistíochta Dramhaíola
Bean Marian Byron	Cumann Táirgí Tionsclaíochta na hÉireann
An tUas. Des Cummins	Comhlachas na nGnólachtaí Beaga
An tUas. Andrew Cartwright	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann
An tUas. Michael Gillen	Cógaisíocht agus Ceimiceáin Éireann
An tUas. Thomas Ryan	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
An tUas. Fred McDarby	Fiontraíocht Éireann
An Dr. Cathy Maguire	Comhar
An tUas. Noel Duffy / An tUas. Tadhg Coakley	Ionad na Teicneolaíochta Glaine
An tUas. Frank Corcoran	ENRanna Comhshaoil
An tUas. Paul Jevens	Comhlachais Tráchtála na hÉireann
Ainmniúchán iarrtha	Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann
An tUas. Jonathan Healy	Forfás
An tUas. Helen Maher	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
An tUas. Brendan McDonagh	Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann

Aguisín B
Téarmaí Tagartha an Choiste

Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl
TÉARMAÍ TAGARTHA

- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl;
- Monatóireacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm a dhéanann na húdaráis phoiblí ábhartha ar mholtaí an Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramháil Ghuaiseach;
- Treoir straitéiseach agus comhairle a thabhairt don Chroífhoireann Coiscthe faoi mar is féidir an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a fhorbairt agus a chur chun cinn;
- Ionchur a sholáthar don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun críche ailt 26(6) den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996;
- Bearta tosaíochta a aithint agus moltaí a dhéanamh leis na húdaráis phoiblí agus leis na comhlachtaí príobháideacha ábhartha;
- Moltaí a bhreithniú agus a dhéanamh leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le tionscnaimh bheartais agus reachtaíochta chuí;
- Aird a thabhairt ar an mbeartas agus ar an reachtaíocht náisiúnta, Aontais Eorpaigh agus idirnáisiúnta agus ar an dea-chleachtas maidir le cosc na dramhaíola agus bainistíocht na dramhaíola guaisí;
- An comhordú agus an t-idirchaidreamh idir na comhlachtaí ábhartha, idir phoiblí agus phríobháideacha, a éascú, a neartú agus a chur chun cinn maidir leis an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus leis an bPlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach;
- Moltaí a bhreithniú agus a dhéanamh leis na comhlachtaí ábhartha maidir leis na ceanglais a bhaineann leis an bhfeasacht phoiblí i dtaca leis an dramhaíl ghuaiseach agus le cosc na dramhaíola;
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thaighde agus ar shonraí úra faoin gcosc ar dhramhaíl, faoi threochtaí i ngineadh na dramhaíola guaisí agus neamhghuaisí agus faoi na cleachtais i mbainistíocht na dramhaíola;
- Moltaí a bhreithniú agus a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi thosaíochtaí taighde;
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtionscnamh earnála maidir le freagracht ar an táirgeoir;
- Eolas a scaipeadh faoin dea-chleachtas i gcosc dramhaíola agus i mbainistíocht dramhaíola guaisí;
- Moltaí a bhreithniú agus a dhéanamh le comhlachtaí ábhartha maidir le maoiniú a sholáthar chun tacú le cur i bhfeidhm an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus an Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach; agus
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Chomhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ina dtugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le cur i bhfeidhm an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus an Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach.

Aguisín C

Creat-Treoir Dramhaíola Iarscríbhinn IV: Samplaí de Bhearta Coiscthe Dramhaíola

Samplaí de bhearta coiscthe dramhaíola dá dtagraítear dóibh in Alt 29 den Chreat-Treoir Dramhaíola	**Roinnt freagairtí go nuige seo ag an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus ag Beartais eile**
Bearta ar féidir leo tionchar a bheith acu ar na coinníollacha ginte dramhaíola sa chreat	
1. Bearta pleanála nó ionstraimí geilleagracha eile a úsáid chun úsáid éifeachtúil acmhainní a chur chun cinn.	D'fhéadfadh coinníollacha a bheith ag gabháil le ceadanna pleanála a chuireann de cheangal ar fhorbróirí pleananna um chosc dramhaíola a ullmhú i gcomhair na ngníomhaíochtaí ceadaithe a bhaineann le dramhaíl T&S. Tuairiscítear gur laghdaigh leathnú an chórais íoc mar a úsáidtear méid na dramhaíola teaghlaigh a fhágtar amach ag colbha an chosáin. Ní chruthaíonn an anailís, áfach, pé acu an fíorlaghdú ar dhramhaíl teaghlaigh is bun leis sin, nó méadú ar úsáid áiseanna eile diúscartha dramhaíola. Molfar sa CNCD úsáid a bhaint as ionstraimí pleanála agus geilleagracha, más gá, chun athrú a thabhairt i gcrích in earnálacha áirithe.
2. Taighde agus forbairt a chur chun cinn i réimsí a bhaineann le táirgí agus le teicneolaíochtaí níos glaine a chruthú, lena mbaineann níos lú dramhaíola, agus torthaí an taighde agus na forbartha sin a scaipeadh agus a úsáid.	Déileáiltear leis an topaic sin go háirithe sa Chár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise de chuid an chláir GCC STRIVE. Chomh maith leis sin, tá maoiniú á sholáthar mar chuid den CNCD agus déantar iarracht ann na torthaí agus na cinntí a chur i bhfeidhm, agus cás-staidéir ábhartha a scaipeadh, i gcás na dtionscadal ábhartha ar fad, m.sh. Dámhachtaíní um Fháilteachas Glas agus Cúram Sláinte Glas a d'eascair as tionscadal CTGG roimhe seo.
3. Táscairí éifeachtacha suntasacha a fhorbairt maidir leis an mbrú comhshaoil a bhaineann le gineadh dramhaíola, díríthe ar cabhrú le cosc dramhaíola ar gach leibhéil, ó chur i gcomparáid táirgí ar leibhéal an Phobail go dtí gníomhartha ag údaráis áitiúla agus bearta náisiúnta.	Tá bealaí insuite i ngach tionscadal CNCD chun a dtionchar a thomhas maidir le coigiltí acmhainne. Tógann sé achar ama táscairí coiscthe a fhorbairt agus déanfar iad a dtuairisciú chomh luath is a bheidh siad ar fáil (féach spriocanna agus táscairí). Tá eolas á sholáthar maidir leis seo ag an gCroífhoireann Coiscthe ar leibhéal Choiste Comhairleach Teicniúil an AE. Tá an cosc á chur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla tríd an Líonra um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla.
Bearta ar féidir leo tionchar a bheith acu ar na céimeanna dearaidh, táirgthe agus scaipthe	
4. Éicidhearadh a chur chun cinn (comhtháthú córasach gnéithe comhshaoil i ndearadh táirgí, d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmíocht an táirge ar feadh a shaolré ar fad ó thaobh an chomhshaoil de).	Cuirfear éicidhearadh chun cinn sna réimsí seo a leanas tríd an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl: • An Clár Coiscthe Pacáistíochta; • Tionscadail CTGG de chuid GCC STRIVE a bhaineann le héicidhearadh táirge/próisis/seirbhíse tríd an gclár um Ghnó Glas; • dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (trí threoracha DTLL agus ROHS); • ceallraí; • péinteanna maisiúla; • Feithiclí a bhfuil a Ré Caite; • Treoir um Tháirgí a Úsáideann Fuinneamh á tuar Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann tacaíocht i gcomhair fiontar trí chláir lena n-áirítear *Táirgí Níos Fearr Don Chomhshaol*.

5. Eolas maidir le teicnící coiscthe dramhaíola a sholáthar, d'fhonn cabhrú le lucht tionscail na teicnící infhaighte is fearr a chur i bhfeidhm.	Gné bhunúsach den cheadúnú CRCT is ea TIF. Is féidir cur i bhfeidhm follasach a chur ar chosc dramhaíola trí cheadúnú CRCT áfach. Is féidir é sin a bhaint amach trí chur chuige um Ghnó Glas a chur i bhfeidhm maidir le cuideachtaí ceadúnaithe a thacaíonn lena bhfeabhsúcháin éifeachtúlacht acmhainne, feabhsúcháin a dtuairiscítear trína dTuarascálacha Bliantúla Comhshaoil. Soláthar eolais agus taispeántas/treoir dea-chleachtais a bhunú, is gnáthuirlisí iad i gcás gach tionscadal CNCD, treoir chlóite agus ar líne san áireamh.
6. Oiliúint a chur ar údaráis inniúla maidir le ceanglais coiscthe dramhaíola a ionsá i gceadúnais faoin Treoir seo agus faoi Threoir 96/61/CE.	Tá Aonad Ceadúnaithe Chomhshaoil agus Oifig Forfheidhmiúcháin Chomhshaoil an GCC, faoi seach, freagrach as ceadúnais CRCT/dramhaíola a cheapadh agus as na coinníollacha atá iontu a fhorfheidhmiú. Chomh maith leis sin, soláthraítear oiliúint ar an gcosc do na húdaráis áitiúla faoin gclár LCÚÁ agus do ghnólachtaí faoin gClár Coiscthe Pacáistíochta.
7. Bearta coiscthe táirgthe dramhaíola a thabhairt isteach in ionaid nach bhfuil clúdaithe ag an Treoir 96/61/CE. D'fhéadfadh na bearta sin measúnuithe nó pleananna coiscthe dramhaíola a chuimsiú, más cuí.	Aghaidh tugtha air ag na tionscadail seo a leanas: Gnó Glas, Táirgeadh Níos Glaine Níos Glaise, Miondíol Glas, Cúram Sláinte Glas agus Dámhachtainí um Fháilteachas Glas. Baineann measúnuithe ar éifeachtúlacht acmhainne agus pleananna feabhsúcháin le gach tionscadal, a ndéantar athmheasúnú orthu ina dhiaidh sin sa chuid is mó de chásanna. Cur chuige forfheidhmithe ginearálta san earnáil, tionscadail thrimghlantacháin agus athbhailchríochnaithe (CCI) san áireamh. Rinneadh obair áirithe le Garáistí FBM agus le feirmeacha chun a bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú.
8. Úsáid feachtas feasachta nó tacaíocht airgeadais nó tacaíocht eile a sholáthar do ghnólachtaí, nó cabhair maidir le cinntí a ghlacadh. Is féidir éifeacht ar leith a bheith ag baint le bearta mar sin, ach iad a bheith áirithe ar nó curtha in oiriúint d'fhiontair bheaga agus mhéanmhéide agus iad ag obair trí líonraí seanbhunaithe gnó.	Aghaidh tugtha air ag na tionscadail seo a leanas: Gnó Glas, Cosc Pacáistíochta agus Dámhachtainí um Fháilteachas Glas agus ag cur chuige earnála i gcoitinne. Soláthraíonn Clár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise de chuid an GCC tacaíocht airgeadais do ghnólachtaí rannpháirteacha. Úsáidtear líonraí atá bunaithe cheana féin, Comhlachais Tráchtála agus Ceoldráma Féile Loch Garman san áireamh. Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann tacaíocht airgeadais chomh maith agus is óstach í don láithreán gréasáin Envirocentre.ie.
9. Comhaontuithe deonacha, painéil tomhaltóirí/táirgeoirí nó idirbheartaíocht earnála a úsáid, ionas gur féidir le gnólachtaí agus le hearnálacha tionsclaíocha a bhaineann le hábhar a bpleananna nó a gcuspóirí coiscthe dramhaíola féin a chruthú agus táirgí nó pacáistíocht a bheadh diomailteach a cheartú.	Aghaidh tugtha air ag na tionscadail seo a leanas: greenbusiness.ie agus Dámhachtainí um Fháilteachas Glas agus ag cur chuige earnála i gcoitinne. Tá an CNCD agus an earnáil Cógaisíochta agus Ceimiceán ag obair le chéile chun bainistiú tuaslagóirí a fheabhsú. D'oibrigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le Repak Teo. chun teacht ar chomhaontú earnála miondíola a laghdódh úsáid na pacáistíochta, agus leis an gComhairle Náisiúnta ar an Dramhaíl Tógála agus Scartála ar thionscnamh deonach tionscail chun athchúrsáil na dramhaíola T&S a uasmhéadú. Tá seans mór ann go gcuirfear an tionscadal um Chúram Sláinte Glas agus an tionscadal um Miondíol Glas ar fáil go céimneach, le himeacht ama, do mhórchuid eagraíochtaí, mar a cuireadh Fáilteachas Glas ar fáil.

10. Córais inchreidiúnaithe a chur chun cinn maidir le cúrsaí comhshaoil a bhainistiú, EMAS agus ISO 14001 san áireamh.	Ní mór do cheadúnaithe córas bainistíochta comhshaoil a fhorbairt chun ceadúnais CRCT agus dramhaíola a fháil ón GCC. Tá an caighdeán ISO 14001 curtha i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí ag GCC Loch Garman agus ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath. Córas leanúnach feabhsaithe atá sna Dámhachtainí um Fháilteachas Glas, atá bunaithe ar chóras bainistíochta comhshaoil agus é ailínithe leis an éicilipéad Eorpach Bláth. Cuireann comhlachtaí forbartha tionsclaíochta eile (Fiontraíocht Éireann san áireamh) córas bainistíochta comhshaoil chun cinn i ngnólachtaí FBM, agus soláthraíonn siad tacaíocht lena chur i bhfeidhm ar leibhéal na bhfiontar.
Bearta ar féidir leo tionchar a bheith acu ar na céimeanna tomhaltais agus úsáidte	
11. Ionstraimí geilleagracha, mar shampla, dreasachtaí i dtreo ceannachán glasa nó íocaíocht éigeantach a ghearradh ar thomhaltóirí as earra áirithe nó gné áirithe pacáistithe, a bheadh saor in aisce, mura mbeadh an íocaíocht sin ann.	Sa bhliain 2010, chuaigh an Roinn Comhshaoil i mbun comhairliúcháin maidir leis an Soláthar Poiblí Glas, rud ar chóir spreagadh a thabhairt do dhaoine breise táirgí agus seirbhísí níos glaine a roghnú. Samplaí de bhearta den chineál sin is ea an tobhach ar mhálaí plaisteacha, cáin ar líonadh talún, Cáin Chláraithe Feithiclí atá bunaithe ar astaíochtaí carbóin agus ciste athchúrsála na dtáirgeoirí (DTLL). Tá an Roinn ag breithniú ar mheicníochtaí aisíocaíochta éarlaise i gcomhair pacáistíochta san athbhreithniú idirnaisiúnta ar bhainistiú dramhaíola agus ar an Dréacht-Bheartas Dramhaíola atá ar siúl faoi láthair.
12. Úsáid a baint as feachtais feasachta agus as soláthar eolais díríthe ar an bpobal i gcoitinne nó ar dream sonraithe tomhaltóirí.	Tá a chuid oibre á cur in iúl fós ag CNCD tríd a pháirtithe leasmhara agus trí lucht éisteachta ginearálta (m.sh. cláir teilifíse Ecoeye agus an obair a dhéantar le Carr Communications). Is é is aidhm don tionscadal CNCD Stopfoodwaste.ie eolas a sholáthar do na húdaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne maidir le cosc dramhbhia agus le múiríniú. Tá feachtas feasachta substaintiúil beartaithe don tionscadal stopfoodwaste.ie. Moltar sa Chlár Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach eolas a sholáthar do thomhaltóirí maidir le dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh a chosc agus a dhiúscairt. Tá sé sin á chur ar aghaidh tríd an tionscadal um Theaghlaigh Glasa. Cuireadh deireadh leis an obair a bhí á déanamh don fheachtas An Rás in Aghaidh na Dramhaíola sa bhliain 2006. Cuireadh na feachtais change.ie agus cumhacht dhuine amháin (ina ndírítear ar an athrú aeráide go príomha) i gcrích.
13. Éicilipéid inchreidiúnaithe a chur chun cinn.	Córas leanúnach feabhsaithe atá sna Dámhachtainí um Fháilteachas Glas, atá bunaithe ar chóras bainistíochta comhshaoil agus é ailínithe leis an éicilipéad Eorpach Bláth. Tá na dámhachtainí sin á leathnú chuig fiontair lónadóireachta agus chuig fiontair fáilteachais eile. Tá éicilipéid á bhforbairt i gcomhair gnólachtaí FBM, mar chuid den chlár €concertive, bunaithe ar R-thionscadal Mhaigh Chromtha.
14. Comhaontuithe le lucht tionscail, mar shampla, painéil táirgí a úsáid mar na cinn atá á reáchtáil laistigh den chreat um Beartais Chomhtháite Táirgí nó le miondíoltóirí maidir leis an eolas coiscthe dramhaíola a bhíonn ar fáil, mar aon le táirgí a mbíonn tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol.	D'fhéadfaí tionscnamh den sórt seo a fhorbairt trí chur chuige earnála um Ghnó Glas. Uirlisí bailí is ea na bearta sin ar fad chun déileáil leis na hearnálacha tionsclaíochta. Cuireadh tús le tionscadal um Miondíol Glas.

15. I gcomhthéacs soláthair phoiblí agus chorparáidigh, critéir chomhshaoil agus coiscthe dramhaíola a chomhtháthú i nglaonna ar thairiscintí agus i gconarthaí, ag teacht leis an Lámhleabhar a bhaineann le soláthar poiblí ó thaobh an chomhshaoil de a d'fhoilsigh an Coimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2004.	Sa bhliain 2010, chuaigh an Roinn Comhshaoil i mbun comhairliúcháin maidir leis an Soláthar Poiblí Glas, rud ar chóir spreagadh a thabhairt do dhaoine breise ar fud na tíre táirgí agus seirbhísí níos glaine a roghnú. Sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach, moltar go nglacfadh an Rialtas ról ceannais chun meicníochtaí a fhorbairt, ina leagtar síos spriocanna agus táscairí maidir le soláthar poiblí glas. Ba chóir go mbeadh ionchur sa tionscnamh sin ag an nGrúpa Forbartha Margaidh chomh maith maidir le dramhaíl in-athchúrsáilte a úsáid i gcomhair tionscadal bonneagair phoiblí agus tionscadal eile.
16. Athúsáid agus/nó deisiú táirgí caite iomchuí nó a gcomhpháirteanna a chur chun cinn, go háirithe trí úsáid a bhaint as bearta oideachasúla, geilleagracha nó lóistíocha nó as bearta eile, mar shampla, ionaid agus líonraí creidiúnaithe deisiúcháin agus athúsáidte a chur ar bun nó tacú leo, go háirithe i réigiúin ina bhfuil dlús mór daonra.	Tá roinnt láithreán gréasáin malartaithe á bhfeidhmiú, www.freetradeireland.ie san áireamh. Tá tacaíocht á soláthar ag CNCD trí R-thionscadal Mhaigh Chromtha (SMILE) do thionscadal malartaithe dramhaíola atá dírithe go sonrach ar ghnólachtaí. Tá GCC STRIVE ag tacú le tionscadal ATH-Mheasúnaithe, a dhéanann iarracht athúsáid a bhaint as DTLL. Tacaíonn tionscnamh Athaimsithe Bhaile Munna le gnó athchóirithe troscán. Tá roinnt fiontar sóisialta ann a dhéanann athchóiriú ar threalamh leictreach agus ar ábhar eile le cur ar díol in athuair. Tá CNCD ag tacú le líonra nua a fhorbairt do na heagraíochtaí athúsáidte seo go léir (Líonra Athúsáide Pobail). Thug an CNCD tacaíocht roimhe seo do Schoolbookexchange.ie. Tá prótacal d'athúsáid DTLL á fhorbairt ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Aguisín D
Acmhainní Idirlín um Chosc agus Threoir

Seoladh Idirlín	Príomhábhar
www.batteries-enforcement.ie	Treoir agus eolas GCC maidir le comhlíonadh na Rialachán um Cheallraí (IR Uimhreacha 268 agus 556 de 2008)
www.cleanerproduction.ie	Cás-staidéir agus eolas maidir leis an gClár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise GCC/STRIVE
www.decopaints.ie	Treoir agus eolas GCC maidir le comhlíonadh na Rialachán um Péinteanna Maisiúla (IR Uimhir 199 de 2007)
www.elvecodesign.ie (i mbun forbartha)	Treoir agus eolas GCC maidir le comhlíonadh na gceanglas éicidhearaidh sna Rialacháin um Fheithiclí a bhfuil a Ré Caite (IR Uimhir 282 de 2006)
www.epa.ie/whatwedo/resource/hazardous	Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach de chuid an GCC agus an treoir/an t-eolas a bhaineann leis
www.envirocentre.ie	An láithreán gréasáin atá ag Fiontraíocht Éireann, ina ndírítear ar cabhair a thabhairt do FBManna maidir lena n-oibleagáidí comhshaoil agus ar a n-éiciéifeachtúlacht agus a gcumas iomaíochta a fheabhsú
www.fgases.ie	Treoir agus eolas GCC maidir le comhlíonadh an Rialacháin um Gháis Cheaptha Teasa Fhluairínithe 842/2006
www.freetradeireland.ie	Láithreán gréasáin atá maoinithe go poiblí a chuireann ar chumas teaghlach agus gnólachtaí táirgí athláimhe a thabhairt mar bhronntanas do dhaoine eile i gcomhair athúsáide saor in aisce
www.ghaward.ie or www.greenhospitality.ie	Eolas agus treoir tionscadail GCC CNCD maidir le conas is féidir le heagraíochtaí sna hearnálacha fáilteachais, ócáide agus lónadóireachta airgead a choigilt trína gcuid dramhaíola a laghdú agus uisce agus fuinneamh a choigilt
www.greenbusiness.ie	Eolas agus treoir tionscadail GCC CNCD maidir le conas is féidir le heagraíocht ar bith airgead a choigilt trína cuid dramhaíola a laghdú agus fuinneamh agus uisce a choigilt
www.greenhealthcare.ie (i mbun forbartha)	Eolas agus treoir tionscadail GCC CNCD maidir le conas is féidir le heagraíochtaí san earnáil cúram sláinte airgead a choigilt trína gcuid dramhaíola a laghdú agus uisce agus fuinneamh a choigilt
www.greenhome.ie	Eolas agus treoir GCC CNCD/An Taisce maidir le conas is féidir le duine ar bith airgead a choigilt trí dhramhaíl a laghdú agus a mhúiríniú, uisce agus fuinneamh a chaomhnú agus dul i mbun taistil i slí níos inbhuanaithe.
www.greenschoolsireland.org	Eolas maidir le clár na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce, a bhfuil ag éirí go hiontach leis

www.hazred.org.uk	Eolas, treoir agus cás-staidéir ó Ghníomhaireacht Chomhshaoil an RA maidir le cosc na dramhaíola guaisí i FBManna, ag eascairt as tionscadal AE/*Life* a cuireadh i gcrích sa bhliain in 2007
www.lapd.ie and www.ctc-cork.ie/lapd	Eolas maidir le Clár Taispeántais Coiscthe GCC CNCD na nÚdarás Áitiúil
www.lapn.ie and www.localprevention.ie	Eolas maidir leis an Líonra um Chosc do na hÚdaráis Áitiúla de chuid an GCC CNCD
www.macroom-e.com	Páirc tionscail is ea R-thionscadal Mhaigh Chromtha atá bunaithe ar phrionsabail chomhshaoil agus a bhfuil réimse éicithionscadal for-rochtana ar siúl aige, a fhaigheann tacaíocht ó GCC CNCD agus STRIVE
www.managewaste.ie	Treoir maidir le cosc arna forbairt ag Foireann Coiscthe CNCD Luimnigh/an Chláir/Chiarraí faoin LCÚÁ
www.nwpp.ie	An seoladh gréasáin baile ag Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl de chuid an GCC
www.ozone.ie	Treoir agus eolas GCC maidir le comhlíonadh na reachtaíochta a bhaineann le Substaintí Ídithe Ózóin (Rialacháin CE 2037/2000 agus 1005/2009 agus IR Uimhir 281 de 2006)
www.pcbs.ie	Treoir agus eolas GCC maidir le comhlíonadh na reachtaíochta a bhaineann le Défheinilí Polaclóirínithe (Treoir ón gComhairle 96/59/CE agus IR Uimhir 163 de 1998)
www.pops.ie	Treoir agus eolas GCC maidir le comhlíonadh na reachtaíochta a bhaineann le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (Rialachán CE 850/2004 agus IR Uimhir 235 de 2010)
www.preventandsave.ie	Eolas, treoir agus cás-staidéir Repak Teo/CNCD maidir le conas is féidir le heagraíochtaí i slabhra an tsoláthair táirgí airgead a choigilt trína bpacáistíocht a bharrfheabhsú
www.reevaluate.ie	Tionscadal a fhaigheann tacaíocht ó GCC STRIVE, ina ndéantar taighde ar athúsáid an trealaimh chaite leictrigh agus leictreonaigh
www.rohs.ie	Treoir agus eolas GCC i ndáil le comhlíonadh na Rialachán maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha (i dtrealamh leictreach/leictreonach) (IR Uimhir 341 de 2005 agus IR Uimhir 376 de 2008)
www.seai.ie	An láithreán gréasáin ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, trína bhfuil treoir, eolas agus deontais ar fáil maidir le tomhaltas fuinnimh a laghdú agus aistriú go dtí foinsí in-athnuaite
www.schoolbookexchange.ie	Láithreán gréasáin atá díríthe ar athúsáid téacsleabhar scoile agus coláiste
www.solvents.ie	Treoir agus eolas GCC maidir le comhlíonadh an Rialacháin um Thuaslagóirí (IR Uimhir 543 de 2002)
www.stopfoodwaste.ie	Eolas agus treoir GCC CNCD maidir le conas is féidir le duine ar bith airgead a choigilt trí dhiomailt bia a laghdú
www.taptips.ie	Láithreán gréasáin atá maoinithe go poiblí agus a thugann eolas agus leideanna do shealbhóirí tí agus do ghnólachtaí maidir le conas is féidir leo a dtomhaltas uisce a laghdú
www.vehiclerefinishers.ie	Treoir agus eolas GCC maidir le comhlíonadh an Rialacháin um Péinteanna Maisiúla (IR Uimhir 199 de 2007)

www.wastematchers.com	Láithreán gréasáin arna fhorbairt ag R-thionscadal Mhaigh Chromtha chun a chur ar chumas daoine agus gnólachtaí eolas a mhalartú maidir le táirgí athláimhe nó gan iarraidh, fotháirgí nó acmhainní dramhaíola
www.wastereport.ie	Tuarascálacha Náisiúnta bliantúla an GCC ar an Dramhaíl agus an treoir/an t-eolas a bhaineann leo
www.weee-enforcement.ie	Treoir agus eolas GCC maidir le comhlíonadh an Rialacháin um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (IR Uimhir 199 de 2007)